

**Teangacha dúchasacha i gcuraclam an mheánoideachais shinsearaigh:
peirspictíochtaí ó dhlínsí ina bhfuil próifílí teangeolaíocha comhchosúla
lena bhfuil le fáil in Éirinn**

Taighde Deisce don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

Aibreán 2024

Sharon O'Donnell Taighde Deisce um Oideachas

SharonOD61@outlook.com

1.	Réamhrá	4
2.	Achoimre ar na torthaí	6
2.1	An comhthéacs reachtach	6
2.2	Comhthéacs agus réasúnaíocht: pleananna, straitéisí agus beartais don teanga dhúchais	6
2.3:	Aidhmeanna agus cuspóirí: aird ar dhátteangachas/ilteangachas agus ar chultúr	8
2.4	Conairí/cláir foghlama agus samhlacha soláthair	9
2.5	Measúnú i dteangacha dúchasacha	13
2.6	Creataí chun tacú le múineadh agus foghlaim na teanga dúchais	14
2.7	Meicníochtaí cumasúcháin	16
2.8	Oideolaíocht	16
2.9	Forbairtí reatha	18
3.	Faisnéis faoi dhlínsí aonair	19
3.1:	Teangacha dúchais sa churaclam: An Fhraincis i gCeanada	19
3.2:	Teangacha dúchais sa churaclam: An tSualainnis san Fhionlainn	29
3.3	Teangacha dúchais sa churaclam: An Ghaeilge in Éirinn	35
3.4:	Teangacha dúchais sa churaclam: An Mháltais i Málta	45
3.5:	Teangacha dúchais sa churaclam: An Fhreaslainnis san Ísiltír	51
3.6:	Teangacha dúchais sa churaclam: An Mhaorais sa Nua-Shéalainn	58
3.7	Teangacha dúchais sa churaclam: An Bhascais sa Spáinn	67
3.8	Teangacha dúchais sa churaclam: An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag	74
4.	Eolas grinnscrúdaithe	87
4.1:	Grinnscrúdú ar staidéar na Breatnaise mar theanga dhúchais sa mheánoideachas sinsearach, 16-18 mbliana d'aois: A-leibhéal na Breatnaise mar chéad teanga	87
4.2	'Grinnscrúdú' ar staidéar na Breatnaise mar theanga dhúchais sa mheánoideachas sinsearach, 16-18 mbliana d'aois: A-leibhéal na Breatnaise mar dhara teanga	100
4.3	'Grinnscrúdú' ar staidéar na Maoraise sa mheánoideachas sinsearach, 15-18 mbliana d'aois: an Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais	116
5.	Tagairtí	129

1. Réamhrá

Arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), déantar iniúchadh san athbhreithniú mear seo ar fhianaise ar fhorbairt curaclam le haghaidh teangacha dúchasacha i ndlínsí ina bhfuil próifíl teangacha chomhchosúil le ceann na hÉireann, agus scrúdú á dhéanamh ar a shamhlacha soláthair agus na creataí a úsáidtear.

Rinneadh athbhreithniú sa taighde deisce ar dhoiciméid a bhí ar fáil go poiblí maidir leis an mbeartas chun na teangacha seo a leanas¹ a mhúineadh agus a fhoghlaim:

- An Fhraincis i gCeanada
- An tSualainnis san Fhionlainn
- An Ghaeilge in Éirinn
- An Mháltais i Málta
- An Fhreaslainnis san Ísiltír
- An Mhaorais sa Nua-Shéalainn
- An Bhascais sa Spáinn, agus
- An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag.

Dírítear den chuid is mó ar an meánscolaíocht shinsearach (aois 14+), ach áirítear faisnéis chomhthéacsúil d'aoiseanna/do chéimeanna den oideachas ann de réir mar is ábhartha.

In Éirinn, bhain ceann de na príomhcheisteanna ag teacht ón [*Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta*](#) (CNCM, 2023) le samhail an tsoláthair curaclaim í féin. Ní mór ceisteanna mar sin a phlé go mionsonraithe, ó pheirspictíocht an oideachais agus i gcomhthéacs níos leithne thodhchaí na Gaeilge. Mar fhreagairt ar an aiseolas ón gcomhairliúchán, thug CNCM tús áite don taighde breise lena fháil amach an cur chuige a ghlacann dlínsí eile ag a bhfuil próifíl teangacha chomhchosúil le hÉirinn i leith an tsoláthair curaclaim le haghaidh teanga dhúchais is dara teanga. Féadfaidh an taighde sin, i dteannta phléití agus chomhairliúchán breise le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, páirtithe leasmhara na Gaeilge, eagraíochtaí agus lucht ceaptha beartais, cur leis an smaointeoireacht maidir le bealaí féideartha chun cinn.

Rinneadh iniúchadh sa taighde deisce ar mhúineadh agus foghlaim teangacha dúchais sa churaclam trí [*Curaclam Akker: Gréasán an churaclaim*](#) a úsáid mar threoraí. Tugadh sracfhéachaint inti ar an gcomhthéacs agus réasúnaíocht do mhúineadh na teanga dúchais; mar atá aidhmeanna, cuspóirí agus eagrú, áit na teanga sa churaclam; inneachar an churaclaim; measúnú, creataí/tagarmharcanna atá i bhfeidhm; agus fachtóirí cumasúcháin chun teanga a mhúineadh agus a fhoghlaim (oideolaíocht, ról an mhúinteora, ábhair agus acmhainní).

Tugtar faisnéis barrleibhéil sa tuarascáil taighde seo le haghaidh gach ceann de na dlínsí mar fhreagairt ar na seacht gceist taighde a leanas:

¹ Tugtar naisc laistigh den téacs leis na príomhfhoinsí faisnéise, i dteannta liosta tagartha mionsonraithe ar na foinsí a ceadaíodh.

1. **Comhthéacs agus réasúnaíocht:** Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na teanga dúchais sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
2. **Aidhmeanna agus cuspóirí:** Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na teanga dúchais sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
3. **Suíomh na teanga dúchais:** Cad é suíomh na teanga dúchais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an teanga dúchais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?
4. **Creataí/tagarmharcanna atá i bhfeidhm:** Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus le foghlaim na teanga dúchais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Fráma Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha, FTCE)?
5. **Ábhar an churaclaim:** Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na teanga dúchais (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na teanga dúchais; leithdháileadh ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta don fhoghlaim teanga?
6. **Measúnú** Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an teanga dhúchais (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaim teanga)?
7. Cad iad na **fachtóirí cumasúcháin** do mhúineadh agus foghlaim na teanga dúchais sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na teanga dúchais; cad iad na príomhghnéithe d'oideolaíocht na teanga dúchais; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na teanga dúchais?

An tuarascáil agus a hinneachar

Cuid 1, an réamhrá, ina leagtar amach na dlínsí agus an mhodheolaíocht a bhaineann leis an gcleachtadh scóipe tosaigh. Cuid 2, ina dtugtar achoimre ar na príomhthorthaí ar fud na ndlínsí éagsúla i bhformáid tháblaithe, agus Cuid 3 ina dtugtar anailís mhionsonraithe ar gach dlínse. Cuid 4, ina dtugtar 'grinnscrúdú' ar dhá dhlínse, an Bhreatain Bheag agus an Nua-Shéalainn. Le gach grinnscrúdú tugtar léargais bhreise ar na nithe seo a leanas: croí-chomhpháirteanna, scrúduithe scríofa, scileanna béil, béaltrialacha, agus úsáid na bpunann, na dtéacsanna agus na teicneolaíochta.

Fainic thábhachtach

Dírítear an staidéar ar mhúineadh agus foghlaim na teanga dúchais í féin, seachas ar mhúineadh ábhar eile trí mheán na teanga dúchais. Tugadh faoin gcuid ba mhó den obair ar chodanna 1-3 den staidéar idir mí na Samhna 2023 agus mí Feabhra 2024. Tugadh an obair ghrinnscrúdaithe chun críche i mí Aibreán 2024.

2. Achoimre ar na torthaí

2.1 An comhthéacs reachtach

	Ceanada	Le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, bunaítear an Béarla agus an Fhraincis mar theangacha oifigiúla Cheanada.
	An Fhionlainn	Le hAcht na dTeangacha Oifigiúla bunaítear an Fhionlainnis agus an tSualainnis mar theangacha náisiúnta.
	Éire	Tá an Ghaeilge agus an Béarla ina dteangacha oifigiúla. Le hAirteagal 8 den Bhunreacht bunaítear an Ghaeilge mar an chéad teanga oifigiúil.
	Málta	Le hAirteagal 5.1 den Bhunreacht bunaítear an Mháltais mar an teanga náisiúnta. Le hAirteagal 5.2 bunaítear an Mháltais agus an Béarla mar na teangacha oifigiúla.
	An Ísiltír	Maítear in Úsáid Acht Teanga na Freaslainnise gurb iad an Ísiltíris agus an Fhreaslainnis araon na teangacha oifigiúla i gcúige Fryslân (an Fhreaslainn).
	An Nua-Shéalainn	Leis an Acht Maoraise aithnítear an Mhaorais mar theanga oifigiúil.
	An Spáinn	I mBunreacht na Spáinne cuirtear ar chumas na gcomhphobal réigiúnach an teanga áitiúil a fhógairt ina teanga oifigiúil. Aithnítear sa Dlí maidir le hÚsáid na Bascaise a Normalú an ceart a bhíonn ag gach scoláire i dTír na mBascach teagasc a fháil i gceachtar den Bhascais nó den Spáinnis.
	An Bhreatain Bheag	Tá stádas oifigiúil ag an mBreatnais. Le hAcht Teanga na Breatnaise, cuirtear an prionsabal ar bun gur cheart cóir chothrom a thabhairt don Bhreatnais agus don Bhéarla i gcaitheamh ghnó poiblí na Breataine Bige.

2.2 Comhthéacs agus réasúnaíocht: pleananna, straitéisí agus beartais don teanga dhúchais

Ar fud na n-ocht ndlínse, cuirtear an reachtaíocht i bhfeidhm trí raon pleananna, straitéisí agus beartais i leith na teanga dúchais. Féadfaidh siad sin a bheith ina spreagthóir do mhúineadh agus foghlaim na teanga dúchais sna scoileanna.

Déantar achoimre ar shamplaí sa tábla seo a leanas. Tugtar beagán faisnéise breise sa tráchttaireacht ghairid tar éis an tábla ar roinnt acu siúd.

Pleananna, straitéisí agus beartais don teanga dhúchais

Ceanada	An Beartas maidir le hOideachas in British Columbia: aithnítear ann teangacha oifigiúla Ceanada agus go múinfear an Béarla agus an Fhraincis mar chéad teangacha. Beartas 309 New Brunswick: ina leagtar síos caighdeáin chun cláir Fraincise mar dhara teanga a sholáthar i scoilcheantair Bhéarla. Québec: Cairt na Fraincise – lena mbunaítear an Fhraincis mar an chéad teanga oifigiúil in Québec agus an Fhraincis agus an Béarla mar theangacha teagaisc.
An Fhionlainn	An Straitéis le haghaidh Teangacha Náisiúnta na Fionlainne agus Plean Gníomhaíochta le haghaidh Teangacha Náisiúnta na Fionlainne: straitéis agus plean gníomhaíochta chun tacú le dhá theanga náisiúnta inmharthana (an Fhionlainnis agus an tSualainnis).
Éire	Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006: leis seo, leagtar amach cuspóirí maidir leis an nGaeilge a choinneáil mar ábhar scoile éigeantach agus maidir leis an soláthar trí Ghaeilge. Leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, leagtar amach spriocanna chun líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú agus spriocanna maidir leis an tumoideachas i scoileanna. Beartas maidir leis an nGaeltacht Oideachas 2017-2022: cuirtear chun cinn ann an feabhas i scoileanna Gaeilge agus tá tacaíocht ann d'úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta (na réigiúin in Éirinn inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga labhartha, nó inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga labhartha go dtí le déanaí i measc an phobail).
Málta	Framework for the Education Strategy for Malta 2014-2024: cuirtear chun cinn ann máistreacht ar an Máltais agus líofacht agus inniúlacht sa Bhéarla. An Beartas Náisiúnta do Mhúineadh na Máltaise mar Theanga Eachtrach: beartas chun a chinntiú go bhfoghlaimíonn gach aon duine a chónaíonn i Málta an Mháltais agus an Béarla.
An Ísiltír	Plean Teanga na Freaslainnise 2030 (<i>Taalplan Frysk 2030</i>): chun feabhas a chur ar mhúineadh agus foghlaim na Freaslainnise ar scoil sa cheantar Freaslainnise. Is é is aidhm don Chomhaontú Riarthach maidir le Teanga agus Cultúr na Freaslainnise 2019-2023 chun a chinntiú nach mbeidh easpa litearthachta ar aon Fhreaslannach ina dteanga féin faoi 2030.
An Nua-Shéalainn	Straitéis don Mhaorais san oideachas (<i>Tau Mai Te Reo</i>): ina dtacaítear leis an bhfís chun doimhneacht agus leithead na Maoraise san oideachas a sholáthar, agus chun líon na Nua-Shéalannach ag a bhfuil scileanna Maoraise a mhéadú.
An Spáinn	Beartas Teanga don Bhascais san Oideachas: ina bpléitear ról ceannasach an oideachais sa phleanáil teanga i dTír na mBascach.
An Bhreatain Bheag	Straitéis Cymraeg 2050: arb éard is aidhm di milliún cainteoir Breatnaise a bheith ann faoi 2050 agus ina gcuirtear i dtábhacht lárnacht an oideachais don fhís sin.

San Ísiltír, is sa Chomhaontú Riarthach maidir leis Teanga agus Cultúr na Freaslainnise 2019-2023 (idir an rialtas láir agus cúige Fryslân) a leagtar amach aidhmeanna go mbeadh tuilleadh Freaslannach in ann an Fhreaslainnis a thuiscint agus a labhairt agus go mbeidís in ann an Fhreaslainnis a léamh agus a scríobh faoi 2030. Áirítear spriocanna sonracha leis chun feabhas a chur ar mhúineadh agus foghlaim na Freaslainnise i scoileanna. Mar chuid den uailmhian go mbeadh 1 mhilliún cainteoir Breatnaise ann faoi 2050, leagtar amach i straitéis Cymraeg 2050 (an Bhreatnais) sa Bhreatain Bheag spriocanna chun cion gach grúpa scoilbhliana a fhaigheann oideachas trí mheán na Breatnaise a mhéadú de réir a chéile faoi 2050, agus sa Nua-Shéalainn, áirítear leis an straitéis don Mhaorais san oideachas an uailmhian go bhforbródh gach foghlaimeoir leibhéal áirithe scileanna Maoraise, agus go bhforbródh foghlaimeoirí san oideachas trí mheán na Breatnaise leibhéal an-ard d'inniúlacht sa Mhaorais. In Éirinn, áirítear leis an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 an cuspóir foriomlán chun páirt-tumoideachas a thairiscint do gach scoláire i scoileanna príomhshrutha ina ndéantar staidéar ar an nGaeilge mar chroí-ábhar, agus neartaítear léi an beartas chun an tumoideachas a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge i ngach ábhar seachas an Béarla sna scoileanna Gaeilge.

2.3: Aidhmeanna agus cuspóirí: aird ar dhátheangachas/ilteangachas agus ar chultúr

Sna dlínsí faoi athbhreithniú, is é is aidhm do mhúineadh agus foghlaim na teanga dúchais chun tacú leis an dátheangachas nó leis an ilteangachas, agus is cuid de dhlúith is d'inneach na féiniúlachta cultúrtha iad. I Málta, mar shampla, is é is aidhm don [National Policy for the Teaching of Maltese as a Foreign Language in the Framework of Bilingualism and Plurilingualism](#) chun a chinntiú i gcás daoine a thagann go Málta ó thíortha eile, agus a labhraíonn teanga nó teangacha eile, go bhfoghlaímíonn siad an Mháltais agus an Béarla araon. Is é is aidhm dó sin an sprioc fhoriomlán de 'dhátheangachas cothrom' a chinntiú, agus is é aidhm do mhúineadh agus foghlaim na Máltaise agus a litríochta tríd an mbeartas oideachais dátheangach go bhforbrófaí scileanna teanga agus féiniúlacht Mháltach na ndaoine óga.

Sa Nua-Shéalainn, is tosaíocht don Rialtas í an Mhaorais san oideachas chun go gcuirfí le cosaint ghníomhach na teanga, agus na tairbhí cognaíocha, cultúrtha agus féiniúlachta a thagann ón dátheangachas a fhorbairt. Múintear an Mhaorais do ghrúpa éagsúil scoláirí, lena n-áirítear Maoraigh iad féin atá ag tapú na deise a dteanga agus cultúr oidhreacht a athshealbhú, agus daoine nach Maoraigh iad atá ag cur tús lena n-aistear chun na teanga. I ngach comhthéacs, ceaptar múineadh agus foghlaim na teanga chun comhdhéanamh débhéascna agus dátheangach na tíre a neartú. Foghlaimíonn scoláirí sa Bhreatain Bheag an Bhreatnais chun tacú leis an bhfís go n-éireodh an tír ina náisiún lán-dátheangach, agus in Éirinn, féachtar sna curaclaim iar-bhunscolaíochta le feasacht faoin dátheangachas a chothú.

Tríd an teanga dhúchais a fhoghlaim, is féidir cur freisin leis an ilteangachas agus leis an il-litearthacht², rud a d'fhéadfadh a bheith ríthábhachtach d'ionchais saoil amach anseo. Is í an aidhm i gcúige Fryslân san Ísiltír, mar shampla, a bheith ina chúige ilteangach faoi 2030. Dá bharr sin, tá múineadh agus

² Leathnaítear leis an sainmhíniú traidisiúnta ar an litearthacht le tuiscint ar gach cineál téacsanna físe agus priontáilte a thuiscint chomh maith le naisc théacsúla lena n-áirítear cinn fuaime, spásúla agus gothaí. Cuid mhór den il-litearthacht is ea inniúlacht i dteicneolaíochtaí nua óna dteastaíonn scileanna díchódúcháin an oiread céanna le scileanna léitheoireachta.

foghlaim na Freaslainnise ceaptha lena gcur i gcomhthéacs ilteangach chun scileanna agus inniúlachtaí a thabhairt do scoláirí lena mbaineann tábhacht i saol an domhandúcháin. I dTír na mBascach, féachtar trí mhúineadh na Bascaise, na Spáinnise agus teangacha eile leis an ilteangachas a fhorbairt, go háirithe toisc go mbaineann rithábacht le staidéar ar theangacha do shaol na hoibre agus don ghnáthshaol laethúil.

2.4 Conairí/cláir foghlama agus samhlacha soláthair

Tá samhlacha éagsúla de sholáthar na teanga dúchais le fáil sa mheánoideachas sinsearach ar fud na ndlínsí. Déantar achoimriú ar na samhlacha agus na conairí sa tábla.

Dlínsé	Conairí: aoiseanna agus sprioc(anna) deiridh	Samhlacha an tsoláthair do theangacha dúchais
 Ceanada	14-18 Céimíú ón ardscoil	Conair na Fraincise mar chéad teanga (Frainciseoirí) Conair an tumoideachais Fraincise Conair na Fraincise mar dhara teanga (Béarlóirí)
 An Fhionlainn	15/16-18/19 Céimíú ón ardscoil (conair ghinearálta nó ghairme)	Scoileanna Fionlainnise Scoileanna Sualainnise Roinnt soláthair dhátheangaigh
 Éire	15-17/18 An Ardeistiméireacht (Bhunaithe), Gairmchlár na hArdeistiméireachta (GCAT), An Ardeistiméireacht Fheidhmeach (ATF)	Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ina bhfuil <i>Aonad</i> (Aonad Lán-Ghaeilge) Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge
 Málta	14-16, Teastas Meánoideachais (SEC) 16-18, Teastas Máithreánach	Scoileanna dátheangacha
 An Ísiltír/ Fryslân	15-17/18 VMBO, conair réamhghairme HAVO, conair ghinearálta meánscolaíochta VMBO, conair réamh-ollscolaíochta	Múintear an Fhreaslainnis mar ábhar D'fhéadfaí gurbh í an teanga theagaisc sna luathchéimeanna í
 An Nua-Shéalainn	15-18 An Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA)	Oideachas trí mheán na Maoraise An Mhaorais san oideachas trí mheán an Bhéarla Gan aon oideachas sa Mhaorais

 An Spáinn/Tír na mBascach	16-18/19 Conair ghinearálta acadúil <i>bachillerato</i> nó gairm-mheánscolaíocht shinsearach	Samhail A: An Bhascais mar theanga eachtrach Samhail B: Tumoideachas (leath-Bhascais; leath-Spáinnis) Samhail D: Trí mheán na Bascaise Samhail X: Bascais ar bith
 An Bhreatain Bheag	16, Cáilíocht i dTeastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) 17/18, Cáilíochtaí leibhéal A/AS	Soláthar trí mheán na Breatnaise Soláthar dátheangach/démheáin Soláthar trí mheán an Bhéarla

San Fhionlainn, ní mór do gach scoláire staidéar a dhéanamh ar an máthairtheanga agus ar an dara teanga náisiúnta, m.sh. sa soláthar Fionlainnise déanann scoláirí staidéar ar an bhFionlainnis mar mháthairtheanga agus ar an tSualainnis mar an dara teanga náisiúnta. In Éirinn, is croí-ábhar í an Ghaeilge do gach scoláire a thugann faoin Ardteistiméireacht (Bhunaithe), faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), agus faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)³, ach i Málta, mar arb éigeantach iad an Mháltais agus an Béarla don Teastas Meánscolaíochta (SEC) ag aois 16 bliana, is roghnach iad na teangacha sin le haghaidh an Teastais Mháithreánaigh (aois 18 mbliana).

Sa Nua-Shéalainn, féadann scoláirí a bheith san oideachas trí mheán na Maoraise, ina múintear ábhair an churaclaim sa Mhaorais, go ceann ar a laghad 51 faoin gcéad den am, nó sa Mhaorais san oideachas trí mheán an Bhéarla, ina bhfoghlaimíonn siad an Mhaorais mar ábhar teanga, nó ina múintear ábhair an churaclaim sa Mhaorais dóibh go ceann suas le 50 faoin gcéad den am. Is féidir le foghlaimeoirí aistriú isteach agus amach ó na conairí sin i gcaitheamh a ré oideachais. Is ann don chonair ‘Gan aon oideachas sa Mhaorais’ freisin, ina bhfoghlaimíonn scoláirí focail shimplí, beannachtaí nó amhráin ar a mhéad sa Mhaorais. I dTír na mBascach sa Spáinn freisin, inarb é an soláthar Shamhail D (trí mheán na Bascaise) an ceann is coitianta; is ar éigean atá Samhail X, inarb í an Spáinnis an meán teagaisc agus gan aon Bhascais a bheith i láthair, le fáil ar chor ar bith.

Sa Bhreatain Bheag, cuimsítear leis an gcontanam aonair do mhúineadh na Breatnaise de réir an Churaclaim don Bhreatain Bheag (chuig aois 16 bliana) an Bhreatnais mar chéad teanga, tumoideachas sa Bhreatnais, agus an Bhreatnais mar dhara teanga. In Éirinn, mar a bhfuil sonraíochtaí curaclaim difreáilte le haghaidh sonraíochtaí do scoláirí sa mheánoideachas sóisearach d’aoiseanna 12-15 bliana (T1 le haghaidh cainteoirí teanga dúchais; T2 le haghaidh cainteoirí nach cainteoirí dúchais), cuirtear ar sos curaclam difreáilte idir sonraíochtaí curaclaim T1 agus T2 don Ardteistiméireacht.

Inniúlacht teanga labhartha

Is féidir aird a dhíriú sna cláir teangacha dúchais ar inniúlacht sa teanga labhartha, m.sh. in New Brunswick (Ceanada), in Éirinn, san Ísiltír, sa Nua-Shéalainn agus sa Bhreatain Bheag.

³ I roinnt imthosca eisceachtúla, féadfar díolúine ó staidéar na Gaeilge a dheonú do dhaltá bunscolaíochta nó scoláire iar-bhunscolaíochta. Is faoin mbainistíocht scoile atá an t-údarás díolúine a thabhairt (Foinse: [gov - Apply for an Irish exemption \(www.gov.ie\)](http://gov-apply-for-an-irish-exemption)).

	Ceanada: Tá tionscnamh New Brunswick chun feabhas a chur ar fhoghlaím na Fraincise do scoláirí is Béarlóirí dírithe ar inniúlacht Fraincise ar leibhéal comhrá.
	Éire: Sa Straitéis Fíche Bliain don Ghaeilge, féachtar lena chinntiú go mbeidh athrú ann i dtreo an Ghaeilge mar theanga labhartha.
	An Ísiltír/Fryslân: I gcás foghlaiméoirí na Freaslainnise arb í an dara nó an tríú teanga acu í, leagtar an bhéim ar thuiscint agus ar labhairt na teanga.
	An Nua-Shéalainn: Leagtar béim san ábhar Maoraise ar shealbhú agus feabhsú na hinniúlachta teanga labhartha.
	An Bhreatain Bheag: Cuirtear i dtábhacht sa Churaclam don Bhreatain Bheag foghlaim na Breatnaise mar mheán cumarsáide, go háirithe an chumarsáid béil.

In New Brunswick, is é is aidhm do thionscnamh chun foghlaim na Fraincise a fheabhsú san earnáil Béarlóirí chun a chinntiú go mbaineann gach scoláire amach, ar a íosmhéid, leibhéal comhrá inniúlachta Fraincise faoin am go bhfágann siad an ardscoil. I gcás cainteoirí na Freaslainnise arb í an dara nó an tríú teanga acu í i gcúige Fryslân (san Ísiltír), leagtar an bhéim ar a gcumas i dtuiscint agus i labhairt na teanga, i gcodarsnacht leis an mbéim do chainteoirí dúchais, arb í chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna léitheoireacht agus scríbhneoireachta. Sa Nua-Shéalainn, i gcomhréir le gealltanas an Rialtais chun a chinntiú go mbíonn deis ag gach Nua-Shéalannach an Mhaorais a fhoghlaím agus a labhairt, cuirtear i dtábhacht go mór sealbhú agus feabhsú na hinniúlachta teanga labhartha in ábhar na Maoraise sna scoileanna.

Litríocht sa teanga dhúchais

I gCeanada, san Fhionlainn, in Éirinn, i Málta agus sa Bhreatain Bheag, áirítear leis na cláir shinsearachta teanga an teanga agus an litríochta araon.

Ceanada:	Feasacht faoin litríocht dhomhanda sa Fhraincis
An Fhionlainn:	Staidéar ar ‘máthairtheanga agus litríocht’
Éire:	Áirítear saothair liteartha le Gaeilge na hArdteistiméireachta (prós agus filíocht)
Málta:	Forbraítear an fhéiniúlacht Mháltach leis an staidéar ar theanga agus litríocht
An Bhreatain Bheag:	Is rannchuidiú le gach gné den fhoghlaím faoi theangacha í an fhoghlaím faoin litríocht agus tríd an litríocht

San Fhionlainn, is mar ábhar ildisciplíneach a chuirtear síos ar mháthairtheanga agus an litríocht (Fionlainnis nó Sualainnis) lena mbaineann gnéithe teoiriciúla, praiticiúla agus cultúrtha. Is é is aidhm dó cumas teanga, scileanna idirghníomhaithe agus il-litearthacht scoláirí a fheabhsú, agus a spéis i dteanga,

litríocht agus cineálacha eile cultúir a neartú, chomh maith lena bhfeasacht ar a scileanna a mhéadú mar chumarsáidithe agus úsáideoirí teanga. I Málta, leis an gCreatúraclam Náisiúnta (NCF) (le haghaidh scoláirí d'aois 16 bliana) déantar amach, don Mháltais agus Béarla araon, go léirmhíneofar an nochtadh d'fhoghlaím teanga sa chiall níos leithne agus go n-áirítear an teanga agus an litríocht leis. Maítear sa NCF freisin go bhfuil an staidéar ar theanga agus litríocht na Máltaise ceaptha chun rannchuidiú le braistint den fhéiniúlacht Mháltach a fhorbairt. Áirítear leis an gclár chéad teanga (Frainciseoirí) in British Columbia béim ar shealbhú eolais i measc scoláirí ar réimse na litríochta agus feasacht ar litríocht dhomhanda na bhFrainciseoirí.

2.5 Measúnú i dteangacha dúchasacha

Is féidir le measúnú sa teanga dhúchais a bheith ina cheanglas leis an meánscolaíocht shinsearach a chríochnú go rathúil.

 Ceanada	- Is éigeantach í an Fhraincis don chéimiú ón ardscoil le haghaidh scoláirí Fraincise mar chéad teanga. - Is éigeantach freisin í do scoláirí Fraincise mar dhara teanga i gcúigí New Brunswick agus Ontario, agus do gach scoláire in Québec.
 An Fhionlainn	- Don scrúdú máithreánach, ní mór do scoláirí scrúdú a dhéanamh sa mháthairtheanga agus ina litríocht (Fionlainnis nó Sualainnis). - Ní gá do scoláirí scrúdú a dhéanamh sa dara teanga náisiúnta (Fionlainnis nó Sualainnis).
 Éire	Is croí-ábhar den Ardteistiméireacht (Bhunaithe), de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), agus den Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) í an Ghaeilge⁴.
 An Nua-Shéalainn	I gcás scoláirí san oideachas trí mheán na Maoraise, is riachtanas é creidiúintí a bhaint amach sa Mhaorais leis an Teastas Oideachais Náisiúnta (NCEA) a chomhlíonadh.

I Málta, féadfaidh scoláirí roghnú chun staidéar a dhéanamh ar an mBéarla agus/nó Máltais don Teastas Máithreánach, agus i gcúige Fryslân (an Ísiltír) agus i dTír na mBascach (an Spáinn), féadfaidh scoláirí scrúduithe a dhéanamh san Fhreaslainnis nó sa Bhascais faoi seach le cáilíochtaí sinsearach meánoideachais a fháil. I dTír na mBascach, féadann scoláirí meánscolaíochta an EGA a dhéanamh (*Euskararen Gaitasun Agiria*) – an scrúdú inniúlachta sa Bhascais. Sa mheánoideachas sinsearach sa Bhreatain Bheag, ní éigeantach é sa Bhreatnais (i gcás cáilíochtaí AS/A-leibhéal, a dhéantar ag aoiseanna 17/18 mbliana), i bhfianaise nach bhfuil staidéar na Breatnaise roghnach ar an leibhéal sin. Is iondúil, ar an láimh eile, go ndéanann scoláirí a chomhlíonann an meánoideachas éigeantach ag aois 16 bliana scrúdú Theastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) trí Bhreatnais, óir is ábhar éigeantach í.

⁴ I roinnt imthosca eisceachtúla, féadfar díolúine ó staidéar na Gaeilge a dheonú do dhaltá bunscolaíochta nó scoláire iar-bhunscolaíochta. Is faoin mbainistíocht scoile atá an t-údarás díolúine a thabhairt (Foinse: [gov - Apply for an Irish exemption \(www.gov.ie\)](http://gov.ie)).

Is féidir leis an measúnú le cáilíocht a fháil sa teanga dhúchais a bheith inmheánach nó seachtrach nó ina mheascán den dá cheann.

Ceanada	Measúnú inmheánach bunaithe ar chreidiúintí	óna dtagann	céimiú ón ardscoil
An Fhionlainn	Scrúdú máithreánach seachtrach máthairtheanga agus litríochta	óna dtagann	céimiú ón ardscoil/ máithreánach
Éire	Scrúduithe seachtracha (lena n-áirítear trialacha béil)	óna dtagann	scrúduithe na hArdteistiméireachta (Bunaithe), GCAT, ATF
Málta	Scrúduithe seachtracha	óna dtagann	Máithreánach Teastas
An Ísiltír/ Fryslân	Scrúduithe seachtracha (náisiúnta) agus inmheánacha (scoile)	óna dtagann	cáilíochtaí sinsearach meánscolaíochta (HAVO, VWO)
An Nua-Shéalainn	Measúnú inmheánach agus seachtrach in aghaidh caighdeáin ghnóthachtála	óna dtagann	NCEA
An Spáinn/Tír na mBascach	Measúnú inmheánach leanúnach	óna dtagann	cáilíocht meánscolaíochta sinsearaí <i>bachiller</i>
	Scrúdú seachtrach	óna dtagann	EGA
An Bhreatain Bheag	Scrúduithe seachtracha agus measúnú inmheánach nach scrúduithe	óna dtagann	TGManna agus Leibhéil AF

2.6 Creataí chun tacú le múineadh agus foghlaim na teanga dúchais

Creataí náisiúnta dul chun cinn

Sa Bhreatain Bheag, an contanam aonair le haghaidh mhúineadh agus foghlaim na Breatnaise chuig aois 16 bliana, lena gclúdaítear soláthar na Breatnaise mar chéad teanga, tumoideachas sa Bhreatnais, agus an Bhreatnais mar dara teanga; leagtar amach mar 'ráitis ar a bhfuil tábhachtach' (inneachar), 'prionsabail an dul chun cinn', agus 'tuairiscí na foghlama'. Forbraítear prionsabail an dul chun cinn bunaithe ar chontanam dul chun cinn, ag tosú le beagán cumais nó cumas ar bith agus ag dul ar aghaidh i dtreo inniúlachta; agus maidir leis na tuairiscí ar foghlaim a leagtar amach i gcontanam na foghlama Breatnaise i sraith 'Céimeanna Dul Chun Cinn' ó Chéim Dul Chun Cinn 1 go dtí Céim Dul Chun Cinn 5, comhfhreagraíonn siad a bheag nó a mhór leis na hionchais agus aoiseanna 5, 8, 11, 14 agus 16 bliana.

Sa Nua-Shéalainn, baineann na caighdeáin ghnóthachtála don Mhaorais le haghaidh an Teastas Oideachais Náisiúnta (NCEA) (san oideachas trí mheán an Bhéarla agus trí mheán na Maoraise) le creidiúintí a ghnóthachtáil don NCEA, agus déantar iad a léarscáiliú os comhair na gcuspóirí gnóthachtála

sna treoirlínte curaclaim le haghaidh mhúineadh agus foghlaim na Maoraise. Baineann na caighdeáin le leibhéil 1–3 den Chreat Cáilíochtaí Náisiúnta agus le Leibhéil 6-8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne; is é is aidhm do na hocht leibhéal gnóthachtála de Churaclam na Nua-Shéalainne chun creat dul chun cinn a chur ar fáil agus ceadú do leanúnachas foghlama teanga ó bhliain go chéile, chuig aois 18/19 mbliana.

An Fráma Tagartha Comónta Eorpach

Féadfaidh [An Fráma Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha \(FTCE\)](#) feidhmiú mar phríomhthagaírt do theagasc agus foghlaim na teanga dúchais i roinnt dlínsí. Sa Bhreatain Bheag agus i dTír na mBascach, mar shampla, mar a aibhsítear sa tábla seo a leanas, déantar inniúlacht teanga dhúchais na múinteoirí a thomhas bunaithe ar chreataí dá ndéantar tagairt in aghaidh FTCE.

FTCE agus múineadh agus foghlaim na teanga dúchais

 Ceanada	New Brunswick: i gcás scoláirí. Tá na húdaráis oideachais ag féachaint le leibhéil inniúlachta curaclaim a ailíniú le FTCE agus le Scála Inniúlachta Teanga Béil sa Dara Teanga de chuid New Brunswick. New Brunswick: i gcás múinteoirí. Déantar leibhéil inniúlachtaí múinteoirí a thagairt in aghaidh FTCE agus Scála Inniúlachta Teanga Béil sa Dara Teanga de chuid New Brunswick. Ontario: i gcás scoláirí. Feidhmíonn FTCE tionchar ar an gCreat don Fhraincis mar Dhara Teanga (treoir curaclaim).
 Málta	I gcás scoláirí: Ó 2024/25 ar aghaidh, tá an Creat maidir le Torthaí Foghlama don Bheartas Náisiúnta um Múineadh na Máltaise mar Theanga Eachtrach (atá beartaithe do scoláirí is imircigh) á ailíniú le FTCE. I gcás scoláirí: Déantar cumas teanga na scoláirí is imircigh a chinneadh trí thagairt a dhéanamh don FTCE. I gcás múinteoirí: Déantar cumas teanga na múinteoirí is imircigh a chinneadh trí thagairt a dhéanamh don FTCE.
 An Ísiltír/ Fryslân	I gcás scoláirí: Sainítear na spriocanna gnóthachtála don Fhreaslainnis i gcomhréir le leibhéil FTCE. I gcás scoláirí: Forbairt na trialach ‘Frisia’ atá bunaithe ar leibhéil FTCE.
 An Spáinn/Tír na mBascach	Tá an scrúdú ar inniúlachtaí Bascaise EGA (<i>Euskararen Gaitasun Agiria</i>) bunaithe ar leibhéal C1 (úsáideoir inniúil) den FTCE. I gcás scoláirí: Féadfaidh scoláirí an CCTE a dhéanamh. I gcás múinteoirí: Ní mór do mhúinteoirí an EGA a bheith i seilbh acu (nó a choibhéis).
 An Bhreatain Bheag	I gcás múinteoirí: Déantar an Creat Inniúlachtaí Teanga do Chleachtóirí Oideachais, a úsáidtear san oiliúint tosaigh agus san fhorbairt ghairmiúil, a thagairt in aghaidh FTCE. I gcás scoláirí: Áirítear leis na tograí le haghaidh Bhille Oideachais don Bhreatnais an toradh teangeolaíochta gur féidir le gach scoláire, ar imeacht dóibh ón oideachas reachtúil (aois 16 bliana) an Bhreatnais a labhairt gan dua, agus go mbeidh an leibhéal sin ar chomhchéim le Leibhéal B2 den FTCE (úsáideoir neamhspleách).

I gcúige Fryslân, táthar tar éis measúnú caighdeánaithe ar an bhFreaslainnis le húsáid i meánscoileanna (ar a dtugtar triail ‘Frisia’) a fhorbairt agus tagairt á déanamh do FTCE, agus tairgeann roinnt cúigí i gCeanada an Dioplóma i Staidéar na Fraincise (DELF) do scoláirí ardscoláíochta. An dioplóma seo sa Fhraincis mar dhara teanga, a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige, ina ndéantar measúnú ar thuiscint béil, cumas urlabhra, tuiscint scríofa, agus urlabhra scríofa; tá sé ailínithe le FTCE.

2.7 Meicníochtaí cumasúcháin

Agus tacaíocht á tabhairt do thionscnaimh chun múineadh agus foghlaim na teanga dúchais a fhorbairt, tá raon meicníochtaí cumasúcháin i bhfeidhm.

Is féidir a áireamh leo sin acmhainní barántúla fisiceacha agus digiteacha a sholáthar; bearta chun tacú le hoiliúint tosaigh agus forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne; agus tacaíocht airgeadais. I dTír na mBascach, mar shampla, tá deontais curtha ar fáil ag an rialtas réigiúnach do ghrúpaí múinteoirí chun ábhair a léiriú le haghaidh mhúineadh agus fhoghlaim na Bascaise, agus tá fóirdheontais tugtha aige do chostais léiriúcháin ábhar eile. Cuireann An Aireacht Oideachais sa Nua-Shéalainn Cistiú don Chlár Maoraise ar fáil le haghaidh scoileanna a sholáthraíonn oideachas trí mheán na Maoraise, agus Liúntas Múinteoireachta Tumthaí sa Mhaorais mar aitheantas do na scileanna agus freagrachtaí breise is gá d’oibrithe oideachais sna suíomhanna trí mheán na Maoraise. Tá sé ag fiosrú freisin Ionad Barr Feabhais a chur ar bun don oideachas trí mheán na Maoraise.

Meicníochtaí cumasúcháin/tacaíochtaí oideolaíochta⁵

Meicníocht	Le fáil in:
Soláthar acmhainní	Ceanada, an Fhionlainn, Éire, Málta, an Ísiltír (Fryslân), an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
Tacaíocht don oiliúint múinteoirí agus don fhorbairt ghairmiúil	Ceanada, an Fhionlainn, Éire, an Ísiltír (Fryslân), an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
Acmhainn teagaisc bhreise	Ceanada (New Brunswick), an Ísiltír: (Fryslân), an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
Tacaíochtaí airgeadais	An Fhionlainn, Éire, an Ísiltír (Fryslân), an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach)
Feachtas sonrach múscailte feasachta	An Ísiltír (Fryslân), An Nua-Shéalainn

2.8 Oideolaíocht

Tá roinnt saintréithe comónta ann sna hoideolaíochtaí molta do mhúineadh agus foghlaim na teanga dúchais ar fud na ndlínsí.

⁵ Is iad na sásraí cumasúcháin/tacaíochtaí oideolaíochta a ndéantar achoimre orthu na cinn úd a luaitear go sainráite sa doiciméadacht arna léirbheithniú le haghaidh na ndlínsí a liostaítear.

Áirítear leo sin gníomhaíocht sa seomra ranga a dhíriú ar idirghníomhuithe bríomhara i gcomhthéacsanna barántúla agus straitéisí múinteoireachta a chur chun feidhme a théann i ngleic le spreagadh scoláirí chun an teanga a fhoghlaim; díriú ar an sprioctheanga mar theanga an tseomra ranga; agus teanga agus béascna a nascadh le múineadh an churaclaim sa teanga dhúchais.

Oideolaíochtaí/cuir chuige teagaisc atá molta⁶

Cuir chuige oideolaíochta	Dlínsí
Cuir chuige dhifreálaithe agus réimse straitéisí múinteoireachta (m.sh. cuir chuige dírithe ar ghníomhartha agus/nó bunaithe ar thascanna; foghlaim bunaithe ar fhiosrú agus foghlaim idirghníomhach; foghlaim tionscadal-bhunaithe; foghlaim i meitheal, i mbeirteanna, agus aonair)	Ceanada, Éire, Málta, an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
Idirghníomhuithe bríomhara teanga lártaite ar scoláirí , bunaithe ar spéiseanna scoláirí	Ceanada, Éire, Málta, an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
Úsáid acmhainní barántúla, comhthéacsanna agus tascanna múinteoireachta , lena n-áirítear gníomhaíochtaí idirghníomhacha a d'fhéadfaí a chumasú le teicneolaíochtaí na ríomhaireachta	Ceanada, Éire, Málta, an Ísiltír (Fryslân), an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
Teanga agus béascna a chomhtháthú le múineadh an churaclaim sa teanga dhúchais	Ceanada, an Fhionlainn, Éire, an Ísiltír (Fryslân), an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach), an Bhreatain Bheag
An sprioctheanga (dhúchais) a úsáid i dtimpeallacht an tseomra ranga , agus sa timpeallacht scoile i gcoitinne (Tír na mBascach)	Ceanada, Éire, an Nua-Shéalainn, an Spáinn (Tír na mBascach)
Aiseolas / measúnú cuiditheach a úsáid don fhoghlaim	Éire, An Nua-Shéalainn, An Bhreatain Bheag

⁶ Is iad na hoideolaíochtaí/cuir chuige teagaisc a ndéantar achoimre orthu na cinn úd a luaitear go sainráite sa doiciméadacht arna léirbhreithniú le haghaidh na dtíortha a liostaítear.

2.9 Forbairtí reatha

I measc na bhforbairtí atá ann faoi láthair i múineadh agus foghlaim na teanga dúchais tá na cinn seo a leanas:

 Ceanada: New Brunswick	• Ionad Barr Feabhais don Foghlaim Teanga agus mol foghlama gairmiúla ar líne a chur ar bun chun foghlaim na Fraincise a fheabhsú i scoileanna Béarlóirí.
 An Fhionlainn	• Tionscnaimh chun inniúlacht dhigiteach a fheabhsú, ábhair foghlama a fhorbairt, agus samhlacha comhair agus struchtúir líonraithe a fhorbairt chun oideachas a chur ar fáil, leis an aidhm chun oideachas Sualainnise níos cothroime agus níos ionchuimsithí a chur ar fáil agus cáilíocht a fheabhsú.
 An Ísiltír/ Fryslân	• Tionscnaimh chun an líon múinteoirí is gá a earcú, a chur faoi oiliúint agus/nó a choinneáil chun an sprioc a bhaint amach, go mbeidh an Fhreaslainnis á tairiscint ag gach bunscoil agus meánscoil faoi 2030 ag leibhéal ‘próifíl A’, .i. gan díriú go heisiach ar úsáid béil. • Feachtas chun spreagadh a thabhairt do scoláirí chun an Fhreaslainnis a dhéanamh mar chuid dá scrúduithe fágála scoile, leis an sprioc go mbeadh 25 faoin gcéad á ndéanamh amhlaidh faoi 2024.
 An Nua-Shéalainn	• Caighdeán nua ó 2024 ar aghaidh do na creidiúintí litearthachta is gá a fháil – sa Mhaorais san oideachas trí mheán na Maoraise agus sa Bhéarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla – leis an gcáilíocht mheánscolaíochta NCEA a chomhlíonadh go rathúil. • Athnuachan atá á déanamh faoi láthair ar Churaclam na Nua-Shéalainne (trí mheán an Bhéarla) agus ar <i>Te Marautanga o Aotearoa</i> (Curaclam na Maoraise) óna bhfeicfear curaclaim leasaithe Bhéarla agus Mhaoraise (mar ábhair thosaíochta i dteannta na Matamaitice) in 2025.
 An Bhreatain Bheag	• Áirítear leis an mBille Oideachais Breatnaise atá molta toradh teangeolaíochta, gur féidir le gach scoláire, faoi 2050, ar imeacht dóibh ón oideachas reachtúil (aois 16 bliana) an Bhreatnais a labhairt gan dua; ar leibhéal comhionann le Leibhéal B2 den FTCE (úsáideoir neamhspleách). • Cáilíochtaí nua Breatnaise TGM (16 bliana) ó 2025 chun an contanam aonair d’fhoghlaim na Breatnaise faoin gCuraclam don Bhreatain Bheag a léiriú, agus béim faoi leith á cur ar labhairt agus éisteacht agus úsáid na teanga sa láthair oibre. • Le cúrsa tiontúcháin, a tugadh isteach in 2020, cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar fáil le cur ar chumas an bharrachais múinteoirí trí mheán na Breatnaise san earnáil bunscolaíochta chun múineadh a dhéanamh san earnáil thánaisteach. Táthar tar éis an scéim a leathnú le múinteoirí meánscolaíochta a áireamh a d’fhág an ghairm ar feadh cúig bliana nó níos mó, agus múinteoirí freisin ar mian leo filleadh le múineadh sa Bhreatain Bheag ó thíortha eile.

3. Faisnéis faoi dhlínsí aonair

3.1: Teangacha dúchais sa churaclam: An Fhraincis i gCeanada

An Fhraincis i gCeanada	
1. Cuspóir agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Fraincise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
De réir Bhunreacht Ceanada agus Acht na dTeangacha Oifigiúla, is iad an Béarla agus an Fhraincis na teangacha oifigiúla, agus tá comhionannas stádais agus cearta agus pribhléidí comhionanna acu maidir lena n-úsáid i ngach institiúid de chuid Pharlaimint agus rialtas Ceanada. De réir an Achta, geallann an rialtas cónaidhmeach comhoibriú leis na rialtais chúigeacha agus chríochacha (dá bhfuil 13 acu ann) chun tacú le forbairt na gcomhphobal mionlaigh teanga Béarla agus Fraincise, agus áirítear leis sin cearta agus deiseanna oideachasúla a fheabhsú do chách chun an Béarla agus an Fhraincis a fhoghlaim. Tá an rialtas tiomanta do dheiseanna foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus nach foirmiúil iad a chur chun cinn do dhaoine ó na comhphobail teanga mionlaigh Béarla agus Fraincise chun dul i mbun foghlama ina dteanga féin ar feadh a saoil, lena n-áirítear ón oideachas luathbhlianta agus iar-mheánscolaíochta. I gcúige Québec, déantar foráil sa Chairt Fraincise gurb í an Fhraincis an chéad teanga oifigiúil, agus aithníonn New Brunswick í féin mar chúige atá dátheangach ar bhonn oifigiúil, agus an Béarla agus an Fhraincis mar theangacha oifigiúla (tá comhionannas stádais agus cearta agus pribhléidí comhionanna ag comhphobail teanga Béarla agus Fraincise). Le hAlt 23 de Chairt Ceanada na gCeart agus na Saoirsí áirithítear an ceart chun teagasc a fháil i bhFraincis nó i mBéarla do pháistí sna comhphobail mionlaigh teanga Fraincise agus Béarla i ngach ceann de chúigí Ceanada. Ceadaítear léi do lucht labhartha na Fraincise boird scoile Fraincise a bhunú i ngach ceann de na cúigí inarb é an Béarla an teanga is mó, agus ciallaíonn sé sin gur féidir le lucht labhartha na Fraincise lasmuigh de Québec agus le lucht labhartha an Bhéarla in Québec tabhairt faoina gcuid oideachais ina dteanga féin. De réir staidreamh Rialtas Ceanada maidir leis na teangacha oifigiúla i gCeanada, déanann 2.5 milliún Ceanadach óg staidéar ar an bhFraincis nó ar an mBéarla mar dhara teanga, agus tá 482,733 acu i gcláir tumoideachais Fraincise lasmuigh de Québec. Athraíonn an léiriú déimeagrafach ar chainteoirí Fraincise mar chéad teanga agus ar chainteoirí Béarla mar chéad teanga de réir an chúige nó na críche ach, ar an iomlán, labhraíonn 22 faoin gcéad den daonra Fraincis mar an chéad teanga oifigiúil, agus Béarla a labhraíonn 76.1 faoin gcéad. Faoi 2021, bhí méadú 41.3 faoin gcéad tagtha ar rollú tumoideachais Francaise ó bhí 2010-2011 ann.⁷	

⁷ [Staidreamh ar theangacha oifigiúla i gCeanada - Canada.ca](#)

2. Aidhmeanna agus cuspóirí	Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Fraincise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
	Luíonn an fhreagracht as an oideachas ar gach ceann de na deich gcúige agus trí chríoch i gCeanada, ach faigheann siad treoraíocht ón gcuspóir cónaidhmeach, arb é an déacht theangach a chur chun cinn: úsáid agus léirthuiscint do dhá theanga oifigiúla Cheanada, an Béarla agus an Fhraincis, chomh maith le tuiscint ar shuntas stairiúil an dá bhéascna d'fhorbairt na féiniúlachta Ceanadaí. Is é is aidhm do mhúineadh agus foghlaim na Fraincise sa mheánscolaíocht shinsearach i gCeanada tábhacht na hinniúlachta a fhorbairt sa dá theanga oifigiúla de chuid na tíre (an Fhraincis agus an Béarla). Leagtar amach an méid sin, mar shampla, sa Chreat don Fhraincis mar Dhara Teanga i Scoileanna Ontario, ina n-aithnítear go bhfuil stádas comhionann ag an bhFraincis agus an Béarla mar theangacha oifigiúla, agus go mbaineann buntáistí móra le bheith in ann cumarsáid a dhéanamh sa dá theanga. Cuirtear i dtábhacht sa chreat na buntáistí a bhaineann le foghlaim an dara teanga don fhorbairt chognaíoch agus acadúil ghinearálta, d'fhoghlaim na chéad teanga, do scileanna litearthachta foriomlána, mar bhonn d'fhoghlaim teangacha breise, agus do scileanna idirphearsanta agus sóisialta. Aithnítear ann gur sócmhainn iad scileanna teanga na Fraincise thar réimse leathan gairmeacha i gCeanada, agus ról suntasach na foghlama mar an dara teanga oifigiúil chun tuiscint idirchultúrtha a fhorbairt, rud atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile do scoláirí an lae inniu. Leagtar béim chomhchosúil in Yukon ar mhúineadh agus foghlaim na Fraincise chun tuiscint agus urraim a mhéadú do dhaoine eile agus dá mbéascna, agus toisc gurb í an Fhraincis ceann de theangacha oifigiúla Cheanada. Cuirtear i dtábhacht sa chúige an buntáiste iomaíoch is féidir a thabhairt do dhaoine óga sa mhargadh post le múineadh agus foghlaim na Fraincise. Fearacht an scéil in Alberta meastar foghlaim na Fraincise a bheith tábhachtach chun deiseanna a fheabhsú chun cónaí agus obair ar fud Cheanada agus an domhain, chomh maith le tuiscint níos mó a fhorbairt idir Ceanadaigh is Frainciseoirí agus is Béarlóirí. Cé gurb éagsúil iad aidhmeanna agus cuspóirí sonracha do mhúineadh agus foghlaim na Fraincise, ag brath ar an gconair shonrach a leanann na scoláirí (m.sh. Fraincis mar chéad teanga, Fraincis mar dhara teanga - tumoideachas, Fraincis mar dhara teanga - croí-ábhar, féach Cuid 3. thíos); is iondúil gurb éard is aidhm do churaclam, mar is amhlaidh i gcás British Columbia, chun a chinntiú go mbíonn inniúlacht áirithe ag scoláirí in dhá theanga oifigiúla Cheanada; go bhforbraíonn siad léirthuiscint agus tuiscint don bhéascna Frainciseoirí (nó i gcás scoláirí ag a bhfuil Fraincis mar chéad teanga, go bhforbraíonn siad a bhféiniúlacht mar Fhrainciseoir); agus go dtuigeann siad na deiseanna oideachasúla, gairmréime agus sóisialta a bhíonn ar fáil dóibh siúd a labhraíonn an Fhraincis.
3. Suíomh na teanga dúchais	Cad é suíomh na Fraincise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Fhraincis sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?
	Tá freagracht ag na deich gcúige agus na trí chríoch Cheanadacha as an oideachas, agus sa chuid is mó de na 13 chríoch/chúige, déantar múineadh agus foghlaim na Fraincise trí mheán ceann amháin de na

trí chonair seo a leanas: An Fhraincis mar chéad teanga, Tumoideachas sa Fhraincis, agus an Fhraincis mar dhara teanga le haghaidh scoláirí is Béarlóirí; ar minic a dtugtar croí-Fhraincis uirthi. Is iad Ontario agus Québec na príomheisceachtaí.

In Ontario, is ann do churaclam don Fhraincis mar chéad teanga agus mar dhara teanga (an dara ceann ar fáil mar chroí-Fhraincis agus tumoideachas sa Fhraincis), agus tá scoileanna Fraincise agus Béarla ann. Leanann scoláirí i scoileanna Fraincise an curaclam céanna le scoláirí i scoileanna Béarla; is í an difríocht go bhfoghlaímíonn na scoláirí i scoileanna Fraincise an curaclam sa Fhraincis agus i suíomh cultúrtha Fraincise.

In Québec, inarb í an Fhraincis an chéad teanga d’os cionn 80 faoin gcéad den daonra, is í an teanga teagaisc í, agus ní mór oideachas i bhFraincis a chur ar gach leanbh go dtí deireadh a staidéar meánscolaíochta. Tá roinnt scoileanna Béarla ann áfach, ina ndéantar staidéar ar an bhFraincis mar dhara teanga (trí chroí-churaclam nó curaclam saibhrithe).

Sa chuid is mó de na 13 chúige/chríoch, ní éigeantach é staidéar na Fraincise chun céimiú ón ardscoil le haghaidh scoláirí is Béarlóirí a leanann curaclaim ina bhfuil Fraincis mar dhara teanga. Is éigeantach iad na creidiúintí do scoláirí a leanann curaclaim ina bhfuil an Fhraincis mar chéad teanga, agus dóibh siúd i gcoitinne ar chonairí tumoideachais Fraincise (mar dhara teanga). Is iad Ontario agus Québec na heisceachtaí arís, ina bhfuil an Fhraincis mar chreidiúint riachtanach le haghaidh gach scoláire.

4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm

Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus foghlaim na Fraincise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Fráma Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha, FTCE)?

Is féidir le scoláirí i roinnt cúigí Ceanadacha (lena n-áirítear [Albain Nua](#), [Prince Edward Island](#) agus [Yukon](#)) an ‘DELf scolaire’ a dhéanamh – ar dioplóma oifigiúil i bhFraincis é le haghaidh scoláirí ag aois scoile, arna bhronnadh ag an aireacht oideachais Fraincise náisiúnta. Is meastóireacht é DELF ar inniúlacht sa dara teanga, lena ndeimhnítear cumas scoláirí an Fhraincis a úsáid i suíomhanna Fraincise fíorshaoil bunaithe ar na leibhéil inniúlachtaí arna sainaitheint laistigh den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha (FTCE). In [British Columbia](#), is féidir le scoláirí a chomhlíonann an DELF go rathúil creidiúintí ardscolaíochta cúigeacha a fháil.

In [New Brunswick](#), mar a leagtar béim ar fhoghlaim na Fraincise a fheabhsú le haghaidh scoláirí is Béarlóirí agus ar a chinntiú go ngnóthaíonn scoláirí ón earnáil Béarlóirí, leibhéal inniúlachta comhrá sa Fhraincis ar a laghad faoin am go bhfágann siad an ardscoil, tá na húdaráis oideachais ag féachaint leis na leibhéil inniúlachta sa churaclam a ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus leis an leibhéal idirmheánach ar [New Brunswick Second Language Oral Proficiency Scale](#) ([what-we-heard.pdf \(gnb.ca\)](#), leathanach 11).

I gcás fhuílleach na gceisteanna taighde le haghaidh Ceanada (thíos), tugtar samplaí gairide leis an mearthaighde deisce ar bheartas i gcúigí British Columbia agus/nó Ontario. Cuirtear roinnt faisnéise ar fáil ann maidir le New Brunswick freisin, ina gcuirtear i dtábhacht faoi láthair foghlaim na Fraincise a fheabhsú do scoláirí is Béarlóirí.

5. Ábhar an churaclaim	Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Fraincise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Fraincise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta don fhoghlaim teanga?
-------------------------------	---

British Columbia

In British Columbia, is ann do churaclam Fraincise mar chéad teanga (Frainciseoirí); tumoideachas Fraincise (dara teanga); curaclam dian Fraincise le haghaidh foghlaimeoirí dara teanga (ar fáil i gceithre scoilcheantar); agus curaclam croí-Fhraincise le haghaidh Fraincis mar dhara teanga. (Ní mór do gach scoláire in British Columbia an dara teanga a dhéanamh mar chuid den churaclam i nGráid 5 go 8, ag aois idir 10-14 bliana. Ní gá dó sin a bheith i bhFraincis.)

- Frainciseoir/[curaclam Fraincise mar chéad teanga](#): ar fáil ón Naíonra chuig Grád 12, aoiseanna 5-18 mbliana agus múintear gach ábhar sa Fhraincis, cé is moite d’ealaíona teanga an Bhéarla. Tá sé d’aidhm aige a chur ar chumas scoláirí an Fhraincis agus an Béarla a fhoghlaim i dtimpeallacht Frainciseoirí araon; féiniúlacht a fhorbairt mar dhuine is Frainciseoir; agus chun dioplóma céimithe ardscoile Fraincise agus Béarla a bhaint amach. Díritear an curaclam ar ardscoileanna litearthachta a fhorbairt sna scoláirí; cumarsáid éifeachtach agus shoiléir a dhéanamh, sa labhairt agus sa scríbhneoireacht; a bhféiniúlacht chultúrtha a mhaíomh mar scoláirí is Frainciseoirí i gcomhthéacs mionlaigh; eolas sonrach a shealbhú i réimse na litríochta agus feachtas ar litríocht dhomhanda na bhFrainciseoirí; agus a samhlaíocht agus ildánacht a fhorbairt trí éagsúlacht leathan téacsanna a iniúchadh ó chomhthéacsanna agus béascnaí difriúla.
- [Tumoideachas Fraincise](#) (dara teanga): ar fáil mar thumoideachas luathbhlianta ón Naíonra/Grád 1 go Grád 12 (aoiseanna 5-18 mbliana) nó mar thumoideachas déanach ó Ghrád 6 chuig Grád 12 (aoiseanna 11-18 mbliana). Is trí Fhraincis den chuid is mó a mhúintear é, leis an teagasc Béarla á chur leis de réir a chéile síos tríd na gráid, agus is é is aidhm dó cur ar chumas scoláirí éirí dátheangach; béascnaí Frainciseoirí a léirthuisint; agus dioplóma céimithe ardscoile Fraincise agus Béarla a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa churaclam a chinntiú gur féidir le scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh: cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go neamhspleách, idir labhairt agus scríbhneoireacht; inniúlachtaí teanga a fhorbairt trí bhreathnóireacht, fiosracht, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, agus fuascailt fadhbanna; tuiscint agus léirthuisint a fháil ar éagsúlacht téacsanna Fraincise ina léirítear dearcadh na bhFrainciseoirí agus na mBundúchasach; tuiscint agus léirthuisint a fháil ar bhéascnaí Frainciseoirí chomh maith lena mbéascna féin agus béascna daoine eile; oscailteacht don idirchultúrachas a shealbhú, trí bheith páirteach i bpobal mionlaigh i gcomhthéacs ilchultúrtha; a n-eolas orthu féin agus ar dhaoine eile

a dhoimhniú i saol atá ag athrú; agus a bhféiniúlacht mar Fhrancbhách a fhorbairt agus an Fhraincis a chomhtháthú ina saol pearsanta agus oibre féin.

- Fraincis Dhian: ar fáil i nGráid 6 agus 7, aoiseanna 11-13 bliana (i gceithre scoilcheantar amháin), agus múintear leath den scoilbhliain sa Fhraincis, an leath eile sa Bhéarla. Is é is aidhm dó a chinntiú gur féidir le scoláirí cumarsáid a dhéanamh go diongbháilte agus gan dua sa Fhraincis trí chlár luathaithe; a dtuiscint agus léirithuiscint do bhéascnaí Frainciseoirí a leathnú; agus tuiscint a fháil ar na deiseanna oideachasúla, gairmréime, sóisialta agus taistil atá ar fáil dóibh siúd a labhraíonn Fraincis.
- [Croí-Fhraincis](#): atá ar fáil ó Ghrád 5 go dtí Grád 12, aoiseanna 10-18 mbliana, arb iondúil go dtairgtear í le haghaidh 1-3 thréimhse mhúinteoireachta sa tseachtain, agus arb éard is aidhm di a chinntiú gur féidir le scoláirí cumarsáid a dhéanamh sa Fhraincis go sainráite agus go muiníneach; a dtuiscint agus léirithuiscint ar bhéascnaí Frainciseoirí a leathnú; agus tuiscint a fháil ar na deiseanna oideachasúla, gairmréime, sóisialta, agus taistil a bhíonn ar fáil do fhrainciseoirí. Tá an curaclam croí-Fhraincise eagraithe faoi na ceithre 'eagarthóir curaclaim', ar cúiseanna comónta iad a thugann daoine gur mian leo teanga bhreise a fhoghlaim. Is iad sin: Cumarsáid a dhéanamh; Faisnéis a shealbhú; Blaiseadh de Shaothair Chruthaitheacha a fháil; agus Tionchair Chultúrtha a Thuiscint.

Ontario

In Ontario, is ann do churaclam Fraincise mar chéad teanga agus mar dhara teanga.

Leanann na scoláirí i [scoileanna Fraincise](#) an curaclam céanna le scoláirí i scoileanna Béarla. Is í an difríocht go bhfoghlaimíonn scoláirí i scoileanna Fraincise an curaclam sa Fhraincis agus i suíomh cultúrtha Fraincise. Múintear an Béarla do scoláirí i scoileanna Fraincise ó Ghrád 4 go Grád 12 (aoiseanna 9-18 mbliana) agus leanann siad an curaclam céanna leis an gceann a thugtar i scoileanna Béarla. Dá thoradh sin, céimíonn scoláirí ón gcóras Fraincise ón ardscolaíocht le leibhéal arda inniúlachta sa Fhraincis agus sa Bhéarla araon.

I scoileanna Béarla, bíonn Fraincis mar dhara teanga ar fáil mar chroí-Fhraincis, Fraincis leathnaithe nó tumoideachas Fraincise, agus ní mó do scoileanna croí-Fhraincis ar a laghad a thairiscint i nGráid 9-12 (aoiseanna 14-18 mbliana). Ní mór do bhoird scoile cúrsaí acadúla agus feidhmeacha croí-Fhraincise a thairiscint freisin i nGráid 9 agus 10. Tá an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) tar éis tionchar a fheidhmiú ar an [bhFráma don Fhraincis mar Dhara Teanga](#) i scoileanna Ontario, a aithnítear mar shócmhainn luachmhar chun cleachtais teagaisc agus mheasúnaithe a mhúnlú san oideachas Fraincise mar dhara teanga. Is iad na ceithre shnáithe sa churaclam Fraincise mar dhara teanga an éisteacht, an labhairt, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht, agus tá an [curaclam](#) deartha chun réimse scileanna bunriachtanacha a fhorbairt sna ceithre shnáithe idirnasctha.

New Brunswick

Is cúige dátheangach é New Brunswick ar bhonn oifigiúil, ag a bhfuil curaclam Fraincise mar chéad teanga agus curaclam do Bhéarlóirí. Leanann na scoláirí san earnáil Béarlóirí curaclaim Fraincise mar dhara teanga (FSL) agus ní mór dóibh déanamh amhlaidh go dtí deireadh Ghrád 10 (aois 16 bliana). Ní

mór an deis a bheith ag scoláirí freisin chun leanúint le teagasc a fháil ar chúrsa FSL i nGráid 11 agus 12 (aoiseanna 16-18 mbliana).

I gcomhréir le [Beartas 309](#) de chuid Rialtas New Brunswick, leanann na scoláirí san earnáil Béarlóirí curaclam Tumoideachais Fraincise nó curaclam Príomh-Bhéarla le Fraincis mar dhara teanga :. Tosaíonn an curaclam Tumoideachais Fraincise i nGrád 1 (aois 6 bliana) nó Grád 6, aois 11 bliana, agus faigheann na scoláirí a thosaíonn ar Thumoideachas Fraincise ag ceachtar céim íosmhéid 50 faoin gcéad d'am teagasc i bhFraincis i nGrád 9 (aois 14-15 bliana), agus íoslíon 40 uair an chloig creidiúintí in aghaidh na bliana á theagasc i nGráid 10-12 (aoiseanna 15-18 mbliana). Is ionann an íostréimhse theagasc sa Fhraincis i nGráid 9-10 (aoiseanna 14-16 bliana) i gcás scoláirí a leanann an curaclam Príomh-Bhéarla (nó Iardhéine Fraincise) agus 90 uair an chloig in aghaidh na bliana. [Cuirtear](#) an curaclam Tumoideachais Fraincise chun feidhme i bpobail ina léirítear dóthain spéise agus ina meastar é a bheith inbhuanaithe le himeacht ama.

Tá an curaclam [Príomh-Bhéarla/Iardhéine Fraincise](#) le haghaidh scoláirí Fraincise mar dhara teanga i nGráid 9-12 (aoiseanna 14-18) eagraithe ag:

- 'torthaí ginearálta ón gcuraclam', lena nasctha réimsí ábhar le hinniúlachtaí bunúsacha céimithe agus lena dtugtar forbhreathnú ar ionchais na feidhmíochta scoláirí
- 'torthaí príomhchéimeanna', lena sainithnítear an méid a bhfuil coinne leis ó scoláirí ag deireadh tréimhse ama faoi leith, mar shampla, ag deireadh an dara leibhéal
- 'torthaí sonracha ón gcuraclam', lena leagtar amach an méid a bhfuil coinne leis faoi dheireadh gach gráid nó cúrsa.

Tá an t-inneachar eagraithe sna trí shnáithe seo a leanas: cumarsáid béil, léitheoireacht agus amharc, agus scríbhneoireacht agus láithreoireacht, agus is í an sprioc, i gcás scoláirí a leanann orthu ag staidéar go dtí deireadh a gcláir ardscoile (aois 18 mbliana), chun leibhéal B1.2 (úsáideoir neamhspleách) a bhaint amach i gcomhréir leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach ([FTCE](#)), nó Inniúlacht Idirmheánach ar [Scála Inniúlachta Teanga Béil sa Dara Teanga de chuid New Brunswick](#).

I gcás múinteoirí a mhúineann an curaclam Príomh-Bhéarla/Iardhéine Fraincise, is é an t-íosleibhéal inniúlachta teanga sa Fhraincis an leibhéal Ard Plus mar a shainítear ag Scála Inniúlachta Teanga Béil sa Dara Teanga de chuid New Brunswick, nó an leibhéal coibhéiseach B2 ar FTCE. I gcás múinteoirí a mhúineann an curaclam tumoideachais Fraincise, is é an t-íosleibhéal inniúlachta an Leibhéal Uachtarach ar Scála Inniúlachta Teanga Béil sa Dara Teanga de chuid New Brunswick nó an leibhéal C1 coibhéiseach ar FTCE (úsáideoir cumasach).

6. Measúnú

Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an bhFraincis (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaim teanga)?

Is iondúil go dtagann teastas céimithe ardscoile ó chúrsaí staidéir sa mheánscolaíocht shinsearach i gCeanada (agus a chóras féin ag gach ceann de na 13 chúige/chríoch). Tá an céimíú ón ardscoil bunaithe ar chreidiúintí agus measúnú inmheánach déanta air den chuid is mó, agus scoláirí ag fáil creidmheasanna ar chomhlíonadh an chúrsa dóibh.

British Columbia

I gcomhréir leis an [Ordú um Chlár Céimithe](#), chun céimiú ón ardscoil ní mór do scoláirí ardscoile in British Columbia 80 creidiúint a thuilleamh, arna ngnóthú i nGráid 10-12 (aoiseanna 16-18), nach mór 16 cinn ar a laghad díobh a bheith ar leibhéal Ghrád 12. Ní mór dóibh measúnú uimhearthachta Ghrád 10, measúnú litearthachta Ghrád 10 (i bhFraincis agus i mBéarla), agus measúnú litearthachta Ghrád 12 (i bhFraincis nó i mBéarla) a chomhlíonadh go rathúil. Is measúnuithe seachtracha ar líne iad an dara ceann de na measúnuithe. (Áirítear leis an 80 creidiúint 52 chreidiúint le haghaidh cúrsaí riachtanacha agus 28 gcreidiúint roghnacha ar a laghad.)

Is iondúil go ndéanann scoláirí ó British Columbia atá cláraithe ar chonair Fraincise mar chéad teanga (Frainciseoirí) le húdarás oideachais Fraincise staidéar ar an bhFraincis agus Béarla araon go dtí deireadh Rang 12 (aois 18 mbliana). Is féidir leo teastas céimithe ardscoile a fháil sa Fhraincis agus sa Bhéarla má ghnóthaíonn siad an líon riachtanach creidiúintí sa dá ábhar (16 chreidiúint ar a laghad ar leibhéal Ghrád 12, lena n-áirítear cúrsa éigeantach sna healaíona teanga (an Fhraincis mar chéad teanga), móide creidiúintí breise sa Bhéarla agus sa Fhraincis i nGráid 10, 11 agus 12).

Is féidir le scoláirí ar chonairí tumoideachais teastas céimithe ardscoile a fháil sa Fhraincis agus sa Bhéarla freisin má ghnóthaíonn siad 16 chreidiúint ar a laghad ar leibhéal Ghrád 12, lena n-áirítear cúrsa éigeantach tumoideachais sa Fhraincis mar dhara teanga, móide creidiúintí breise sa tumoideachas Fraincise mar dhara teanga i nGráid 10, 11 agus 12.

I gcás scoláirí ar chúrsaí Fraincise mar dhara teanga, níl staidéar na Fraincise i measc na gcúrsaí riachtanacha do chéimiú ón ardscoil (tá an staidéar an Bhéarla riachtanach).

Is trí mheasúnú inmheánach ar chríochnú cúrsaí den chuid is mó a dhéantar an measúnú chun creidiúint a leithdháileadh. Is measúnuithe seachtracha iad na measúnuithe litearthachta éigeantacha i nGráid 10 agus 12 (aoiseanna 16 agus 18 mbliana).

Is dioplóma é scrúdú [DELf](#) (Dioplóma i Staidéar na Fraincise) ar Fhraincis mar dhara teanga ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta. Tugadh isteach le déanaí in British Columbia é, agus is féidir le scoláirí scoile a chomhlíonann an DELF go rathúil creidiúintí seachtracha a fháil dá ndioplóma ardscolaíochta faoi Chlár Creidiúintí Seachtracha na hAireachta Oideachais. Is dioplóma é DELF a bhfuil aitheantas leathan ann dó, atá bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE). Déantar measúnú ann ar an tuiscint béil; urlabhra béil; tuiscint scríofa; agus urlabhra scríofa.

Ontario

Leis an dioplóma ardscoile a bhaint amach (Dioplóma Meánscoile Ontario, OSSD) i scoileanna Béarla, ní mór do scoláirí 18 gcreidiúint éigeantacha agus 12 chreidiúint roghnacha a thuilleamh; pas a fháil sa cheanglas litearthachta (ina ndéantar measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na scoláirí an t-íoschaighdeán litearthachta ar fud gach ábhar suas go dtí deireadh Ghrád 9 (aois 15 bliana)), 2 chreidiúint san fhoghlaím ar líne a thuilleamh ar a laghad, agus íosmhéid 40 uair an chloig de ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail a chur i gcrích. Is creidiúint éigeantach í an Fhraincis mar dhara teanga le haghaidh OSSD i scoileanna Béarla (mar is amhlaidh i gcás 4 chreidiúint sa Bhéarla). Féadann an 1 chreidiúint éigeantach Fraincise mar dhara teanga (110 uair an chloig) (de na 18

gcreidiúint éigeantacha OSSD) teacht ó aon cheann de na trí churaclam Fraincise mar dhara teanga dá bhfuil ar fáil: Croí-Fhraincis, Fraincis Leathnaithe, Tumoideachas Fraincise.

Is mar a chéile iad na riachtanais fhoriomlána do chéimiú ón ardscoil i scoileanna Fraincise, cé is moite de líon na gcreidiúintí nach mór do scoláirí a fháil, nó a d'fhéadfaidís a fháil sa Fhraincis agus sa Bhéarla. I scoilcheantair Fraincise, tá 4 chúrsa/chreidiúint éigeantacha Fraincise ann, 1 chúrsa/chreidiúint éigeantach amháin Béarla, móide an fhéidearthacht de 1 chreidiúint bhreise amháin nó níos mó i mBéarla. Ní thagann na creidiúintí Béarla ó chúrsaí i mBéarla mar dhara teanga, ach tagann siad ó chúrsaí croí-Bhéarla (arna dteagasc i scoileanna Béarla/scoilcheantair Bhéarla).

New Brunswick

Ní mór do gach scoláire, bídís ag leanúint curaclaim Fraincise mar chéad teanga, Fraincise mar dhara teanga (Príomh-Bhéarla/lardhéine Fraincise), nó curaclaim Tumoideachais Fraincise roinnt staidéir Fraincise a chomhlíonadh le céimiú ón ardscoil in New Brunswick. Ní mór do na scoláirí a leanann na curaclaim Príomh-Bhéarla/lardhéine Fraincise agus Tumoideachais Fraincise, mar shampla, cúrsa Fraincise a chríochnú ar leibhéal Ghrád 10 (aois 16 bliana), agus is éigeantach é an Bhéaltriail Inniúlachta Fraincise le haghaidh scoláirí Ghrád 12 agus le haghaidh scoláirí Phríomh-Bhéarla/lardhéine Fraincise atá cláraithe i gcúrsa amháin ar a laghad a mhúintear sa Fhraincis.

Leagtar [béim](#) faoi láthair ar fhoghlaim na Fraincise a fheabhsú i gcás scoláirí is Béarlóirí agus ar a chinntiú go ngnóthaíonn gach scoláire san earnáil Béarlóirí amach, ar a íosmhéid, leibhéal comhrá d'inniúlacht Fraincise faoin am go bhfágann siad an ardscolaíocht. Tá na húdaráis oideachais ag féachaint le leibhéil inniúlachta curaclaim a ailíniú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus le [Scála Inniúlachta Teanga Béil sa Dara Teanga de chuid New Brunswick](#). Tá [plé](#) ann áfach (leathanach 11), maidir le cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh leibhéal inniúlachta [FTCE](#) B1.1 agus an leibhéal idirmheánach ar Scála Inniúlachta Béil Dara Teanga mar an sprioc íosta don Fhraincis chomhráiteach spreagadh d'fhoghlaimeoirí féachaint le leibhéil inniúlachta níos airde a bhaint amach.

7. Fachtóirí cumasúcháin

Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Fraincise sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Fraincise; cad iad na príomhghnéithe d'oideolaíocht na Fraincise; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Fraincise?

Is príomhfhoinsé tacaíochta iad doiciméid an chreachuraclaim sna cúigí Ceanadacha le haghaidh mhúineadh agus foghlaim na Fraincise sa mheánoideachas sinsearach. Sa [treoir](#) maidir le Fraincis mar Dhara Teanga in **Ontario**, mar shampla, sainítear na hionchais fhoriomlána agus na hionchais shonracha le haghaidh gach snáithe, nó réimse leathan den churaclam (éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht), agus tugtar samplaí, leideanna do mhúinteoirí, agus leideanna teagaisc le haghaidh gach ceann de na hionchais sin freisin. Tá siad seo ceaptha le riachtanais na n-ionchas curaclaim a shoiléiriú do mhúinteoirí; na cineálacha ceisteanna a bhféadfaí a chur ar scoláirí

maidir leis na riachtanais a léiriú; agus straitéisí teagaisc agus comhthéacsanna barántúla a mholadh don samhaltú agus cleachtas éifeachtach, agus cur chun feidhme na teanga i suíomhanna fíorshaoil.

I measc na gcur chuige teagaisc atá molta agus a áirítear leis an treoraíocht tá na cinn seo a leanas: úsáid cur chuige difreálaithe agus éagsúlacht straitéisí múinteoireachta; dearadh éifeachtach ceachtanna; cuir chuige dírithe ar ghníomhartha agus cumarsáideacha do mhúineadh na Fraincise mar dhara teanga, le béim ar chiall seachas deilbhíocht; tábhacht á cur ar ghníomhaíochtaí idirghníomhacha bríomhara; díriú ar étheanga chumarsáideacha; agus ar thascanna barántúla laistigh de chomhthéacs an tseomra ranga; béim ar chumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga; agus béim ar luach na teanga béil (sa chaint neamhfhoirmiúil, plé, agus caint fhoirmiúil).

In **New Brunswick**, áirítear leis an treoraíocht don Iardhéine Fraincise (an sruth Príomh-Bhéarla) do scoláirí Fraincise dara teanga i nGráid 9-12 rannóg maidir leis an timpeallacht teagaisc. Aibhsítear leis sin na prionsabail don phróiseas teagaisc lena n-áirítear:

- fócas ar chumarsáid
- a chur ar chumas scoláirí an cumas a fhorbairt cumarsáid a dhéanamh trí pháirt a ghlacadh in eispéiris bhríomhara idirghníomhacha, lena n-áirítear roinnt mhaith meán éagsúil don fhoghlaim teanga (ealaín, ceol, filíocht, litríocht, scannánaíocht, amharclannaíocht)
- inneachar agus teagasc a eagrú timpeall ar thorthaí curaclaim agus eispéiris, téamaí agus gníomhaíochtaí atá ábhartha d'fhoghlaimoírí, agus a chinntiú go mbíonn an seomra ranga láraithe ar fhoghlaimoírí
- a chinntiú gurb iad éilimh, cumais (lena n-áirítear eispéiris chéad teanga) agus spéiseanna an túsphointe don teagasc, agus go ndéantar an teagasc a phleanáil le bheith seicheamhach, agus foráil á déanamh maidir le méadú de réir a chéile ar scileanna scoláirí, agus ceadú d'úsáid bhríomhar scileanna teanga a ghnóthaítear ó úsáid roimhe seo
- úsáid na Fraincise mar theanga don seomra ranga, teagasc agus cumarsáid ghinearálta.

Cuirtear i dtábhacht sa [treoraíocht](#) freisin suíomh na dteicneolaíochtaí ríomhaireachta chun an timpeallacht foghlama a fheabhsú i réimsí na cumarsáide, na forbartha gairmiúla, na cumarsáide domhanda, nascálacha barántúla idir piaraí, agus acmhainní, m.sh trí r-phost a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le scoláirí is Frainciseoirí; trí bhogearraí agus grafaicí láithreoireachta a úsáid chun tionscadail a chomhlíonadh agus a chur i láthair; agus le haghaidh rochtana ar ábhair agus fhaisnéis thagartha bharántúil ar líne.

Tá an coiste stiúrtha don tionscnamh atá ann faoi láthair in New Brunswick chun conairí foghlama teanga Fraincise a fheabhsú i scoileanna Béarla tar éis cur i dtábhacht, má táthar le cúrsaí a fheabhsú, gur gá múinteoirí dea-oilte agus infhaighte a bheith ann chun tacú le múineadh na Fraincise agus acmhainní foghlama teanga atá níos barántúla ó thaobh cultúir de. Tá sé molta aige Ionad Barr Feabhais don Foghlaim Teanga a chur ar bun lena bhféadfaí mol fíorúil acmhainní don fhoghlaim teanga a dhéantar a athnuachan go tráthrialta, agus samhail acmhainní chun tacú le deiseanna do naisc chultúrtha idir foghlaimoírí agus a gcomrádaithe, meantóirí, agus/nó comhpháirtithe pobail agus tionscail. D'fhéadfadh Ionad Barr Feabhais a bheith ina spreagadh freisin chun bogadh ar aghaidh le moltaí eile maidir le foghlaim na Fraincise, m.sh.:

- foghlaim ghairmiúil arna forbairt ag saineolaithe a chur ar fáil d'oideoirí in acmhainní, straitéisí, agus idirghabhálacha chun an tacaíocht is fearr a thabhairt d'áireamh gach foghlaimeora i seomraí ranga Fraincise
- saineolaithe agus abhcóidí don fhoghlaim teanga a earcú - lena n-áirítear taighdeoirí iar-mheánscolaíochta agus oideoirí, comhordaitheoirí, agus speisialtóirí a bhfuil taithí acu - chun plean a shainaithint agus a chruthú chun cuidiú le teaglaigh chun tacú leis an bhfoghlaim teanga sa bhaile
- plean gníomhaíochta a fhorbairt don fhoghlaim teanga i bhFraincis faoin tuath chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag foghlaimeoirí agus oideoirí i ngach réigiún New Brunswick ar acmhainní agus deiseanna sa Fhraincis.

Mar fhreagairt ar an tuarascáil, tá gealltanais tugtha ag an Roinn Oideachais, i measc nithe eile, chun a chinntiú go mbeidh múinteoirí dea-oilte agus infhaighte ar fáil i suíomhanna inar gá iad agus chun bheith mar chuid d'fhoireann na scoile, agus chun a chinntiú go mbíonn deiseanna foghlama gairmiúla ag múinteoirí a thacaíonn le timpeallacht foghlama dhearfach. Tá mol foghlama gairmiúla ar líne cruthaithe aige freisin chun rochtain d'oideoirí agus príomhpháirtithe a chur ar fáil ar dheiseanna foghlama, agus bunóidh sé Ionad Barr Feabhais don Fhoghlaim Teanga chun foghlaim Fraincise a neartú sa chóras oideachais Béarla. Tá comhoibriú ar bun chun an tIonad a bhunú, agus béim á cur ar acmhainní a fhorbairt agus obair le páirtithe leasmhara i bhfoghlaim na Fraincise le cinneadh a dhéanamh maidir lena fhís.

3.2: Teangacha dúchais sa churaclam: An tSualainnis san Fhionlainn

An tSualainnis san Fhionlainn	
1. Cuspóir agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Sualainnise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Is náisiún dátheangach í an Fhionlainn. De réir Bhunreacht na Fionlainne agus an Achta Teanga, is iad an Fhionlainnis agus an tSualainnis na teangacha náisiúnta; níl an téarma teangacha oifigiúla le feiceáil i gceachtar den dá dhoiciméad. Tá an ceart ag gach saoránach ceachtar den Fhionlainnis nó an tSualainnis a roghnú mar a máthair-theanga; is iad na tuismitheoirí a ghlacann an cinneadh sin thar ceann a linbh. Níos moille ina saol mar dhuine fásta, is féidir le saoránaigh a máthairtheanga a athrú. Is iondúil go mbíonn daoine a mheasann an tSualainnis mar a máthairtheanga dátheangach agus cumas leormhaith acu ar a laghad san Fhionlainnis; is minic a bhíonn siad tritheangach, leis an mBéarla mar an tríú teanga acu. Is é is aidhm don Acht Teanga ceart bunreachtúil gach duine a chinntiú a t(h)eanga féin a úsáid, an Fhionlainnis nó an tSualainnis, os comhair na gcúirteanna agus údarás eile. Ina theannta sin, bíonn feidhm ag reachtaíocht speisialta i limistéir lena n-áirítear oideachas (teanga mar ábhar oideachasúil, teanga scrúdaithe), gníomhaíochtaí cultúrtha, cúram sláinte agus leas sóisialta. Sainítear san Acht bunaonad na gceart teanga mar an bardas, a bhfuil stádas teanga le fáil i ngach ceann acu: bídís aonteangach (Sualainnis nó Fionlainnis) nó dátheangach. Meastar bardas a bheith dátheangach nuair a áirítear idir chainteoirí Fionlainnise agus Sualainnise ann, agus go bhfreagraíonn an mionlach d'ocht faoin gcéad ar a laghad den daonra nó 3,000 duine. Dearbhaítear bardas dátheangach a bheith ina bh bardas aonteangach nuair a éiríonn an mionlach faoi bhun 3,000 duine agus an céatadán faoi bhun sé faoin gcéad. In 2020, bhí 86.9 faoin gcéad den daonra ina bhFionlainniseoirí, i gcomparáid le 5.2 faoin gcéad ag labhairt Sualainnise, agus 7.8 faoin gcéad ag labhairt teangacha eile. Cé go bhfuil pobal Sualainnise na Fionlainne le fáil go tiubh den chuid is mó ar chósta theas agus thiar na tíre, tá stádas comhionann ag an bhFionlainnis agus an tSualainnis ar fud fad na tíre. Mar theangacha náisiúnta, tá an Fhionlainnis agus an tSualainnis ina dteangacha teagaisc i bhforais oideachasúla ar gach leibhéal oideachais, agus is amhlaidh go ginearálta a bhíonn an Fhionlainnis nó an tSualainnis mar theanga teagaisc sna forais sin. Tá roinnt foras gairm-mheánoideachais sinsearach agus ollscoileanna ann áfach atá dátheangach agus, isteach ó na réigiúin chósta ina gcónaíonn an chuid is mó Sualainniseoirí, féadann roinnt scoláirí staidéar a dhéanamh i ranganna teanga Sualainnise ar áitreabh na scoile Fionlainnise. I gcomhréir le ceart scoláire chun scolaíocht a fháil san Fhionlainnis nó Sualainnis, má iarrann a t(h)eaghlach go bhfaigheann an scoláire oideachas sa tSualainnis, tá freagracht ar an mbardas ina	

gcónaíonn an scoláire ionad a aimsiú dó nó di sa bhardas is gaire ina bhfuil scoil (nó rang) Sualainnise, agus chun iompar saor in aisce a shocrú.

2. Aidhmeanna agus cuspóirí

Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Sualainnise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?

Ó cuireadh síneadh leis an oideachas éigeantach an 1 Lúnasa 2021, ní mór do gach scoláire a chomhlíonann bunoidreachas agus meánoidreachas sóisearach (aois 15/16 bliana) iarratas a dhéanamh ar staidéar breise sa mheánoidreachas sinsearach. Tugadh isteach an t-athchóiriú d'fhonn an leibhéal eolais, scileanna agus inniúlachtaí i measc fágálaithe scoile a fheabhsú, agus ó tháinig na hathchóirithe i bhfeidhm, ní foláir do scoláirí fanacht san oideachas go dtí go sroicheann siad 18 mbliana d'aois nó go dtí go gcríochnaíonn siad an meánoidreachas sinsearach.

Tá an meánoidreachas sinsearach ar fáil ar dhá chonair – oideachas ginearálta agus gairmoideachas (in institiúidí meánoidreachais shinsearaigh ginearálta agus gairmoideachais), agus is bealach incháilithe iad an dá chonair oideachais ghinearálta agus gairmoideachais don ardoideachas, agus is iondúil go nglacann siad trí bliana.

Is é an cuspóir iomlán atá ag an meánoidreachas ginearálta sinsearach cuidiú le scoláirí éirí ina ndaoine córa, dea-oilte agus léannta agus ina mbaill ghníomhacha den tsochaí; chun an t-eolas, na scileanna agus na cumais a thabhairt dóibh is gá chun bheith rannpháirteach sa saol oibre agus i ngníomhaíochtaí caithimh aimsire; agus chun a bhforbairt phearsanta ilchineálach a chur chun cinn. Cuspóir breise is ea na cumais don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil do scoláirí.

Ní mór do scoláirí sa mheánoidreachas sinsearach staidéar a dhéanamh ar mháthairtheanga agus litríocht (Fionlainnis nó Sualainnis) agus é mar aidhm acu a n-inniúlacht teanga, scileanna idirghníomhaithe agus il-litearthacht a fheabhsú. Is é an cuspóir atá leis spéis scoláirí i dteanga, litríocht agus cineálacha eile cultúir a neartú, chomh maith le méadú ar a bhfeasacht dá scileanna mar chumarsáidithe agus úsáideoirí teanga, agus chun tacú le forbairt ar a bhfeasacht teanga, eolas cultúrtha agus cumas, agus ar an bhfoghlaim thar gach ábhar. Cuspóir breise is ea go sealbhaíonn scoláirí eolas agus scileanna chun tacú lena staidéar breise agus lena saoránacht ghníomhach.

Ní mór do scoláirí freisin staidéar a dhéanamh ar an dara teanga náisiúnta (Fionlainnis nó Sualainnis), agus é mar aidhm acu a scileanna cumarsáide idirchultúrtha a fhorbairt; eolas agus scileanna sa teanga agus ina húsáid a shealbhú; agus an deis a thapú a gcuid eolais, feasachta, tuisceana, agus léirthuisceana a fhorbairt i leith na bpobal agus an bhéascna laistigh den dara teanga náisiúnta.

I measc aidhmeanna [Phlean Gníomhaíochta um an Straitéis do Theangacha Náisiúnta na Fionlainne](#) tá stádas na Sualainnise a choinneáil san oideachas, agus foghlaim imeasctha an dá theanga náisiúnta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur chun cinn.

3. Suíomh na teanga dúchais	Cad é suíomh na Sualainnise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an tSualainnis sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?
	Sa mheánoideachas sinsearach ginearálta, ag dul i dtreo an scrúdaithe mháithreánaigh (an dioplóma meánscolaíochta sinsearaí), is éigeantach é staidéar a dhéanamh ar an bhFionlainnis agus an tSualainnis, idir i scoileanna inarb í an Fhionlainnis teanga na scolaíochta, agus i scoileanna inarb í an tSualainnis teanga na scolaíochta. Leanann scoláirí i bhforais inarb í an tSualainnis an meán teagaisc nó i bhforais inarb í an Fhionlainnis an meán teagaisc an croíchuraclam céanna náisiúnta, arna chinneadh ag Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne um Oideachas. De réir an churaclaim sin, déanann scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Sualainnise staidéar an mháthairtheanga agus litríocht na Sualainnise mar ábhar éigeantach (ní mór dóibh 12 chreidiúint éigeantacha a fháil don scrúdú máithreánach), agus an Fhionlainnis mar an chéad teanga éigeantach/dara teanga náisiúnta (ní mór dóibh 10 gcreidiúint éigeantacha ar a laghad a fháil). Déanann scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Fionlainnise staidéar ar mháthairtheanga agus litríocht na Fionlainnise mar ábhar éigeantach (12 chreidiúint éigeantacha ar a laghad), agus an tSualainnis mar an chéad teanga éigeantach/dara teanga náisiúnta (10 gcreidiúint éigeantacha ar a laghad). Tá an scrúdú máithreánach (digiteach) comhdhéanta de chúig thriail ar a íosmhéid; tá ceann amháin acu sin, an triail sa mháthairtheanga agus litríocht (Sualainnis nó Fionlainnis) éigeantach do gach iarrthóir. Ní foláir don iarrthóir ansin ceithre thriail eile a dhéanamh nach mór gur le trí ghrúpa dhifriúla a r a laghad iad: matamaitic; an dara teanga náisiúnta; teanga eachtrach; daonnachtaí agus eolaíochtaí nádúrtha. Ní mór ar a laghad trian amháin de na trialacha a bheith ar ardleibhéal siollabais don ábhar. (Is féidir le hiarrthóirí scrúdú roghnach (breise) amháin nó níos mó a áireamh mar chuid dá scrúdú máithreánach.) Is iad an Fhionlainnis agus an tSualainnis (.i. comhlíontar an scrúdú máithreánach san Fhionlainnis nó tSualainnis bunaithe ar an teanga teagaisc ag an bhforas oideachasúil) an teanga scrúdúcháin. Sa mheán-ghairmoideachas sinsearach, is féidir cáilíochtaí gairmiúla a chomhlíonadh sa tSualainnis agus i bhforais oideachasúla Sualainnise ar fud na tíre. I measc aidhmeanna Phlean Gníomhaíochta um an Straitéis do Theangacha Náisiúnta na Fionlainne tá foghlaim chomhtháite an dá theanga náisiúnta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a chur chun cinn.
4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm	Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Sualainnise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Creat Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha, FTCE)?
	Is trialacha teanga iad na trialacha don Teastas Náisiúnta in Inniúlacht Teanga (YKI) atá ceaptha le cur ar chumas daoine fásta a n-inniúlacht i dteanga ar leith a bhailíochtú (m.sh. le hiarratas a dhéanamh ar phost, cúrsa staidéir, nó saoránacht Fhionlannach). Bíonn siad ar fáil thar raon teangacha, lena

n-áirítear an tSualainnis, agus déantar inniúlacht teanga fheidhmiúil i ngnáthshuíomhanna laethúla a thomhas leis an triail ar bhunleibhéal, leibhéal idirmheánach agus ardleibhéal. Áirítear na ceithre fho-scrúdú seo a leanas le gach scrúdú YKI: labhairt, tuiscint na héisteachta, scríbhneoireacht, agus tuiscint na léitheoireachta. Is scála shé phointe é an scála inniúlachtaí teanga den YKI, atá ar cóimhéid leis an scála leibhéal inniúlachtaí sa Fhráma Tagartha Comónta Eorpach ([FTCE](#)).

5. Ábhar an churaclaim

Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Sualainnise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Sualainnise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta don fhoghlaim teanga?

Na scoláirí sa mheánoideachas sinsearach sa Fhionlainn, críochnaíonn siad siollabas an mheánoideachais shinsearaigh nuair a éiríonn leo pas a fháil sa líon íosta modúl agus nuair a shroicheann siad íosmhéid 150 creidiúint (in imeacht thrí bliana de ghnáth). Is ionann gach creidiúint agus 14 uair an chloig agus 15 nóiméad den teagasc.

Déanann scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Sualainnise san Fhionlainn staidéar ar mháthairtheanga agus litríocht na Sualainnise mar cheann amháin as 18 n-ábhar éigeantacha, agus ní mór dóibh 12 chreidiúint éigeantacha ar a laghad a fháil (agus 6 chreidiúint roghnacha) san ábhar. Ní mór dóibh staidéar a dhéanamh ar an bhFionlainnis freisin mar an dara teanga náisiúnta, agus ní mór dóibh 10 gcreidiúint éigeantacha ar a laghad a fháil (12 chreidiúint éigeantacha ar ardleibhéal, nó 10 gcreidiúint éigeantacha ar leibhéal idirmheánach, móide 4 chreidiúint roghnacha).

Is ábhar ildisciplíneach í máthairtheanga agus litríocht lena mbaineann gnéithe teoriciúla, praiticiúla agus cultúrtha. Is é is aidhm dó cumas teanga, scileanna idirghníomhaithe agus il-litearthacht scoláirí a fheabhsú, agus a spéis i dteanga, litríocht, agus cineálacha eile cultúir a neartú, chomh maith lena bhfeasacht ar a scileanna a mhéadú mar chumarsáidithe agus úsáideoirí teanga. Tá sé mar aidhm ag an gcuraclam máthairtheanga agus litríochta freisin tacú le feasacht teanga, eolas cultúrtha agus cumas a fhorbairt, agus leis an bhfoghlaim thar gach ábhar, agus an t-eolas agus na scileanna a thabhairt do scoláirí a thacaíonn lena staidéir bhreise agus lena saoránacht ghníomhach.

Is í Gníomhaireacht Náisiúnta na Fionlainne um Oideachas a chinneann na cuspóirí agus príomhinneachar an mheánoideachais ghinearálta shinsearaigh sa [Chroí-Churaclam Náisiúnta](#) (2019), a úsáideann soláthraithe oideachais aonair le curaclam áitiúil a dhréachtú lena ndéantar cuspóirí sonracha agus inneachar an teagaisc a chinneadh.

6. Measúnú

Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an tSualainnis (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaim teanga)?

I gcás scoláirí meánscolaíochta sinsearaí san Fhionlainn ag déanamh staidéir ar an tSualainnis mar mháthairtheanga, is riachtanas éigeantach é triail a chomhlíonadh sa tSualainnis (máthairtheanga agus litríocht) don scrúdú máithreánach (an dioplóma meánscolaíochta sinsearaí).

Is é is aidhm don scrúdú máithreánach meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid atá scoláirí tar éis an t-eolas agus na scileanna is gá a shú isteach don churaclam sa mheánoideachas sinsearach, agus a mhaithe a bhain siad amach leibhéal inghlactha aibíochta i gcomhréir le spriocanna an mheánoideachais shinsearaigh ghinearálta. Má fhaightear pas sa scrúdú máithreánach, bíonn an t-iarrrthóir i dteideal leanúint ar aghaidh lena staidéir ar an ollscoil agus i bhforais eile ardoideachais.

Tá an scrúdú máithreánach (digiteach) comhdhéanta de chúig thriail ar a íosmhéid: an triail i máthairtheanga agus litríocht (Fionlainnis nó Sualainnis), móide ceithre thriail eile in ábhair arna roghnú ag scoláirí. Caithfidh na ceithre thriail sin teacht ó thrí ghrúpa dhifriúla ar a laghad arna roghnú ón matamaitic; an dara teanga náisiúnta; teanga eachtrach; na daonnachtaí agus na heolaíochtaí nádúrtha (lena dtugtar le fios nach gá do scoláirí an dara teanga náisiúnta a roghnú). Ní mór ar a laghad trian amháin de na trialacha a bheith ar ardleibhéal siollabais don ábhar. (Is féidir le hiarrthóirí scrúdú roghnach (breise) amháin nó níos mó a áireamh mar chuid dá scrúdú máithreánach.) Is iad an Fhionlainnis agus an tSualainnis (.i. comhlíontar an scrúdú máithreánach san Fhionlainnis nó tSualainnis bunaithe ar an teanga teagaisc ag an bhforas oideachasúil) an teanga scrúdúcháin.

Áirítear leis an triail mháthairtheanga don scrúdú máithreánach (atá le fáil san Fhionlainnis, sa tSualainnis, agus sa tSáimis) dhá chuid don tSualainnis (agus don Fhionlainnis): triail i scileanna téacsúla agus triail aiste. Tarlaíonn na measúnuithe seachtracha sin ar laethanta ar leithligh agus maireann gach ceann sé uair an chloig. Is leis an tsuim ualaithe pointí ón dá thriail a chinntear gráid an scoláire, agus ní mór do scoláirí an dá thriail a dhéanamh.

Déantar measúnú sa triail scileanna téacsúla ar scileanna anailíseacha agus cumas urlabhra an scoláire. Dírítear an triail aiste a leibhéal ginearálta oideachais, forbairt na smaointeoireachta, cumas urlabhra agus soiléire. Sa triail do scileanna téacsúla, tugtar ábhar do scoláirí atá comhdhéanta de théacsanna liteartha difriúla, téacsanna léiritheacha agus saothar ealaíne. Ar bhonn an ábhair, freagraíonn siad dhá thasc as ceithre cinn, agus féadfar iarraidh orthu na bríonna, na struchtúir, na friotail agus comhthéacs an ábhair a anailísiú, nó achoimre nó tráchtáireacht a scríobh. Sa triail aiste, roghnaíonn scoláirí sannachán amháin as íosmhéid de chúig cinn agus scríobhann siad aiste de réir na dtreoracha.

(Aon scoláire nach í an Fhionlainnis, an tSualainnis ná an tSáimis a máthairtheanga, nó a úsáideann Teanga Chomharthaíochta mar chéad teanga s'acu; is féidir leo an scrúdú máthairtheanga a ionadú le triail ar an bhFionlainnis nó an tSualainnis mar an dara teanga. Tá codanna den scrúdú a bhaineann le héisteacht agus tuiscint léitheoireachta agus léiriú scríofa. Féadfaidh scoláire an triail mháthairtheanga a dhéanamh i bhFionlainnis nó i Sualainnis in ionad an dara triail teanga náisiúnta sa teanga sin.)

7. Fachtóirí cumasúcháin	Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Sualainnise sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Sualainnise; cad iad na príomhghnéithe d'oidéolaíocht na Sualainnise; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Sualainnise?
	Cuirtear i dtábhacht faoi láthair oideachas Sualainnise níos cothroime agus níos cuimsithí a sholáthar ar cháilíocht níos airde ag gach leibhéal den oideachas. Áirítear leis sin inniúlacht dhigiteach a fheabhsú agus a chur chun cinn, agus ábhair foghlama dhigiteacha a fhorbairt agus timpeallachtaí foghlama solúbtha ilúsáideacha sa dá theanga náisiúnta. Leagtar béim freisin ar a chinntiú go mbíonn dóthain acmhainní ar fáil ar gach leibhéal oideachais chun ábhair foghlama Sualainnise ardcháilíochta a fhorbairt chun ceanglais an churaclaim a chomhlíonadh. Is tosaíocht don Aireacht Oideachais agus Cultúir freisin í feabhas a chur ar chomhordú foriomlán an oideachais Sualainnise ar an leibhéal náisiúnta, agus chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar ghnéithe ar leith an oideachais Sualainnise leis na forbairtí oideachasúla. Tá samhlacha comhoibrithe agus struchtúir líonraithe á gceapadh aici freisin chun oideachas a sholáthar, d'fhonn a chinntiú go mbíonn tacaíocht ghairmiúil ar fáil, agus ag féachaint le hinniúlacht múinteoirí a fheabhsú. Le conair staidéir ardcháilíochta a cheapadh don tSualainnis mar dhara teanga agus don Fhionlainnis, tá sí ag féachaint freisin ar chlár forbartha a sheoladh ar gach leibhéal den chóras oideachais, agus chun maoiniú a chur i bhfeidhm don idirdhealú dearfach ar bhonn buan.

3.3 Teangacha dúchais sa churaclam: An Ghaeilge in Éirinn

An Ghaeilge in Éirinn	
1. Cuspóir agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Is í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus an phríomhtheanga oifigiúil, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Bhunreacht, agus glactar leis an mBéarla mar an teanga oifigiúil eile. Is croí-ábhar í an Ghaeilge sa churaclam i gcéim na sraithe sinsearaí (meánscoil shinsearach, 15+ bliana d'aois) den oideachas in Éirinn. Is é an Béarla an meán teagaisc sa chuid is mó scoileanna, mar a múintear an Ghaeilge. I scoileanna ainmnithe sna ceantair Ghaeltachta (na réigiúin in Éirinn inarb í an Ghaeilge an phríomhtheanga labhartha ag móramh an phobail, nó ina raibh sé amhlaidh go dtí le deireanas⁸), is í an Ghaeilge an meán teagaisc, agus an Béarla á mhúineadh freisin. Tá líon teoranta scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gceantair lasmuigh den Gaeltacht freisin⁹. San Acht Oideachais 1998 cuirtear oibleagáidí sonracha ar an gcóras chun rannchuidiú le fíorú an bheartais agus na gcuspóirí náisiúnta i ndáil leis an nGaeilge, le coinneáil na Gaeilge mar an príomhphobal teanga sna ceantair Ghaeltachta, agus le teanga agus éilimh chultúrtha scoláirí a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a gcuid tuismitheoirí. In Daonáireamh 2022, labhair 32 faoin gcéad de gach cainteoir Gaeilge d'aois trí bliana agus os a cionn an Ghaeilge go maith, i gcomparáid le 55 faoin gcéad nár labhair an teanga go maith. Díobh siúd a labhraíonn an Ghaeilge, thuairiscigh 63 faoin gcéad de na daoine d'aois idir 15 agus 19 mbliana, gur labhair siad go fíormhaith nó go maith í.	
2. Aidhmeanna agus cuspóirí	Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
I Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010-2030 cuirtear chun cinn cur chuige iomlánaíoch comhtháite don Ghaeilge, agus leagtar amach sraith limistéar gníomhaíochtaí chun tairbhe na teanga agus na Gaeltachta. Tugtar tábhacht nach beag sa straitéis do chaomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht i ndáil leis an oidhreacht, cultúr agus saibhreas na teanga a chaomhnú agus a chosaint sna háiteanna ina bhfuil sí fós mar theanga teaghlaigh agus pobail. Áirítear leis an cuspóir freisin chun úsáid na teanga a leathnú ar fud na tíre, agus bunaítear an t-oideachas leis mar cheann amháin de na naoi limistéar gníomhaíochta - oideachas; an Ghaeltacht; tarchur teaghlaigh na teanga -	

⁸ Foinse: [An Gaeltacht | Ár dTeanga & An Gaeltacht | Údarás na Gaeltachta \(udas.ie\)](#)

⁹ In 2020, bhí 29 n-iar-bhunscoil trí mheán na Gaeilge ann lasmuigh den Gaeltacht (as tuairim is 730 iar-bhunscoil san iomlán), ag freastal ar 10,823 scoláire ([dfbb98b6-b26f-42c3-a56b-f9751386e61a.pdf \(www.gov.ie\)](#)).

luath-idirghabháil; riarachán; seirbhísí agus pobal; meáin agus teicneolaíocht; foclóirí; reachtaíocht agus stádas; saol eacnamaíoch; tionscnaimh thrasghearrthacha.

Áirítear leis na spriocanna ceannlíne atá le fáil sa [Straitéis don Ghaeilge](#) sprioc chun méadú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- an líon daoine ag a bhfuil eolas ar Ghaeilge ó 1.66 milliún chuig 2 mhilliún (i ndaonra díreach os cionn 5 mhilliún)¹⁰
- an líon cainteoirí a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachas a mhéadú ó 83,000 go 250,000.

Tá an straitéis bunaithe ar ráiteas ón rialtas dar teideal [Ráiteas i leith na Gaeilge 2006](#), lena n-áirítear:

Cuspóir 5: Múinfear an Ghaeilge mar ábhar éigeantach idir an bhunscolaíocht agus an Ardteistiméireacht. Cothóidh an curaclam inniúlacht béal agus scríofa sa Ghaeilge i measc scoláirí agus cothófar tuiscint leis ar a luach dúinne mar phobal...

Cuspóir 6: Cuirfear caighdeán ard d'oideachas go hiomlán trí mheán na Gaeilge ar fáil do scoláirí ar mian lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí go mbainfidís leas as. Leanfar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do Ghaelscoileanna¹¹ ar an leibhéal bunoidreachais, agus forbrófar an soláthar lán-Ghaeilge ar leibhéal iar-bhunscolaíochta chun an t-éileamh leantach a shásamh.

I mí Dheireadh Fómhair 2016, d'fhoilsigh An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) [Beartas don Oideachas Gaeltachta 2017-2022](#), chun an feabhas a chur chun cinn i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus chun tacú le húsáid neartaithe na Gaeilge mar theanga phobail sna ceantair Ghaeltachta. Ba é sin an chéad bheartas a bhí sonrach don Ghaeltacht riamh i stair an stáit. Is iad na spriocanna uileghabhálacha a bhaineann leis cur ar chumas gach linbh sa Ghaeltacht rochtain éasca a fháil ar shuíomhanna oideachais ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar an teanga chumarsáide agus theagaisc i ngach ábhar; soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán i scoileanna Gaeltachta a chinntiú; agus tacú le húsáid na Gaeilge sna pobail Ghaeltachta.

Tá dúshlán os comhair scoileanna Gaeltachta leis an gcuraclam go léir a sheachadadh trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs ina mbíonn cumais éagsúla acu siúd ag teacht chun na scoile. Aithnítear an méid sin sa [Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú](#) i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020, ina dtugtar faoi deara go bhféadann na foghlaimeoirí a fhreastalaíonn ar na scoileanna sin teacht ó bhailte inarb í an Ghaeilge an chéad teanga nó ó bhailte inarb é an Béarla (nó teanga eile) an chéad teanga. Dá thoradh sin, bíonn éilimh foghlama an-éagsúla ag foghlaimeoirí, agus beidh a gcumas á fhorbairt acu chun labhairt, léamh agus scríobh sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon, agus chun bogadh gan dua idir na teangacha agus a bhfoghlaim litearthachta a aistriú ó theanga amháin go chéile.

Chun tacú leis sin, áirítear leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge gealltanais maidir le hinfheistíocht fheabhsaithe san fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht leanúnach do mhúinteoirí, chomh maith le soláthar téacsleabhar agus acmhainní agus tacaíochta le haghaidh cuir chuige nuálacha i leith an

¹⁰ [Daonáireamh 2022 - Torthaí Achoimre - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh](#)

¹¹ Scoileanna Gaeilge

teagaisc agus na foghlama. Tá tiomantas le fáil freisin sa Bheartas don Oideachas Gaeltachta chun nuálaíocht agus barrfheabhas i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge a chothú, agus i nascanna na scoileanna le pobail Ghaeltachta, trí aitheantas a thabhairt do Scoileanna Gaeltachta den Scoth lena bhféadfaí a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus éirí páirteach i bpobail chleachtais a threorú.

Bunaíodh [Aonad Oideachais Gaeltachta](#) ar leith chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an bheartais.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ag iarraidh beartas nua a fhorbairt don oideachas trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht freisin agus tá freagairtí ar [chomhairliúcháin](#) poiblí a tháinig chun críche i samhradh 2023 á n-athbhreithniú aici faoi láthair. Leis an mbeartas, sainaitheofar gníomhartha chun oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar i suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge; cion na leanaí agus na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeilge a mhéadú; beartas a fhorbairt maidir le hAonaid/Sruthanna Gaeilge sna hiar-bhunscoileanna atá ann cheana a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir soláthar múinteoirí agus foirne eile ag a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge a mhéadú leis an éileamh i suíomhanna oideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a shásamh; agus féachaint ar bhealaí chun rannpháirteachas pobail a dhoimhniú timpeall ar shuíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

3. Suíomh na teanga dúchais

Cad é suíomh na Gaeilge sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Ghaeilge sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?

Is croí-ábhar curaclaim í an Ghaeilge sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas. Tarlaíonn múineadh agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, a gcleachtann roinnt acu cur chuige tumoideachais pháirtigh nó dátheangach; in aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge laistigh de scoileanna; agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá roinnt scoileanna ag féachaint le haitheantas a fháil mar scoileanna Gaeltachta freisin de réir [an Bheartais don Oideachas Gaeltachta 2017-2022](#) (dá bhfaigheann siad tacaíochtaí breise).

Cleachtar an tumoideachas sna hiar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (scoláirí d'aois 12+): déantar gach gníomhaíocht trí mheán na Gaeilge, seachas teangacha eile a mhúineadh. In 2020, bhí 29 iar-bhunscoil lán-Ghaeilge ann lasmuigh den Ghaeltacht (as timpeall 730 iar-bhunscoil san iomlán¹²), ag freastal ar 10,823 scoláire¹³.

Is é an beartas náisiúnta é curaclam ina nglactar cur chuige tumoideachais a chur ar fáil ar bhonn níos forleithne, ionas go ndéanfaí gach réimse foghlama, seachas an Béarla agus Nuatheangacha lasachta, a theagasc trí Ghaeilge, agus táthar ag súil go mbeidh an deis ag gach scoláire Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge.

¹² [Príomh-Staidreamh 2021-2022 - 8743376a-a34f-4f9c-a691-b39ba8a89c61.pdf \(www.gov.ie\)](#)

¹³ [dfbb98b6-b26f-42c3-a56b-f9751386e61a.pdf \(www.gov.ie\)](#)

In oideachas na sraithe sóisearaí iar-bhunscolaíochta (scoláirí d'aois 12-15 bliana), is croí-ábhar í an Ghaeilge le haghaidh Phróifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA).

Sa tsraith shinsearach (meánoideachas sinsearach) (15+ bliana d'aois), ní mór do scoláirí a thugann faoin Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB), agus faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), cúig ábhar a dhéanamh ar a laghad, agus ba cheart go mbeadh an Ghaeilge ar cheann de na hábhair sin, mura dtabharfaí díolúine shonrach dóibh. Le siollabas na Gaeilge atá ann cheana, a foilsíodh in 1995 agus a ndearnadh athbhreithniú air in 2010 de réir théarmaí chiorclán 0042/2007, freastalaítear ar gach scoláire sa tsraith shinsearach a thugann faoi ATB agus GCAT.

Ní mór do scoláirí a leanann clár ar leith na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) (Gaeilge Chumarsáideach, [Siollabas](#) Nuashonraithe le héifeacht ó Mheán Fómhair 2010) staidéar a dhéanamh ar dhá mhodúl Gaeilge: An Ghaeilge thart timpeall orainn agus An Ghaeilge mar Theanga Bheo.

Tá an Ghaeilge mar chuid de [chlár na hIdirbhliana](#) freisin, an clár neamhspleách aon bhliana a fheidhmíonn mar an chéad bhliain de shraith shinsearach trí bliana in go leor scoileanna agus atá deartha mar dhroichead idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.

I sraith shinsearach an oideachais iar-bhunscoile, tá obair chun sonraíochtaí curaclaim a nuashonrú le haghaidh¹⁴ Ghaeilge na hArdteistiméireachta [curtha ar sos](#) faoi láthair.

4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm

Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le múineadh agus le foghlaim na Gaeilge sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE)?

Maidir leis an siollabas Gaeilge atá ann cheana le haghaidh na scoláirí sa tsraith shinsearach a leanann an Ardteistiméireacht (Bhunaithe) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), agus an tsonraíocht ar leith do scoláirí a leanann clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF), is amhlaidh nach ndéantar tagairt iontu do FTCE.

Ní dhéantar aon tagairt i [nDréachtsonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta T1](#) agus i [nDréachtsonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta T2](#) (atá curtha ar sos faoi láthair) do FTCE ná do chreat nó tagarmharcanna aitheanta eile.

5. Ábhar an churaclaim

Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Gaeilge (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Gaeilge; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta d'fhoghlaim teangacha?

An Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)

¹⁴ Ceaptar dréachtsonraíocht Teanga a haon chun éilimh foghlama Gaeilge na scoláirí a chomhlíonadh ar cainteoirí dúchasacha na Gaeilge iad; deartar sonraíocht teanga a dó le haghaidh scoláirí a bhfuil oideachas á chur orthu trí mheán an Bhéarla.

Tógann curaclam [Ghaeilge na hArdteistiméireachta atá ann faoi láthair](#) don Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) ar an teanga a forbraíodh le linn an timthrialla shóisearaigh, agus scileanna teanga na héisteachta, na cainte, na léitheoireachta, an urlabhra agus na scríbhneoireachta á bhforbairt a thuilleadh.

Dírítear an curaclam ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta scoláirí, agus ar a gcumas samhlaíoch, cruthaitheach, aeistéitiúil agus mothúcháinach a chur chun cinn; scileanna staidéir agus cumas anailíseach agus béile scoláirí a fhorbairt; agus tuiscint scoláirí ar an nGaeilge, teicneolaíocht na cumarsáide agus ilteangachas a chur chun cinn. Tá dhá phríomhréimse fócais i gceist – An Cultúr Gaelach agus An Fheasacht Teanga, agus díritear na cuspóirí múinteoireachta ar an méid seo a leanas: tuiscint, lena n-áirítear teanga labhartha/tuiscint éisteachta agus téacsanna scríofa/tuiscint léitheoireachta; labhairt; scríbhneoireacht; litríocht, lena n-áirítear próis agus filíocht; agus úsáid teanga. I measc na bpríomhábhar tá an scoláire é/í féin; an scoil agus an obair; an Ghaeilge mórtimpeall orainn; saol an duine óig; na meáin, lena n-áirítear TFC; agus ábhair inspéise eile do scoláirí.¹⁵

Tá na dréachtsonraíochtaí (atá curtha ar sos anois) le haghaidh [Ghaeilge na hArdteistiméireachta T1](#) agus [Ghaeilge na hArdteistiméireachta T2](#) don Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) deartha chun maireachtáil go ceann 180 uair an chloig ar a laghad d’am teagmhála sa rang, agus baineann trí shnáithe leo: Cumarsáid, Feasacht, and Cruthaitheacht Teanga.

Is é Cumarsáid an príomhshnáithe den tsonraíocht, agus soláthraíonn Feasacht agus Cruthaitheacht Teanga dhá shnáithe tacaíochta chun eispéireas foghlama an scoláire a chruthú. Is é is aidhm do na trí phríomhshnáithe cur le heispéiris agus foghlaim scoláirí ón timthriall sóisearach agus eispéireas foghlama scoláirí a neartú agus a leathnú ach iad a chomhtháthú.

- Cumarsáid: tá cúig ghné léi – éisteacht, léitheoireacht, teanga labhartha, idirghníomhú labhartha, agus scríbhneoireacht. Tá inniúlacht sa chumarsáid comhdhéanta d’inniúlachtaí scoláirí sna cúig phríomhscil den éisteacht, léitheoireacht, labhairt, táirgeadh labhartha, agus scríbhneoireacht - na scileanna is gá chun bheith ina úsáideoir gníomhach teanga.
- Feasacht: tá trí ghné léi – feasacht teanga, féinfheasacht foghlaimeoirí, agus feasacht chultúrtha. Is ionann feasacht teanga agus eolas agus tuiscint scoláirí ar úsáid cheart, córais, agus dul na Gaeilge mar theanga. Baineann féinfheasacht na bhfoghlaimeoirí leis an aithne a chuireann an scoláire air féin mar fhoghlaimeoir teanga, agus lena chumas chun a gcuid gníomhaíochtaí foghlama teanga a fhéintreorú. Cuidíonn an fheasacht chultúrtha le scoláirí tuiscint a fhorbairt ar an bpobal teanga agus lena suíomh féin a aimsiú laistigh den phobal teanga agus de chultúir eile.
- Cruthaitheacht Teanga: díritear ar smaointeoirí muiníneacha, criticiúla, agus cruthaitheacha a fhorbairt, agus cuimsítear léi scileanna cognaíocha agus sóisialta, chomh maith le dearchtaí agus mothúcháin scoláirí de réir mar a fhoghlaimíonn siad.

[An Ardteistiméireacht Fheidhmeach](#)

¹⁵ Rinneadh an téacs sa mhír seo a rochtain trí úsáid a bhaint as feidhmchlár aistriúcháin.

Curaclam ar leith na hArdteistiméireachta Feidhmí: Is cúrsa cumarsáide í [Gaeilge Chumarsáideach](#) ina ndírítear ar dhá mhodúl: An Ghaeilge thart timpeall orainn, agus an Ghaeilge mar theanga bheo. Is é is aidhm dó scoláirí a ullmhú don saol mar dhuine fásta agus oibrí agus le cur ar a gcumas an Ghaeilge a úsáid i suíomhanna lasmuigh den scoil. Cuirtear i dtábhacht ann forbairt phearsanta agus shóisialta scoláirí agus a scileanna cumarsáide sa Ghaeilge, agus díreann ar scileanna éisteachta agus labhartha a fhorbairt agus ar scileanna taighde agus eagrúcháin scoláirí.

6. Measúnú

Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an nGaeilge (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaim teanga)?

Áirítear leis an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 an cuspóir go gcuirfear chun feidhme an measúnú náisiúnta ar inniúlacht cluaise agus béil sa Ghaeilge in oideachas na dtimthriallta sóisearacha agus sinsearach araon (aoiseanna 12-15 bliana agus 15-17/18 mbliana faoi seach) (Rialtas na hÉireann, 2023, leathanach 12).

[An Ardteistiméireacht Bhunaithe \(ATB\) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta \(GCAT\)](#)

Is ar thrí leibhéal a dhéantar an measúnú don Ardteistiméireacht Bhunaithe agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) - Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal. Déantar measúnú ar inniúlacht béil an fhoghlaimora timpeall na Cásca sa bhliain dheireanach den chúrsa dhá bhliain, i scrúdú béil dar luach 40 faoin gcéad den mharc iomlán (ar gach Leibhéal). Déantar measúnú ar na trí scil eile (éisteacht, léitheoireacht agus scríbhneoireacht) i mí an Mheithimh trí scrúduithe seachtracha arna socrú agus arna marcáil go seachtrach. Ar Ghnáthleibhéal agus Ardleibhéal, áirítear leis na scrúduithe cluastuisceana agus aiste scríofa (Páipéar a haon) agus tuiscint léitheoireachta agus litríocht (Páipéar a dó). Ní mór staidéar a dhéanamh ar Ghnáthleibhéal maidir le gnéithe de shaothair liteartha, agus ní mór staidéar níos grinne a dhéanamh ar na saothair chéanna sin maille le hábhar breise ar Ardleibhéal. Ar Bhonnleibhéal, páipéar scríofa amháin atá sa scrúdú ina ndéantar measúnú ar chluastuiscint, tuiscint léitheoireachta agus aiste scríofa (Coimisiún na Scrúduithe Stáit, 2010).

Maítear sna dréachtsonraíochtaí (atá curtha ar sos faoi láthair) do [Ghaeilge na hArdteistiméireachta T1](#) agus [Gaeilge na hArdteistiméireachta T2](#) go mbeidh an measúnú don teistiúchán bunaithe ar na haidhmeanna, cuspóirí agus torthaí foghlama don tsonraíocht, agus áirítear leo scrúdú béil, agus cluas-scrúdú agus scrúdú scríofa. Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach comhpháirt a riar agus a mheasúnú, agus tá dhá leibhéal scrúduithe ann, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Is éagsúil é leithdháileadh na marcanna de réir leibhéil agus chonair teanga (L1 agus L2).

[An Ardteistiméireacht Fheidhmeach](#)

Is cáilíocht chreidiúint-bhunaithe í **An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)** ar leith, agus creidiúintí á mbronnadh ar chomhlíonadh sásúil an mhodúil iomchuí, ar chomhlíonadh na bpríomhthascanna i ndáil leis an modúl, agus ar chomhlíonadh Tascanna Scoláire agus scrúduithe deiridh. Tá scrúdú

seachtrach a dhéanamh ag deireadh an chúrsa ina riachtanas do gach scoláire¹⁶. Tá an scrúdú bunaithe ar an dá mhodúl de chúrsa Gaeilge ATF: An Ghaeilge thart timpeall orainn, agus an Ghaeilge mar theanga bheo. Áirítear lena chomhpháirteanna scrúdú béil, tuiscint éisteachta, tuiscint léitheoireachta, agus scrúdú scríofa. Is ionann an scrúdú agus trí chreidiúint – ceann ón gcomhpháirt béil agus dhá cheann ón gcomhpháirt scríofa.¹⁷

7. Fachtóirí cumasúcháin

Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Gaeilge; cad iad na príomhghnéithe d'oidelaíocht na Gaeilge; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Gaeilge?

Áiríodh le **Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006**, ar a bhfuil an **Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge** bunaithe, tiomantas d'infheistíocht fheabhsaithe san fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht leanúnach do mhúinteoirí; soláthar téacsleabhar agus acmhainní; agus tacaíocht do chuir chuige nuálacha don mhúinteoireacht agus don foghlaim.

Áirítear leis an Straitéis Fiche Bliain:

- is í an aidhm deiridh tumoideachas páirteach in ábhair eile a thairiscint do gach scoláire atá ag déanamh staidéar ar an nGaeilge mar chroí-ábhar i scoileanna príomhshrutha. Cuirfear an méid sin chun feidhme ar bhonn céimneach i gcomhréir leis an dul chun cinn atá déanta chun inniúlachtaí múinteoirí a neartú sa limistéar sin trí chlár infheistíochta cuimsitheach d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí.

Áirítear tiomantais ann chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dioplóma larchéime san Oideachas a thabhairt isteach arna theagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge
- réimse leathan téacsleabhar, ábhair agus acmhainní teicneolaíochta nua a fhorbairt agus a chur ar fáil, chun tacú le múineadh na Gaeilge agus leis an múinteoireacht trí mheán na Gaeilge
- faisnéis agus ábhair acmhainne a léiriú le haghaidh catagóirí éagsúla gairmithe scoile
- aitheantas speisialta a thabhairt do scoileanna ina bhfuil dea-chleachtas i múineadh na Gaeilge
- scéim scoláireachtaí a fhorbairt le haghaidh leanaí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste chun freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht, agus cistí a chur ar fáil le haghaidh coláistí samhraidh Gaeilge.

Ag tús 2018, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna forbairt dhá [chlár](#) oideachais nua do mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge chun suas le 60 ionad nua a sholáthar don oideachas múinteoirí trí mheán na Gaeilge ar bhonn bliantúil. Ba bheart tábhachtach iad na hionaid nua chun a chinntiú go mbíonn soláthar leordhóthanach múinteoirí trí mheán na Gaeilge ag scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus Ghalltachta araon. Seoladh an Mháistreacht

¹⁶ Mura ndéanadh díolúine shonrach ó staidéar na Gaeilge dóibh ([gov - Apply for an Irish exemption \(www.gov.ie\)](http://www.gov.ie))

¹⁷ Rinneadh an téacs sa mhír seo a rochtain trí úsáid a bhaint as feidhmchlár aistriúcháin.

Ghairmiúil san Oideachas trí mheán na Gaeilge agus Oideachas Gaeltachta do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i mí Dheireadh Fómhair 2018, agus cuireadh tús leis an mBaitsiléireacht Oideachais trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile in 2019.

Agus tús á chur leis in 2024, tairgfídh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Oideachais Marino [clár](#) nua dhá bhliain a bheidh dírithe ar scileanna na múinteoirí cláraithe iar-bhunscolaíochta a fheabhsú. Beidh rannpháirtithe sa chlár in ann clárú chun an Ghaeilge a mhúineadh chuig leibhéal na hArdteistiméireachta i scoileanna, agus tá an clár beartaithe lena chur ar fáil ar bhealach solúbtha agus nuálach, lena n-áirítear foghlaim duine le duine, ar líne agus bunaithe ar chleachtas, chun rannpháirtíocht leathan a chumasú. Beidh an **clár uasoiliúna sa Ghaeilge** ar oscailt do mhúinteoirí cláraithe iar-bhunscolaíochta nach bhfuil cláraithe cheana féin sa Ghaeilge agus, cosúil le cláir uasoiliúna roimhe seo (m.sh. sa mhatamaitic), cuirfear áiteanna ar an gclár ar fáil saor in aisce do mhúinteoirí rannpháirteacha.

Aithníodh sa **Bheartas maidir leis an Oideachas Gaeltachta** freisin go bhfuil gá le réimse tacaíocht chun acmhainneacht scoileanna a fhorbairt chun oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Sna seacht gcolún den tacaíocht a leagtar amach sa Bheartas áirítear feabhas a chur ar chaighdeán na múinteoireachta trí mheán na Gaeilge; acmhainneacht ceannairí scoile agus bainistíochta scoile a fhorbairt; agus an curaclam, acmhainní agus tacaíochtaí teanga a fheabhsú don Ghaeilge.

De réir **Scéim Aitheantais na Scoileanna Gaeltachta** (cuid den Bheartas maidir leis an Oideachas Gaeltachta), na scoileanna iar-bhunscolaíochta a chuireann tumoideachas trí mheán na Gaeilge d'fhonn aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta, faigheann siad acmhainní breise teanga. Áirítear orthu sin uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge, deontas le haghaidh acmhainní trí mheán na Gaeilge, agus forbairt ghairmiúil leanúnach agus cuairteanna cigireachta leanúnacha chun tacú lena rannpháirtíocht sa scéim. Áirítear freisin leis na critéir theanga-bhunaithe le haghaidh scoileanna a fhéachann le haitheantas a fháil go ndéanfaidís:

- naisc chultúrtha a bhunú le scoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge úsáid a bhaint as deiseanna foghlama leis an teicneolaíocht dhigiteach, ar líne agus/nó atá cumaiscthe.
- gach uile iarracht a dhéanamh chun foireann mhúinteoireachta agus choimhdeach a earcú a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtadh oideolaíochta atá ábhartha don mhúinteoireacht trí mheán na Gaeilge, chomh maith le tuiscint a fháil ar an teanga agus dinimic chultúrtha na Gaeltachta.

Moltar sa Bheartas maidir le hOideachas Gaeltachta réimse beart chun scoláirí agus scoileanna Gaeltachta agus a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a dhreasú le bheith páirteach sa tsonraíocht atá molta amach anseo do Ghaeilge L1 na hArdteistiméireachta. D'fhéadfaí a áireamh leosan sparánachtaí tríú leibhéal (ardoideachas) a dheonú do scoláirí a chomhlíonann nó a sháraíonn tairseach shonraithe gráid sa tsonraíocht churaclaim teanga a haon don Ghaeilge i scrúduithe na hArdteistiméireachta; 10 faoin gcéad d'ionaid ar chlár oideachais tosaigh múinteoirí a chur in áirithe do na scoláirí sin a ghnóthaíonn tairseach shonraithe gráid sa tsonraíocht churaclaim teanga a haon don Ghaeilge san Ardteistiméireacht (agus a chomhlíonann ceanglais iontrála eile do na cláir); nó

aitheantas a thabhairt do ghnóthachtaí sa tsonraíocht churaclaim teanga a haon don Ghaeilge i scrúduithe na hArdteistiméireachta mar cheanglas do ghlacadh isteach ar chúrsaí tríú leibhéal óna dteastaíonn inniúlacht níos airde sa Ghaeilge, amhail Dlí agus Gaeilge.

Oideolaíocht: An Ardteistiméireacht Bhunaithe/Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)

Áirítear leis an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge béim láidir ar inniúlacht béil, cluaise agus scríofa a chothú sa Ghaeilge san iar-bhunoideachas, agus é mar aidhm leis claochlú suntasach béime a chinntiú i leith na Gaeilge mar theanga labhartha. Chun na críche sin, sa siollabas leasaithe don Ghaeilge don Ardteistiméireacht Bhunaithe agus do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), a tugadh isteach do scrúdú tosaigh in 2012, tháinig méadú ar na marcanna chuig 40 faoin gcéad a tugadh don mheasúnú béil.

Moltar sna dréachtsonraíochtaí (curtha ar sos) le haghaidh [Ghaeilge na hArdteistiméireachta T1](#) agus [Ghaeilge na hArdteistiméireachta T2](#), agus an Ghaeilge á múineadh, go n-úsáideann múinteoirí réimse straitéisí iomchuí atá ábhartha do na comhthéacsanna éagsúla ina n-úsáidtear an teanga, chun a chinntiú go leagtar béim ar spéiseanna agus éilimh scoláirí san fhoghlaím agus sa mhúinteoireacht. Molann siad an méid seo a leanas freisin:

- Gurb í an Ghaeilge teanga na foghlama agus na cumarsáide sa seomra ranga Gaeilge
- nach ndéantar staidéar ar na trí **phríomhréimse fócais** (Cumarsáid, Feasacht agus Cruthaitheacht Teanga) astu féin, agus go leagtar béim ar chomhtháthú scileanna agus inniúlachtaí
- go dtugann na múinteoirí aiseolas do scoláirí maidir lena ndul chun cinn thar scileanna éagsúla
- go n-úsáideann múinteoirí téacsanna liteartha agus neamhliteartha chun an teanga a mhúineadh agus a fhoghlaim, agus trína saineolas sa teanga, go gcruthaíonn siad ionchur saibhir teanga agus go dtugann siad treoraíocht, spreagadh, cúnamh, aiseolas agus tacaíocht do scoláirí
- go dtreoraíonn na múinteoirí na scoláirí chun deiseanna a thapú an teanga a úsáid le cumarsáid a dhéanamh ina dtimpeallacht, agus tugann spreagadh d'urraim don teanga agus do chultúr na hÉireann
- go ndéantar inniúlachtaí scoláirí a fhorbairt trí idirghníomhú leis an bpobal teanga, a thugann samplaí den teanga bheo dóibh, agus a thugann spreagadh do shealbhú na teanga
- go bhforbraíonn scoláirí a bhféiniúlacht dhátteangach/ilteangacha trí chomparáid a dhéanamh idir an Ghaeilge agus teangacha eile, agus idirghníomhú le comhscoláirí i léiriú gníomhach na teanga trí obair i meitheal agus i mbeirteanna sa rang agus i gcomhthéacsanna laethúla lasmuigh den scoil.

Oideolaíocht: An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Sa [siollabas](#) don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) ar leith, ar a ndearnadh athbhreithniú in 2010 de réir théarmaí chiorclán 0042/2007, moltar do mhúinteoirí an Ghaeilge a úsáid mar theanga an ranga; béim a leagan ar chluastuisctint agus ar labhairt na teanga sula bhforbraítear scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta; spéiseanna na scoláirí a úsáid chun ábhar ceachta a dheardh; réimse leathan modhanna múinte agus meastóireachta a úsáid; obair i mbeirteanna, obair ghrúpa agus rólimirt a chur san áireamh chun deiseanna a thabhairt do scoláirí cleachtadh a dhéanamh ar a bhfoghlaimíonn siad; ábhar barántúil a úsáid nuair is féidir; teagasc agus foghlaim na Gaeilge a

nascadh le suíomhanna agus comhthéacsanna réadúla, m.sh. trí chuaipteanna a eagrú ar shuíomhanna ina n-úsáidtear an Ghaeilge ar bhonn laethúil; an pobal agus an ceantar áitiúil a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim; agus an Ghaeilge a thugann na scoláirí isteach sa seomra ranga leo a aithint.¹⁸

Eagraíochtaí

Tá réimse eagraíochtaí ann freisin a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna lena n-áirítear [an tAonad Oideachais Gaeltachta](#) agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ([COGG](#)) – a chuireann acmhainní múinteoireachta, seirbhísí tacaíochta agus taighde ar fáil.

Seoladh Oide freisin i mí Mheán Fómhair 2023, ar seirbhís chomhtháite tacaíochta í d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí agus ceannairí scoile. Agus na ceithre sheirbhís tacaíochta a bhí ann cheana á gcur le chéile, tá rannán le fáil ar [shuíomh gréasáin Oide](#) atá tiomnaithe do chur chun cinn agus tacaíocht don oideachas trí mheán na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna.

¹⁸ Rinneadh an téacs sa mhír seo a rochtain trí úsáid a bhaint as feidhmchlár aistriúcháin.

3.4: Teangacha dúchais sa churaclam: An Mháltais i Málta

An Mháltais i Málta	
1. Cuspóir agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Máltais sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Tá beartas oideachais dátheangach i bhfeidhm i Málta, ina dtarlaíonn an scolaíocht in dhá theanga oifigiúla na tíre, mar atá: an Mháltais, arb í an teanga náisiúnta í, agus an Béarla. Le hAirteagal 5.1 den Bhunreacht bunaítear an Mháltais mar an teanga náisiúnta, agus in airteagal 5.2 dearbhaítear gurb iad an Mháltais agus an Béarla (agus cibé teanga eile agus a fhorordóidh an Pharlaimint) teangacha oifigiúla Mhálta. Is sa Mháltais agus Béarla is coitianta a thugtar an teagasc i scoileanna, agus athraíonn sé sin idir scoileanna aonair (féadann roinnt acu an Béarla a úsáid níos mó ná an Mháltais; i gcinn eile, úsáideann múinteoirí agus scoláirí códmhalartú leathan idir Béarla agus Máltais sa seomra ranga). Is í an Mháltais an teanga labhartha atá i réim, agus is í máthairtheanga do thimpeall ar 98 faoin gcéad den daonra í. Cé gurb í an Mháltais an teanga a labhraíonn móramh na saoránach, ní úsáidtear i ngach fearann í áfach. Ó thaobh an mheáin scríofa de, is fearr le 44.5 faoin gcéad den daonra an Béarla, i gcomparáid le húsáid na Máltais scríofa (43.1 faoin gcéad). Nuair a ceistíodh muintir Mhálta faoina rogha teanga don léitheoireacht, roghnaigh 46.3 faoin gcéad den daonra an Béarla agus b'fhearr le 38.6 faoin gcéad acu an Mháltais. Cé go bhfuil líon méadaitheach leabhar á scríobh sa Mháltais agus á aistriú isteach inti, tá an t-ábhar léitheoireachta sa Mháltais fós teoranta i gcomparáid le hinfhaighteacht na dtéacsanna Béarla. Is i mBéarla atá an chuid is mó de na téacsleabhair a úsáidtear sna scoileanna, agus is iondúil go bpléitear múineadh agus foghlaim na Máltais sna téacsleabhair atá le fáil sa Mháltais.	
2. Aidhmeanna agus cuspóirí	Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Máltais sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
Maítear sa Framework for the Education Strategy for Malta 2014-2024 go n-áiritheoidh an Aireacht Oideachais agus Fostaíochta féiniúlacht Mhálta a chur chun cinn trí mháistreacht ar an Máltais, ach go n-áiritheoidh sí freisin gur féidir le leanaí agus daoine óga i Málta éirí leo sa saol mór tríd an mBéarla a bheith ar a dtail acu mar an teanga dhomhanda. Maítear ann freisin an rún go mbeadh daoine óga inniúil i dteangacha eile lena mbaineann tábhacht dhomhanda. Maítear sa Chreatchuraclam Náisiúnta (NCF) don oideachas éigeantach (chuig aois 16 bliana) gurb éard is aidhm don NCF a chinntiú go bhfaigheann daoine óga san oideachas éigeantach máistreacht sa Mháltais agus sa Bhéarla, sa mhatamaitic, in ábhar eolaíochta agus sa litearthacht dhigiteach mar 'réamhriachtanas dodhiúscartha'. Faoi dheireadh an mheánoideachais éigeantaigh, tá coinne leis go bhforbróidh siad tuiscint ar an Máltais agus an Béarla; muinín a fhorbairt ina n-úsáid thar éagsúlacht	

comhthéacsanna; agus go bhforbróidh siad an cumas chun cumarsáid éifeachtach agus mhuiníneach a dhéanamh, leis an aidhm chun bheith in ann a ndeiseanna i saol na hoibre a chothú.

Ar leibhéal meánscolaíochta, is é is aidhm do mhúineadh agus foghlaim na máthairtheanga (An Mháltais den chuid is mó) féiniúlacht agus forbairt choincheapúil na bhfoghlaimoirí a neartú, agus trí fhoghlaim an dara teanga (an Béarla den chuid is mó) treisítear sealbhú teanga thábhachtach na cumarsáide idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, is é is aidhm don [National Policy for the Teaching of Maltese as a Foreign Language in the Framework of Bilingualism and Plurilingualism](#) i gCreat an Dátheangachais agus an Ilteangachais a chinntiú i gcás na daoine a thagann chun Málta ó thíortha eile, agus a labhraíonn teanga nó teangacha eile, go bhfoghlaimíonn siad an Mháltais agus an Béarla araon. Is é is aidhm dó sprioc deiridh an ‘dátheangachais chothroim’ a chinntiú, agus tá an beartas ceangailteach ar gach scoil a leanann an Creatchuraclam Náisiúnta agus ar a scoláirí go léir. Cuirtear an méid seo a leanas i dtábhacht ann:

- tugtar tábhacht don Mháltais agus don Bhéarla mar an meán teagaisc agus cumarsáide i ngach ábhar (seachas i gcás teangacha) a mhúintear sna scoileanna
- tugtar comhthábhacht do mhúineadh na Máltaise agus an Bhéarla, m.sh. sa mhéid ama a thugtar dóibh
- ba cheart go mbeadh scoláirí in ann gach measúnú agus scrúdú a dhéanamh (seachas dóibh siúd i dteangacha) sa Mháltais nó sa Bhéarla
- ba cheart gach teachtaireacht scoile agus náisiúnta maidir leis an oideachas a bheith sa Mháltais agus sa Bhéarla, agus ba cheart tús áite a thabhairt don Mháltais sa chomharthaíocht, láithreáin ghréasáin, bileoga eolais, ceolchoirmeacha, cruinnithe agus ócáidí ceiliúrtha i ngach aon institiúid agus foras oideachasúil.

3. Suíomh na teanga dúchais

Cad é suíomh na Máltaise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Mháltais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?

Leis an meánscolaíocht éigeantach (scoláirí ag aoiseanna 13 go 16 bliana) cuirtear cúrsaí agus roghanna ginearálta oideachais ar fáil do scoláirí ar mian leo gairmchonair a leanúint, agus ag deireadh an chúrsa bronntar Teastas & Próifíl Mheánscolaíochta (SSC&P) ar scoláirí. Tar éis an oideachais éigeantaigh féadann scoláirí rogha a dhéanamh idir conair ghinearálta nó ghairme iar-mheánscolaíochta a leanúint (aoiseanna 16 go 18 mbliana).

Is croí-ábhair iad an Mháltais agus an Béarla síos trí na 11 bhliain den oideachas éigeantach (aoiseanna 5-16 bliana). Ina theannta sin, meastar staidéar a dhéanamh ar theanga eachtrach amháin eile ar a íosmhéid a bheith tábhachtach ar chúiseanna geografacha, cultúrtha agus eacnamaíocha, lena n-áirítear turasóireacht agus daonra éagsúil Mhálta. Le linn an mheánoideachais éigeantaigh (aoiseanna 13-16 bliana), díritear an t-oideachas teanga ar Mháltais, Béarla agus rogha teanga eachtraí an scoláire.

Ní mór do scoláirí sa mheánoideachas sinsearach a ullmhaíonn don Teastas Máithreánach (ar gá é le freastal ar an oideachas tríú leibhéal) staidéar a dhéanamh ar theanga amháin, arna roghnú as measc Araibise, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laidin, Máltais, Rúisis, agus Spáinnis. (Is féidir go ndéantar nó nach ndéantar staidéar ar an teanga sin ar ardleibhéal.)

Le linn an mheánoideachais éigeantaigh (chuig aois 16 bliana), treoraítear an múineadh agus an fhoghlaim leis an [gCreatchuraclam Náisiúnta](#) (NCF); sa mheánoideachas sinsearach iar-éigeantach is leis na siollabais scrúdúcháin don Teastas Máithreánach a threoraítear iad.

Leagtar tábhacht mhór sa NCF ar mhúineadh agus foghlaim teangacha. Socraíonn sé an Mháltais, i dteannta an Bhéarla, na matamaitice, na heolaíochta agus na teicneolaíochta mar phríomhscileanna, le tacú ó shealbhú láidir na scileanna sa litearthacht dhigiteach. Is iad na teangacha na chéad Limistéir Foghlama, agus cuirtear síos ar an gcumarsáid trí theangacha mar ‘an cumas chun coincheapa, smaointe, mothúcháin, fíorais agus tuairimí a thuiscint, a léiriú agus a léirmhíniú i bhfoirm béil agus scríofa araon’. Cé go bhforordaítear roinnt inniúlachtaí don Mháltais agus don Bhéarla, óir is é ceann de na príomhthorthaí atá ceaptha don oideachas go mbeadh daoine óga in ann féiniúlacht Mhálta a shealbhú, díritear múineadh na Máltaise agus na litríochta go sonrach ar an bhféiniúlacht sin a fhorbairt. Os a choinne sin, baineann níos lú tábhachta leis an bhféiniúlacht Shasanach, agus is é is príomhaidhm do mhúineadh an Bhéarla i scoileanna ‘rochtain ar eolas agus cultúr atá beagnach uilíoch’ .i. mar an tairseach chun ábhair eile a fhoghlaim.

Trí mhúineadh agus foghlaim na máthairtheanga (an Mháltais den chuid is mó) ar leibhéal meánscolaíochta, neartaítear féiniúlacht agus forbairt choincheapúil na bhfoghlaiméirí. Trí mhúineadh agus foghlaim an dara teanga (an Béarla den chuid is mó) ar leibhéal meánscolaíochta, treisítear sealbhú teanga cumarsáide idirnáisiúnta atá an-tábhachtach. ([An Creatchuraclam Náisiúnta](#), leathanach 60)

Tá an Teastas Máithreánach bunaithe ar shamhail an *Baccalaureate* Idirnáisiúnta ina maítear go bhforbraíonn scoláirí ina ndaoine aonair níos aibí má chlúdaítear idir na daonnachtaí agus na heolaíochtaí ina gcuid staidéar. Sa cháilíocht don Teastas Máithreánach, roinntear ábhair ar cheithre ghrúpa, agus ní mór do scoláirí ábhar amháin a roghnú ó gach ceann de Ghrúpaí 1, 2 agus 3 agus aon dhá ábhar eile. Áirítear le Grúpa 1 10 dteanga, lena n-áirítear an Mháltais agus an Béarla, nach mór do scoláirí ceann amháin a roghnú as.

4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm

Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Máltaise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE)?

Is léir go bhfuil easpa sainiúlachta ann (Comhairle na hEorpa, 2015) faoi na leibhéil ionchasacha foghlama teanga i Málta, agus iarradh ar an [gCreat maidir le Torthaí Foghlama](#) (LOF), atá nasctha leis an gCreatchuraclam (CC) (go dtí aois 16 bliana), chun cuspóirí foghlama trédhearcacha agus inréadaithe a sholáthar le haghaidh teangacha atá nasctha le Creat Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha (FTCE).

I gcás scoláirí is imircigh áfach, ón scoilbhliain 2024-25 ar aghaidh, tá an Creat Torthaí Foghlama don [National Policy for the Teaching of Maltese as a Foreign Language](#) á ailíniú leis an FTCE. Ina theannta sin, tá coinne leis go ndéanfar cinneadh maidir le hinniúlacht tosaigh sa Mháltais i measc scoláirí is imircigh agus tagairt á déanamh do FTCE, agus tá coinne leis go mbeidh múinteoirí is imircigh i Málta ar an eolas faoin leibhéal Máltaise is gá dóibh a bhaint amach agus tagairt á déanamh do FTCE.

5. Ábhar an churaclaim

Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Máltaise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Máltaise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta d'fhoghlaim teangacha?

Leis an [gCreat Náisiúnta Curaclaim](#) (CNC) bunaítear an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí, na dearcthaí agus na luachanna a bhfuil coinne leis a bheidh ar chumas foghlaimeora faoi dheireadh Thimthriall na Luathbhlianta (Bliain 2, aois 7 mbliana); deireadh Thimthriall na mBlianta Sóisea racha (Bliain 6, aois 11 bhliain); agus ag deireadh Thimthriall na mBlianta Meánscolaíochta (Bliain 11, aois 16 bliana). Faoi dheireadh Thimthriall na mBlianta Meánscolaíochta, is iad na torthaí ionchasacha go mbeidh sé ar chumas daoine óga:

- bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i dtrí theanga ar a laghad, an Mháltais agus an Béarla san áireamh
- léirthiscint agus urraim a léiriú do chultúr agus oidhreacht na Máltaise
- mórtas na féiniúlachta agus na hoidhreachta Máltaí agus na Máltaise a léiriú, agus aitheantas á thabhairt agus urraim á léiriú do phobail eile laistigh de chomhthéacs Meánmhara, Eorpach, agus domhanda.

Leagtar amach sa CNC gurb í an chumarsáid i dteangacha an cumas chun coincheapa, smaointe, mothúcháin, fíorais agus tuairimí i bhfoirm béil agus scríofa araon, agus go bhfuil coinne leis an líofacht agus cumas teanga sin sa mháthairtheanga (Teanga a haon) agus sa dara teanga (Teanga a dó), lena dtagraítear go ginearálta sa chomhthéacs Máltach don Mháltais agus don Bhéarla araon. Is iad na ceithre scil teanga don Mháltais agus don Bhéarla an éisteacht, an labhairt, an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht.

Is é is aidhm d'fhoghlaim na Máltaise, an Bhéarla agus teangacha eile cur ar chumas foghlaimeoirí feasacht a fhorbairt faoi chineál na dteangacha agus na foghlama teangacha, faoin litríocht agus faoi fhoghlaim na litríochta, chomh maith lena dtuiscint phearsanta, shóisialta agus chultúrtha a leathnú.

Maítear sa CNC freisin, i gcás na Máltaise agus an Bhéarla araon, go léirmhíneofar an nochtadh don fhoghlaim teangacha sa chiall níos leithne, agus dá bhrí sin go n-áireofar leis idir theanga agus litríocht agus ar a laghad leath de na ceachtanna á dtabhairt d'fhorbairt na scileanna difriúla teanga.

Moltar sa CNC go dtugtar ar a laghad 30 faoin gcéad den am le linn thimthriall na mblianta meánscolaíochta do mhúineadh teangacha. I meánscoileanna an stáit, bíonn an tráthchlár seachtainiúil comhdhéanta de 40 ceacht i mBlianta 9, 10 agus 11 (aoiseanna 13-16 bliana), bíonn níos mó ceachtanna seachtainiúla sa Bhéarla ná mar a bhíonn sa Mháltais.

6. Measúnú	Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an Máltais (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaím teanga)?
Teastas Meánscolaíochta, aois 16 bliana Faoi dheireadh na tréimhse oideachais éigeantaí (aois 16 bliana), bronntar Teastas Meánscolaíochta agus Próifíl ar na scoláirí, ina dtugtar creidiúint do gach cineál foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a tharlaíonn le linn bhlianta na hiar-bhunscolaíochta. Is é is príomhaidhm don doiciméad seo an fhoghlaím a bhailíochtú agus a dhoiciméadú d’fhonn pictiúr iomlánach a thabhairt ar fhorbairt an scoláire aonair le himeacht ama. Is féidir le scoláirí na cáilíochtaí sa Teastas Meánscolaíochta (SEC) a dhéanamh freisin. Tá siad seo ceaptha mar chineál seachtrach deimhniúcháin le haghaidh na n-ábhar a ndéantar staidéar ar scoil orthu. Is scrúduithe seachtracha lena mbaineann tábhacht ard iad, óir is cuid iad pas a fháil sna croí-ábhair agus réamhcheanglais le freastal ar an gcuid is mó foras iar-mheánscolaíochta. I gcás na Máltaise, tagann teanga agus litríocht chuig scrúdú SEC amháin; i gcás an Bhéarla, tagann dhá scrúdú SEC dhifriúla ó theanga agus litríocht. Is é An Bord um Scrúduithe don Teastas Máithreánach agus Meánoideachais (MATSEC) a riarann na scrúduithe. Léirítear sna scrúduithe agus measúnuithe ar leibhéal SEC freisin an réasúnaíocht leis an NCF agus leis an gCreat um Thorthaí Foghlama. Teastas Máithreánach, aois 18 mbliana Déanann scoláirí scrúduithe an Teastais Mháithreánaigh i sé ábhar ó limistéir éagsúla. Áirítear leis an rogha ábhar teanga, ábhar sna daonnachtaí nó sa ghnó, ábhar sa mhatamaitic nó san eolaíocht, agus rogha dhá ábhar eile. Is é Córais an Eolais an séú hábhar, ar ábhar éigeantach é. Ní mór dhá cheann de na hábhair roghnaithe a dhéanamh ar ardleibhéal, agus trí cinn ar leibhéal inmheánach. Ní gá do scoláirí ceachtar den Mháltais ná den Bhéarla a dhéanamh mar an rogha teanga don Teastas Máithreánach. Tá trí pháipéar scríofa sa scrúdú Béarla don teastas máithreánach, ina gclúdaítear an litríocht (páipéir a haon agus a dó) agus teanga agus teangeolaíocht (páipéar a trí), móide scrúdú béil. Baineann formáid chomhchosúil leis an scrúdú Máltaise don teastas máithreánach. (Is cúrsa idirdhisciplíneach é Córais an Eolais arna roinnt sna ceithre mhodúl seo a leanas: luachanna daonlathacha agus saoránacht fhreagrach agus ghníomhach; an ealaín agus luachanna aeistéitiúla i sibhialtacht an domhain thiar; an timpeallacht agus an fhorbairt inbhuanaithe; luachanna eolaíochta agus an teicneolaíocht. Déantar measúnú air trí mheán scrúdú seachtrach ina gclúdaítear na ceithre mhodúl uile agus tionscadal scoláire arna mheasúnú go seachtrach).	

7. Fachtóirí cumasúcháin	Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Máltais sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Máltais; cad iad na príomhghnéithe d'oideolaíocht na Máltais; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Máltais?)
	Tá an Creatchuraclam Náisiúnta bunaithe ar oideolaíocht atá láraithe ar scoláirí, bunaithe ar fhiosracht, a thacaíonn leis na scoláirí chun éirí ina bhfoghlaiméoirí neamhspleácha, atá comhtháite leis na téamaí traschuraclaim (litearthacht, litearthacht dhigiteach, foghlaim conas foghlaim agus foghlaim chomhoibríoch, Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, Oideachas don Fhiontraíocht, ildánacht agus nuálaíocht, Oideachas don Ilchineálacht), agus a fhaigheann tacaíocht ó chur chuige bunaithe ar an ríomhfhoghlaim. San Educators' Guide for Pedagogy and Assessment maidir leis an gCreat Torthaí Foghlama don Mháltais, i dteannta cur síos a dhéanamh ar na torthaí foghlama ó Bhliain 3 go Bliain 11 (aoiseanna 7-16 bliana) (ina leagtar amach an méid a bhfuil coinne leis a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuiscint nó a bheith in ann a dhéanamh de thoradh an phróisis foghlama), tá treoraíocht freisin maidir le measúnú agus oideolaíocht. I measc na n-oideolaíochtaí molta chun an Mháltais a mhúineadh agus a fhoghlaim, mar shampla, tá: • ba cheart tacaíocht a thabhairt do scoláirí chun comhoibriú agus foghlaim i dteannta a chéile agus óna chéile ar bhealach idirghníomhach • ba cheart gníomhaíochtaí a áireamh leis an múineadh agus foghlaim atá taitneamhach agus spéisiúil do scoláirí chun cuidiú leo an teanga a fhoghlaim trína stíl foghlama shainroghnaithe • úsáidtear TF, foghlaim tionscadal-bhunaithe, gníomhaíochtaí aonair, i mbeirteanna nó i meithleacha sa mhúineadh agus san fhoghlaim • leis an múineadh agus an fhoghlaim nochtar scoláirí do chineálacha difriúla cleachtaí oibre a chuidíonn leo roinnt gnéithe den teanga a thaiscéaladh, agus chun an teanga a fhíordheimhniú trí mheán físeán agus teicneolaíocht na faisnéise sa seomra ranga. Cuireann Rialtas Mhálta roinnt acmhainní litearthachta ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le múineadh agus foghlaim an Bhéarla agus na Máltais.

3.5: Teangacha dúchais sa churaclam: An Fhreaslainnis san Ísiltír

An Fhreaslainnis san Ísiltír	
1. Cuspóir agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Freaslainnise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Is í an Ísiltíris teanga oifigiúil na hÍsiltíre. Ina theannta sin, ó 1970 i leith, d'aithin an rialtas a fhreagracht chun an Fhreaslainnis a chur chun cinn agus a chosaint, agus meastar é sin mar aitheantas foirmiúil don Fhreaslainnis mar an dara teanga oifigiúil san Ísiltír. Ní aithnítear an Fhreaslainnis mar an dara teanga oifigiúil ach amháin i gcúige Fryslân (is ceann de na 12 chúige san Ísiltír). Bíonn an ceart ag saoránaigh sa chás seo a dteanga féin a úsáid (Ísiltíris nó Freaslainnis), arna rialáil san Acht um Úsáid na Freaslainnise. Aithnítear an Fhreaslainnis freisin mar theanga mhionlaigh sa Chairt Eorpach maidir le Teangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh (ECRML) arna síniú ag Rialtas na hÍsiltíre thiar in 1992; a tháinig i bhfeidhm in 1998). In 2005, d'aithin Rialtas na hÍsiltíre Freaslannaigh mar mhionlach náisiúnta trí mheán An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint agus, in 2018, thuairiscigh 61 faoin gcéad de dhaonra Fryslân an Fhreaslainnis mar an chéad teanga a bhí acu. Úsáidtear an Fhreaslainnis go forleathan i réimsí neamhfhoirmiúla, agus den chuid is mó úsáid béil laistigh de theaghlaigh agus cumainn, sa saol sóisialta agus poiblí, agus sna meáin. Maítear san Acht um Úsáid na Freaslainnise 2014 gurb iad an Ísiltíris agus an Fhreaslainnis na teangacha oifigiúla i gcúige Fryslân. Tá sé d'aidhm ag an dlí úsáid agus suíomh cothrom na Freaslainnise agus na hÍsiltírise a ráthú agus a chosaint, agus rialaítear leis úsáid na Freaslainnise sa riarachán poiblí agus sa dlí-chóras. Ceadáítear úsáid na teanga sa chóras oideachais leis. In 2018, thuairiscigh 61% de dhaonra Fryslân gurbh í an Fhreaslainnis a gcéad teanga (Mercator, 2023b) agus, i suirbhé thiar in 2019, d'fhéintuairiscigh beagnach gach cónaitheoir sa chúige go dtuigeann siad an teanga (93.3 faoin gcéad). Thuairiscigh 84.1 faoin gcéad go dtuigeann siad an teanga go maith nó go fíormhaith, agus dúirt 64.1 faoin gcéad go labhraíonn siad an Fhreaslainnis go maith nó go fíormhaith (bhí an dá chéatadán dheireanacha síos ón suirbhé roimhe sin in 2015). Sa suirbhé thiar in 2019, thug 15.9 faoin gcéad de fhreagróirí le fios freisin go raibh scríobh na Freaslainnise go maith nó go fíor-mhaith acu (Comhairle na hEorpa, 2021). Is í conclúid údair an tsuirbhé go bhfuil laghdú beag tagtha ar líon na bhFreaslannach ar féidir leo an teanga a léamh nó a scríobh le 12 bhliain anuas, agus go bhfuil an cion ar féidir leo an Fhreaslainnis a thuiscint agus a labhairt tar éis fanacht cobhsaí.	
2. Aidhmeanna agus cuspóirí	Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Freaslainnise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
Is ann do aidhm ghinearálta, ó rialtas láir agus cúige Fryslân, le go mbeidh tuilleadh Freaslannach in ann an Fhreaslainnis a léamh agus a scríobh faoi 2030.	

Tá an cúige agus an rialtas láir tar éis [an comhaontú riarthach maidir le teanga agus cultúr na Freaslainnise](#) 2019-2023 a shíniú. Áirítear leo sin an aidhm chun a chinntiú nach mbeidh aon Fhreaslannaigh neamhliteartha ina dteanga féin faoi 2030, agus go mbeidh siad in ann a dteanga féin a léamh agus/nó a scríobh ar leibhéal comhionann agus a labhraíonn agus a thuigeann siad í.

Maidir leis an méadú ar líon na ndaoine in Fryslân a bhfuil scríobh, léamh agus labhairt na Freaslainnise acu, díreann aird na gcainteoirí dúchais ar léitheoireacht agus scríbhneoireacht, agus i gcás cainteoirí dara nó tríú teanga díreann aird ar a gcumas i dtuiscint agus labhairt na teanga. Is í an sprioc shonrach an líon cainteoirí dúchasacha a mhéadú 10 faoin gcéad ar féidir leo an Fhreaslainnis a léamh agus a scríobh go maith, agus an líon cainteoirí dara teanga agus tríú teanga a mhéadú 10 faoin gcéad ar féidir leo an Fhreaslainnis a thuiscint agus a labhairt go maith.

Leagtar amach sa chomhaontú riarthach freisin tiomantas chun a chinntiú go mbíonn múineadh na Freaslainnise ar fáil ar bhonn leanúnach ón réamhscolaíocht go dtí an t-ardoideachas.

Ina theannta sin, i bPlean Teanga na Freaslainnise 2030 (*Taalplan Frysk 2030*) leagtar amach aidhmeanna chun múineadh agus foghlaim na Freaslainnise ar scoil i gceantar na Freaslainnise a fheabhsú (.i. cúige Fryslân cé is moite de chúig bhargas). Is iad na príomhspríocanna, faoi 2030:

- Tairgeann gach bunscoil agus meánscoil an tacar iomlán spríocanna gnóthachtála don Fhreaslainnis.
- Tairgeann gach meánscoil an fhéidearthacht chun an Fhreaslainnis a roghnú mar ábhar scrúdaithe.

Is é is aidhm don chomhaontú riarthach agus do phlean na Freaslainnise freisin:

- I dteannta an Fhreaslainnis a thairiscint mar ábhar sna gráid/blianta níos ísle den mheánoideachas, tairgtear freisin í i gcomhréir leis an raon feidhme dá bhforáiltear sa reachtaíocht, is é sin, i ngach bliain agus ar gach leibhéal den mheánoideachas. Déantar amhlaidh d'fhonn treoíocht na foghlama leanúnaí agus leanúnachas a chinntiú idir an meánoideachas agus an t-ardoideachas.
- Áiríonn gach meán-ghairmscoil an Fhreaslainnis mar chuid dá gcuraclam, agus tá méadú tagtha ar líon na gcúrsaí gairm-bhunscolaíochta lena n-áirítear an Fhreaslainnis mar ábhar (roghnach nó a mhalairt) le linn théarma chomhaontaithe riartaigh. Is amhlaidh sin de bharr gur féidir breisluach a fháil d'fhostaithe Fryslân amach anseo ón bhFreaslainnis a bheith ar a dtail acu.

Leagadh amach an sprioc chun a áirithiú go dtairgeann gach bunscoil agus meánscoil an tacar iomlán spríocanna gnóthachtála sa Fhreaslainnis d'fhonn díolúintí (iomlána nó páirteacha) do scoileanna óna soláthar a chéimniú amach (i láthair na huaire, ainneoin an chreata dhlíthiúil, ní thairgeann go leor bunscoileanna agus meánscoileanna ranganna le gach sprioc gnóthachtála sa Fhreaslainnis a bhaint amach). (Sna spríocanna gnóthachtála sonraítear na caighdeáin feasa, tuisceana agus na scileanna a bhfuil coinne leo go mbainfidh na scoláirí amach iad.)

Leis an tsraith iomlán spríocanna gnóthachtála a thairiscint don Fhreaslainnis faoi 2030 is é is aidhm dó a chinntiú go dtiocfaidh méadú ar líon na n-uaireanta an chloig do mhúineadh na Freaslainnise agus don mhúineadh as Freaslainnis i mbunscoileanna, agus ar líon na meánscoileanna ina dtairgtear

an Fhreaslainnis. Táthar ag beartú leis sin, faoi 2030, go mbeidh gach scoil sa cheantar Fhreaslainnise ag tairiscint na Fhreaslainnise ar leibhéal inghlactha (próifíl A), .i. gan díriú go heisiach ar úsáid béil na Fhreaslainnise. Le go mbronnfaí an Phróifíl A mar a rinneadh cur síos uirthi, ní mór do scoileanna spriocanna gnóthachtála a thairiscint don Fhreaslainnis a dhírítear ar dhearcadh, tuiscint éisteachta agus léitheoireachta, scileanna léitheoireachta agus labhartha, feacht teanga agus scileanna scríbhneoireachta.	
3. Suíomh na teanga dúchais	Cad é suíomh na Fhreaslainnise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Fhreaslainnis sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?
Is ábhar éigeantach í an Fhreaslainnis sa bhunoideachas i gcúige Fryslân agus sna gráid/haoisghrúpaí níos ísle den mheánoideachas. Féadtar an Fhreaslainnis a thairiscint mar shainábhar i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, nó féadann sí a bheith mar an meán teagaisc (i roinnt ranganna) i scoileanna tritheangacha (Fhreaslainnis, Ísiltíris, Béarla). In 2012, chuir 409 mbunscoil [as 492 díobh] an Fhreaslainnis san áireamh mar ábhar, agus bhí 50 díobh ina scoileanna tritheangacha. Bhí an Fhreaslainnis mar ábhar in 55 mheánscoil (as 66 san iomlán) agus bhí 3 cinn acu ina scoileanna tritheangacha. Sa mheánoideachas sinsearach, lena n-áirítear an meánoideachas réamhghairme, tá an Fhreaslainnis ceadaithe mar ábhar roghnach ó 1948 i leith, agus mar ábhar roghnach scrúdaithe ó 1970 i leith. Féadtar staidéar a dhéanamh air mar dhara teanga faoi láthair nó mar chúrsa roghnach sa churaclam meánoideachais sinsearach (conairí HAVO agus VWO) mar shampla. Is trí na conairí HAVO a ullmhaítear scoláirí meánscolaíochta sinsearaí don ardoideachas gairmiúil; is trí na conairí VWO a ullmhaítear don ollscoil iad.) Cé gur éirigh an Fhreaslainnis ina hábhar éigeantach sna ranganna ísle den mheánscolaíocht thiar in 1993, tá a suíomh mar ábhar fós imeallach de bharr an ama teoranta a thugtar di sna ranganna meánscolaíochta ísle, agus dá dhroim sin, na líonta ísle d'iarrthóirí scrúduithe don Fhreaslainnis. Tugadh isteach an sprioc do 2030 dá thoradh sin go dtairgfeadh gach meánscoil an fhéidearthacht an Fhreaslainnis a roghnú mar ábhar scrúdaithe.	
4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm	Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus foghlaim na Fhreaslainnise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Creat Tagartha Comónta Eorpach le haghaidh Teangacha, FTCE)?
Is de réir an dlí a leagtar síos spriocanna gnóthachtála le haghaidh gach ábhar scoile sna ranganna is ísle den mheánscolaíocht, agus i gcás na Fhreaslainnise, sainítear iad siúd i gcomhréir leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE). Aistríodh FTCE isteach sa Fhreaslainnis, agus cuireadh é in oiriúint don suíomh oideachasúil agus cleachtais oideachasúla in Fryslân, mar a bhfuil an Fhreaslainnis ina teanga agus ina hábhar i dtimpeallacht scoile ilteangach. (Sna spriocanna gnóthachtála sonraítear na caighdeáin feasa, tuisceana agus na scileanna a bhfuil coinne leo go mbainfidh na scoláirí amach iad.)	

Ina theannta sin, mar chuid den tionscadal GRIP (2014-2016) forbraíodh sraith trialacha, lenar áiríodh an triail 'Frisia'. Forbraíodh é sin agus tagairt á déanamh don triail '[Anglia](#)' agus tá gaol aige leis na leibhéil A1-A2-B1 (úsáideoir bunúsach-úsáideoir neamhspleách) den FTCE. Díritear an triail ar an eolas teanga seo a leanas: an foclóir, an deilbhíocht agus an chomhréir, agus léiríodh leis na torthaí i gcás scoláirí a fhaigheann ceachtanna leormhaithe agus leordhóthanacha sa Fhreaslainnis go scóráilann siad ar leibhéal B1-plus ag aois 14/15 bliana, atá i gcomhréir le hionchais a gcomhghleacaithe i dteangacha eile.

5. Ábhar an churaclaim

Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Freaslainnise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Freaslainnise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta d'fhoghlaim teangacha?

De réir an [Chomhaontaithe Riarthaigh maidir le Teanga agus Cultúr na Freaslainnise 2019-2023](#), is é is aidhm dó go mbeadh cúige Fryslân ina chúige ilteangach faoi 2030, agus é mar ghnáthnós go n-áireodh scoileanna an Fhreaslainnis mar ábhar ina gcuraclaim. Táthar ag beartú freisin go mbeidh an Fhreaslainnis mar theanga chumarsáide agus theagaisc nádúrtha sna scoileanna, a úsáidtear i scoileanna ní de bharr an t-oideachas Freaslainnise a bheith éigeantach, acu toisc go léirítear meas do thairbhí an oideachais sa Fhreaslainnis ar bhonn praiticiúil.

Leagtar amach na curaclaim san Ísiltír i sraith spriocanna gnóthachtála – ina sonraítear na caighdeáin eolais, tuisceana agus scileanna a bhfuil coinne leis go ngnóthóidh scoláirí iad in ábhar faoi leith. Cuireadh an sprioc ar bun sa Chomhaontú Riarthach go mba cheart go dtairgfeadh gach bunscoil agus meánscoil i gcúige Fryslân an tsraith iomlán spriocanna gnóthachtála sa Fhreaslainnis faoi 2030 (déanann roinnt mhaith scoileanna iarratas ar dhíolúintí faoi láthair). Táthar ag beartú freisin go dtairgfidh gach scoil sa cheantar Freaslainnise an Fhreaslainnis ar leibhéal inghlactha (próifíl A), .i. gan díriú go heisiach ar úsáid béil na Freaslainnise. Le go mbronnfaí an Phróifíl A mar a rinneadh cur síos uirthi, ní mór do scoileanna spriocanna gnóthachtála a thairiscint don Fhreaslainnis a dhírítear ar dhearcadh, tuisceant éisteachta agus léitheoireachta, scileanna léitheoireachta agus labhartha, feasacht teanga agus scileanna scríbhneoireachta.

Sa mheánscolaíocht, leanann na scoláirí ceann amháin de thrí chonair: meánoideachas réamhghairme (VMBO), meánoideachas ginearálta sinsearach (HAVO) nó oideachas réamh-ollscolaíochta (VWO), ar aghaidh go dtí na scrúduithe VMBO, HAVO agus VWO (agus ar aghaidh chuig meánoideachas gairmiúil (MBO), ardoideachas gairmiúil (HBO) nó oideachas ollscolaíochta). Sna blianta ísle den mheánoideachas (aoiseanna 12-15 bliana), leanann scoláirí curaclam leathan, ach roghnaigh ceann amháin de cheithre mheascán, próifíl nó earnáil ábhar sna blianta sinsearach de na conairí VMBO, HAVO agus VWO (15+).

Sna blianta ísle den mheánoideachas (aoiseanna 12-15 bliana), tá coinne leis go leithdháilfidh scoileanna ar a laghad dhá thríán d'uaireanta an chloig de theagasc ar na 58 sprioc ghnóthachtála don chéim sin den oideachas. (Aistríonn an scoil na spriocanna sin ina n-ábhair, tionscadail, réimsí foghlama, agus meascáin de na trí cinn sin uile, nó ina múineadh bunaithe ar inniúlacht, mar

shampla.) Le linn na céime seo, tá coinne leis go ndéanfaidh na scoláirí a leanann conairí HAVO (meánoideachas ginearálta) agus VWO (réamh-ollscolaíocht) i gcúige Fryslân staidéar ar an bhFreaslainnis.

6. Measúnú	Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an bhFreaslainnis (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaím teanga)?
De réir an Chomhaontaithe Riartaigh maidir le Teanga agus Cultúr na Freaslainnise 2019-2023, is ann do ghealltanas chun a chinntiú go mbíonn deiseanna maithe ar fáil le haghaidh measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhFreaslainnis. Áirítear leo sin an córas faireacháin daltaí GRIP a leanúint ar aghaidh, arna fhorbairt faoin gComhaontú Riartach roimhe seo. Is córas caighdeánaithe measúnaithe agus monatóireachta scoláirí é GRIP atá neamhspleách ar mhodh, lena n-áirítear an triail ‘Frisia’, arna fhorbairt agus tagairt á déanamh don triail ‘Anglia’ agus atá gaolmhar leis na leibhéil A1-A2-B1 (úsáideoir bunúsach-úsáideoir neamhspleách) den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE). Dírítear an triail ar an eolas teanga seo a leanas: an foclóir, an deilbhíocht agus an chomhréir. Ceadáítear do mheánscoileanna leis faireachán a dhéanamh ar fhorbairt teanga scoláirí trí leas a bhaint as uirlisí éagsúla, agus mar chuid lárnach d’ardán múinteoireachta Freaslainnise ar líne Searje 36 (féach Roinn 7). Sa mheánscolaíocht, leanann na scoláirí ceann amháin de thrí chonair: meánoideachas réamhghairme (VMBO), meánoideachas ginearálta sinsearach (HAVO) nó oideachas réamh-ollscolaíochta (VWO), ar aghaidh go dtí na scrúduithe VMBO, HAVO agus VWO (agus ar aghaidh chuig meánoideachas gairmiúil (MBO), ardoideachas gairmiúil (HBO) nó oideachas ollscolaíochta). Sna blianta ísle den mheánoideachas (aoiseanna 12-15 bliana), leanann siad curaclam leathan, ach roghnaíonn siad ceann amháin de cheithre mheascán, phróifíl nó earnáil ábhar sna blianta sinsearacha de na conairí VMBO, HAVO agus VWO (aois 15+). Áirítear leis na scrúduithe scrúdú scríofa náisiúnta ag deireadh na scoilbhliana, agus scrúduithe inmheánacha scoile (béil, praiticiúla nó scríofa) a shocraítear de réir mar a chinneann na scoileanna. Is é SLO – Institiúid na hÍsiltíre don Fhorbairt Curaclaim – a thugann treoirlínte do na scrúduithe scoile san Fhreaslainnis le haghaidh na gcáilíochtaí HAVO agus VWO (tá siad sin le fáil san Ísiltíris).	
7. Fachtóirí cumasúcháin	Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Freaslainnise sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Freaslainnise; cad iad na príomhghnéithe d’oideolaíocht na Freaslainnise; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Freaslainnise)?
Le blianta beaga anuas, bhí méadú ag teacht ar thaobhú na n-institiúidí léi ag an bhFreaslainnis. Tá riarachán chúige Fryslân tar éis cur chun cinn na Freaslainnise a bheartú mar thosaíocht, agus	

bhunaigh sé creataí institiúideacha bunaithe chuige sin. Déantar roinnt tionscnamh maidir le cur chun cinn na Freaslainnise trí mheán Afûk, mar shampla, institiúid a bunaíodh go sonrach don chuspóir sin. Cuireann Afûk ceachtanna éigeantacha sa Fhreaslainnis ar fáil do gach inimirceach nua isteach sa chúige, agus foilsíonn sí irisleabhair, cluichí ríomhaireachta agus leabhair sa Fhreaslainnis freisin. Is eisean a bhí freagrach freisin as an bhfeachtas [Praat mar Frysk](#), ar [feachtas](#) múscaillte feasachta é a bhí dírithe ar spreagadh a thabhairt d'úsáid na Freaslainnise ag cainteoirí nua Freaslainnise a úsáideann na meáin shóisialta, agus d'fhorbair sé roinnt clár foghlama ar líne le tacaíocht airgeadais ó údarás cúigeach Fryslân. [Forbraíodh Searje 36](#), mar shampla, chun an Fhreaslainnis a fhorbairt sna meánscoileanna. Is ann do shaol beag litríochta sa Fhreaslainnis, cé gur beag é, ina dtacaítear le foilsiú leabhar as Freaslainnis, idir saothair nua ficsin agus saothair chlasaiceacha amhail Eachtraí Eilíse i dTír na nIontas.

Úsáidtear ábhair mhúinteoireachta ar líne Searje 36 in go leor scoileanna, ach tugtar machnamh leanúnach don ghá le haghaidh éagsúlacht ábhar fisiceach agus digiteach a fháil, agus don ghá le nuálaíocht agus difreálú a dhéanamh. Is faoi na scoileanna atá sé malairt ar Searje 36 a roghnú, agus is gearr go mbeidh múinteoirí na Freaslainnise in ann an t-ardán náisiúnta a úsáid ar a gcomhroinneann siad ábhar atá forbartha acu féin chun acmhainní Freaslainnise a chomhroinnt. In 2019, tháinig an Chigireacht Oideachais ar an gconclúid gur ghnóthaigh scoileanna rochtain ar ábhar múinteoireachta níos fearr le blianta beaga anuas, agus gur forbraíodh ábhar múinteoireachta lena gceadaítear difríochtaí idir scileanna scoláirí a thabhairt san áireamh.

Tá ábhair imní i réimse na Freaslainnis faoin líon scoláirí a dhéanann an Fhreaslainnis mar chuid dá scrúduithe fágála scoile tar éis seoladh [feachtais](#) a spreagadh chun scoláirí meánscoile a ghríosú chun scrúduithe deiridh a dhéanamh sa Fhreaslainnis, agus an sprioc de 25 faoin gcéad de scoláirí ag déanamh amhlaidh faoi 2024.

Cuireann an lár-Aireacht Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta buiséad ar fáil le haghaidh ábhair do chaomhnú na Freaslainnise. Tá sé seo beartaithe do cheannach ábhar múinteoireachta don Fhreaslainnis ag scoileanna i gcúige Fryslân. Is é an cúige a chinneann an chaoi a leithdháiltear an cistiú. Tá pleananna ann an raon feidhme a thaiscéaladh chun an cistiú sin a chur ar fáil don mheánscoil ghairmiúil (MBO).

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair údarás cúigeach Fryslân i gcás 17 meánscoil agus gairmscoil meánoideachais (MBO) sa chúige, gur mhúin siad níos mó uaireanta sa Fhreaslainnis sa scoilbhliain 2019/2020 ná sa bhliain roimhe sin. D'úsáid na scoileanna sin scéim deontais arna bunú ag an údarás cúigeach chun na críche sin, a chuir ar chumas meánscoileanna chun múinteoirí Freaslainnise a cheapadh, mar shampla.

[Oideolaíocht](#)

Cuirtear i dtábhacht sa [Chomhaontú Riarthach maidir le Teanga agus Cultúr na Freaslainnise 2019-2023](#) nach ndírítear sealbhú teanga go díreach ar an teanga í féin amháin, ach go mba cheart é a dhíriú ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear agus ina bhforbraíonn an teanga. Ciallaíonn sé sin machnamh a dhéanamh ar ról na teanga sa léiriú cultúrtha (ceol agus drámaíocht), dúlra agus tírdhreach, oidhreacht agus stair, agus ciallaíonn go mbeidh cur chuige oideachasúil leathan de dhíth

ar mhúineadh theanga agus chultúr na Freaslainnise. D'fhéadfaí a áireamh leis sin dúshlán a thabhairt do leanaí chun obair ar léiriúcháin chomhaimseartha laistigh agus lasmuigh den scoil, agus úsáid á baint as suíomhanna atá ábhartha don dúlra agus don tírdhreach, agus d'oidhreacht agus stair Fryslân, agus beidh nuálaíocht oideachasúil de dhíth orthu i dtéarmaí inneachair agus eagrúcháin.

Tugtar le fios sa Chomhaontú Riarthach freisin go mba cheart múineadh agus foghlaim na Freaslainnise a shuíomh laistigh de chomhthéacs ilteangach chun inniúlachtaí agus scileanna a thabhairt do scoláirí Freaslannacha lena mbainfidh tábhacht sa saol domhandaithe, agus gur príomhghné den chomhthéacs ilteangach sin é spreagadh a thabhairt do scoláirí an Fhreaslainnis a úsáid ar bhonn gníomhach.

Chun tacú leis sin, leagtar amach sa Chomhaontú Riarthach go leanfaidh an rialtas láir agus an cúige ar aghaidh ag cinntiú go mbíonn bonneagar bunúsach oiriúnach ann don Fhreaslainnis mar ábhar, m.sh. trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- dóthain ábhar teagaisc ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- rochtain a thabhairt do scoileanna agus múinteoirí ar thacaíocht oideachasúil
- a chinntiú go mbíonn dóthain deiseanna oiliúna ann (lena n-áirítear oiliúint inseirbhíse) do mhúinteoirí
- a chinntiú go mbíonn deiseanna maithe ann don mheasúnú agus don mheastóireacht
- a chinntiú go ndéanann an Chigireacht Oideachais monatóireacht ar chaighdeán na múinteoireachta sa Fhreaslainnis agus go dtugann sí spreagadh do scoileanna suíomh na Freaslainnise a dhaingniú de réir mar is gá.

Múinteoirí

Tá an Chigireacht Oideachais, agus eagraíochtaí atá bainteach leis an bhFhreaslainnis, tar éis tabhairt le fios gurb é an easpa múinteoirí oiriúnacha an dúshlán is mó i gcás na Freaslainnise. Sna meánscoileanna, is ábhar róbheag í an Fhreaslainnis faoi láthair, rud a chiallaíonn nach mbíonn ach aon mhúinteoir Freaslainnise amháin ag roinnt mhaith daoine, agus i gcás breoiteachta, mar shampla, is amhlaidh a chuirtear ceachtanna ar ceal. Thug an Chigireacht comhairle do bhoird scoile níos mó múinteoirí cáilithe a earcú. Thug an Aireacht Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta le fios go bhféadfaí múinteoirí Freaslainnise a cheapadh mar réiteach féideartha chun freastal ar níos mó ná scoil amháin.

Le dul i ngleic leis an nganntanas sonrach de mhúinteoirí Freaslainnise sna bunscoileanna agus meánscoileanna, bhí an t-údarás cúigeach ag iarraidh níos mó scoláirí a mhealladh le cur faoi oiliúint mar mhúinteoirí Freaslainnise. Tá sé, mar shampla, tar éis treoirthionscadal a sheoladh chun ceadú do scoláirí céim a fháil le cáilíochtaí múinteoireachta san Ísiltiris agus sa Fhreaslainnis araon, cúrsaí nua Freaslainnise a thairiscint do mhúinteoirí, agus réimse leathan oiliúna inseirbhíse agus tacaíochta do mhúinteoirí a chur ar fáil, agus roinnt mhaith díobh sin saor in aisce.

Aithnítear sa Chomhaontú Riarthach (2019-2023) nach bhfuil sé soiléir faoi láthair na coinníollacha atá i bhfeidhm maidir le cáilíochtaí múinteoireachta sa Fhreaslainnis, an chaoi a sainítear iad, agus na húdaráis ag a bhfuil an inniúlacht sin. Tá obair ar siúl sa réimse sin faoi láthair, agus tá an cúige ag smaoineamh ar áireamh na Freaslainnise leis an gcáilíocht mhúinteoireachta i gClár na Múinteoirí.

3.6: Teangacha dúchais sa churaclam: An Mhaorais sa Nua-Shéalainn

An Mhaorais sa Nua-Shéalainn	
1. Cuspóir agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Maoraise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Tugadh aitheantas don Mhaorais in Acht na Maoraise thiar in 1987 (a bhfuil acht nua ina ionad anois) mar theanga oifigiúil sa Nua-Shéalainn, agus tugadh aitheantas oifigiúil thiar in 1989 san Acht Oideachais (a bhfuil acht nua ina ionad anois) do na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Maoraise/scoileanna tumthacha sa Mhaorais mar fhorais oideachasúla. Mar aon le foráil a dhéanamh maidir le scoileanna Maoraise a chur ar bun agus a oibriú, luaitear san Acht Oideachais gur cheart do gach scoil bearta réasúnta a dhéanamh chun teagasc a chur ar fáil maidir le gnásanna Maoracha agus an Mhaorais. I scoileanna, múintear an Mhaorais do ghrúpa an-éagsúil scoláirí in go leor comhthéacsanna difriúla. Áirítear leo sin scoláirí Maoracha a thapaíonn an deis a dteanga agus cultúr oidhreachta a athshealbhú, agus scoláirí nach Maoraigh iad ag cur tús lena n-aistear isteach sa Mhaorais, a bhfuil sé d'aidhm lena bhfoghlaim sa teanga go neartófar an bunús débheascna agus dátheangach leis an Nua-Shéalainn. Amhail an 1 Iúil 2023, bhí 25,824 scoláire cláraithe san oideachas trí mheán na Maoraise, arb ionann an méid sin agus 3.1 faoin gcéad den daonra iomlán ar scoil; is méadú 0.12 pointe céatadán i gcomparáid le mí Iúil 2022. As na 25,824 scoláire san oideachas trí mheán na Maoraise, tá féiniúlacht Mhaorach ag 95.8 faoin gcéad.¹⁹ Le sonraí ón <i>General Social Survey</i> [an Suirbhé Sóisialta Ginearálta] (GSS) a bailíodh idir mí Aibreán agus mí Lúnasa 2021, léiríodh go raibh 30 faoin gcéad de mhuintir na Nua-Shéailainne a bhí 15 bliana d'aois agus os a chionn sin in ann níos mó ná cúpla frása Maoraise a labhairt, i gcomparáid le 24 faoin gcéad in 2018. Tháinig méadú ar chion na ndaoine a bhí in ann an Mhaorais a labhairt go réasúnta maith freisin, ó 6.1 faoin gcéad in 2018 go 7.9 faoin gcéad in 2021. Dúirt beagnach an ceathrú cuid (23 faoin gcéad) de Mhaoraigh gur labhair siad an Mhaorais mar cheann dá gcéad teangacha, suas ó 17 faoin gcéad in 2018, agus ba é ba dhóichí go labhródh Maoraigh an Mhaorais go maith thar eitneachtaí eile, agus 34 faoin gcéad in ann an Mhaorais a labhairt go réasúnta maith ar a laghad, i gcomparáid leis an 7.9 faoin gcéad i gcás an daonra iomláin.²⁰	
2. Aidhmeanna agus cuspóirí	Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Maoraise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
Tá an Mhaorais san oideachas mar thosaíocht do rialtas na Nua-Shéailainne d'fhonn:	

¹⁹ [Māori language in schooling | Education Counts](#)

²⁰ [Te reo Māori proficiency and support continues to grow | Stats NZ](#)

- rannchuidiú le cosaint ghníomhach na teanga
- na tairbhí cognaíocha, cultúrtha agus féiniúlachta a thagann ón dátheangachas (an Mhaorais agus an Béarla) – do dhaoine aonair agus don Nua-Shéalainn trí chéile
- tacú le gnóthachtáil foghlaimeoirí trí mheán na Maoraise
- dul i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar an bhfolláine trí fhéiniúlacht shoiléir a chothú agus trí nochtadh don teanga agus cultúr.

Tá an rialtas tar éis gealltanais a thabhairt chun a chinntiú go mbíonn deis ag gach Nua-Shéalannach chun an Mhaorais a fhoghlaim agus a labhairt: ‘Sprioc Dhásachtach 2: Faoi 2040, beidh cumas agus muinín ag aon mhilliún Nua-Shéalannach (nó níos mó) chun labhairt faoi nithe bunúsacha ar a laghad in *te reo Māori*’ (an Mhaorais). Meastar an Mhaorais a bheith ina príomhbhealach chun tuiscint a fháil ar shaol na Maorach, óir leagtar an bhunchloch léi do scileanna cumarsáide agus eolas cultúrtha le cur ar chumas scoláirí a bheith dátheangach agus débhéascna agus tuiscint agus meas acu ar dhearcadh na Maorach.

Sa [Straitéis don Mhaorais san oideachas](#) (*Tau Mai Te Reo*) tugtar tacaíocht don fhís chun líon na Nua-Shéalannach ag a bhfuil scileanna Maoraise a mhéadú, agus chun an timpeallacht a mhéadú inar gnáthnós é comhrá a dhéanamh trí mheán na Maoraise. Tá tacaíocht inti freisin don fhís chun an Mhaorais a fhás trí mheán an oideachais agus chun an t-oideachas a fhás trí mheán na Maoraise.

Leagtar amach sa straitéis an uailmhian go soláthrófar sa chóras oideachais doimhneacht agus leithead don oideachas sa Mhaorais, agus go sonrach an méid seo a leanas:

- Beidh gach foghlaimeoir in ann leibhéal áirithe de scileanna teanga Maoraise a fhorbairt chun tacú leis an bhféiniúlacht náisiúnta, agus beidh na foghlaimeoirí san oideachas trí mheán na Maoraise in ann leibhéal an-ard d’inniúlacht agus d’úsáid sa Mhaorais agus iad ag tabhairt faoi mhúineadh agus foghlaim trí mheán na Maoraise.
- Glacfaidh níos mó foghlaimeoirí rannpháirt ar gach leibhéal den Mhaorais san oideachas.
- Méadóidh foghlaimeoirí na Maoraise a n-inniúlacht agus úsáid na Maoraise san oideachas.
- Gnóthóidh foghlaimeoirí na Maoraise torthaí oideachais den scoth san oideachas.

I measc na spriocanna atá ag an oideachas, tá na cinn seo a leanas:

- tacaíocht a thabhairt d’foghlaimeoirí chun luach a chur i bhfocail, friotail agus cineálacha eile Maoraise, a úsáidtear ar bhonn rialta i sochaí na Nua-Shéailinne
- an Mhaorais a sholáthar chun tacú le foghlaimeoirí cumas agus muinín a fhorbairt chun labhairt faoi réimse ábhar as Maorais
- a chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar sheirbhísí oideachais trí mheán na Maoraise d’fhonn ardleibhéal inniúlachta agus úsáide na Maoraise a fhorbairt, agus é mar aidhm leis, faoi 2040, go mbeidh 150,000 Maorach d’aois 15 bliana agus níos sine ag úsáid na Maoraise chomh minic ar a laghad leis an mBéarla.

Maítear sna [treoirínte curaclaim](#) do mhúineadh agus foghlaim na Maoraise i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (féach Roinn 3.), i dteannta na dtairbhí cultúrtha, sóisialta, cognaíocha, teangeolaíochta, eacnamaíocha agus pearsanta do scoláirí ó theanga eile a fhoghlaim, baineann buntáistí sonracha do scoláirí na Nua-Shéailinne le foghlaim na Maoraise. Áirítear leo sin go

dtugtar dóibh le foghlaim na Maoraise rochtain ar shaol na Maorach agus ar dhearcthaí Maoracha i leith an tsaoil, agus go saibhreofar agus go leathnófar a dtuiscint ar uathúlacht agus castacht an bhéascna Mhaoraigh de réir mar a fhoghlaimíonn siad an teanga.

I gcomhréir le tiomantas an rialtais chun a chinntiú go bhfaigheann gach Nua-Shéalannach deis chun Maorais a fhoghlaim agus a labhairt, cuirtear béim láidir ar shealbhú agus feabhsú na hinniúlachta sa teanga labhartha in ábhar na Maoraise.

3. Suíomh na teanga dúchais

Cad é suíomh na Maoraise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Mhaorais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sé le teangacha eile sa churaclam?

Aithnítear i gCuraclam na Nua-Shéalainne bonn débhéascna na Nua-Shéalainne trí dheiseanna a chur ar fáil do gach scoláire cur amach a fháil ar an Maorais. Tá múineadh agus foghlaim na Maoraise le fáil mar seo a leanas:

- Oideachas trí mheán na Maoraise, ina múintear an curaclam uile nó roinnt dá ábhair sa Mhaorais ar feadh ar a laghad 51 faoin gcéad den ama (Leibhéal tumoideachais Maoraise 1-2)
- An Mhaorais san oideachas trí mheán an Bhéarla, ina bhfoghlaimíonn scoláirí an Mhaorais mar ábhar teanga, nó ina múintear croí-ábhair an churaclaim sa Mhaorais ar feadh suas le 50 faoin gcéad den am (tumoideachas sa Mhaoraise leibhéal 3-5).

Aistríonn roinnt mhaith foghlaimeoirí isteach agus amach as na conairí sin síos trína n-oideachas, agus tá rátaí [rannpháirtíochta](#) sa mheánoideachas trí mheán na Maoraise timpeall ar chúig faoin gcéad.

Is ann don chonair 'Gan aon oideachas sa Mhaorais' freisin, ina bhfoghlaimíonn scoláirí focail shimplí, beannachtaí nó amhráin ar a mhéad sa Mhaorais (leibhéal 6 de thumoideachas Maoraise), nó nach bhfaigheann siad aon fhoghlaim teanga sa Mhaorais d'aon chineál.

Is iad seo a leanas na leibhéil tumoideachais sa Mhaorais:

- Leibhéal 1: 81-100 faoin gcéad: Múintear an curaclam sa Mhaorais go ceann níos mó ná 20 uair an chloig agus suas le 25 uair an chloig sa tseachtain
- Leibhéal 2: 51-80 faoin gcéad: Múintear an curaclam sa Mhaorais go ceann níos mó ná 12.5 uair an chloig agus suas le 20 uair an chloig sa tseachtain
- Leibhéal 3: 31-50 faoin gcéad: Múintear an curaclam sa Mhaorais go ceann níos mó ná 7.5 uair an chloig agus suas le 12.5 uair an chloig sa tseachtain
- Leibhéal 4(a) 12-30 faoin gcéad: Múintear an curaclam sa Mhaorais go ceann níos mó ná 3 uair an chloig agus suas le 7.5 uair an chloig sa tseachtain
- Leibhéal 4(b) 3 uair an chloig ar a laghad: Foghlaimíonn scoláirí *Te Reo Māori* mar ábhar neamhspleách ar feadh 3 uair an chloig sa tseachtain ar a laghad
- Leibhéal 5 Níos lú ná 3 uair an chloig: Tá scoláirí ag foghlaim *Te Reo Māori* mar ábhar neamhspleách ar feadh níos lú ná 3 uair an chloig sa tseachtain
- Leibhéal 6 *Taha Māori*: Foghlaimíonn scoláirí amhráin, beannachtaí, agus focail shimplí sa Mhaorais.

Tairgtear na conairí thar [chineálacha scoile](#) éagsúla, lena n-áirítear:

- Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Maoraise, ina dtaifeadtar gach scoláire de bheith cláraithe san oideachas trí mheán an Maoraise.
- Scoileanna ina bhfuil an Mhaorais mar an teanga theagaisc, ina bhfaigheann roinnt scoláirí oideachas trí mheán na Maoraise, agus nach bhfaigheann an chuid eile aon Mhaorais san oideachas.
- Scoileanna ina bhfuil meascán idir oideachais trí mheán na Maoraise agus teanga eile, ina mbíonn gach scoláire páirteach in oideachas trí mheán na Maoraise nó i Maorais in oideachas trí mheán an Bhéarla.
- Scoileanna ina bhfuil an Mhaorais measctha san oideachas, ina bhfaigheann roinnt scoláirí oideachas trí mheán na Maoraise, a bhfaigheann roinnt eile an Mhaorais san oideachas trí mheán an Bhéarla agus nach bhfaigheann an chuid eile aon Mhaorais san oideachas.

Amhail an [1 Iúil 2023](#):

- Bhí 3.1 faoin gcéad den líon scoláirí iomlán cláraithe san oideachas trí mheán na Maoraise (díobh siúd, bhí féiniúlacht Mhaorach ag 95.8 faoin gcéad).
- Bhí 28.5 faoin gcéad den líon scoláirí iomlán páirteach san oideachas Maoraise laistigh den oideachas trí mheán an Bhéarla (díobh siúd, bhí féiniúlacht Mhaorach ag 33.2 faoin gcéad).
- Ní raibh 68.4 den líon iomlán scoláirí cláraithe in oideachas na Maoraise.

[An Mhaorais sa churaclam](#)

Is ann do [dhoiciméid churaclaim](#) fhorghabhálacha ar leithligh [trí mheán na Maoraise agus an Bhéarla](#) sa Nua-Shéalainn. Tá Curaclam (trí mheán an Bhéarla) na Nua-Shéalainne á athnuachan faoi láthair, agus tá an curaclam trí mheán na Maoraise *Te Marautanga o Aotearoa* á athdhearadh. Curaclaim leasaithe agus athnuaithe sa mhataimaitic, Béarla agus Maorais, a chuirfear i bhfeidhm in 2025. Déanfar an fuilleach limistéar foghlama leasaithe a chur chun feidhme in 2027.

Is ann freisin do [threoirínte curaclaim](#) sonracha le haghaidh múineadh agus foghlaim na Maoraise i scoileanna Béarla. Leagtar síos na treoirínte do theagasc agus foghlaim na Maoraise san oideachas trí mheán na Maoraise sa cháipéis chreachuraclaim don oideachas trí mheán na Maoraise ([Te Marautanga o Aotearoa Whakapākehātanga 2017](#)), cáipéis ina leagtar amach an cuspóir freisin, i dteannta barrfheabhas sa Mhaorais a bhaint amach, go ngnóthaíonn foghlaimeoirí a gcumas teangeolaíoch trí inniúlacht a léiriú sa Mhaorais agus sa Bhéarla ar a laghad.

[An Mhaorais sa NCEA](#)

Rannchuidíonn an fhoghlaim ó Churaclam na Nua-Shéalainne agus ón gcuraclam trí mheán na Maoraise leis an Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA), an cháilíocht mheánoideachais shinsearaigh. Is ceanglas é creidiúintí a fháil sa litearthacht – sa Bhéarla nó sa Mhaorais san oideachas trí mheán na Maoraise - le pas a fháil ag críoch an NCEA. (Beidh [caighdeán](#) nua á dtabhairt isteach ó 2024, a bheidh socraithe in aghaidh tagarmhairc ón gcuraclam trí mheán an Bhéarla nó trí mheán na Maoraise.)

4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm	Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Maoraise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. An Fráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE)?
	Is ann do chaighdeán don Teastas Oideachais Náisiúnta (NCEA) le haghaidh na Maoraise san oideachas trí mheán an Bhéarla, agus san oideachas trí mheán na Maoraise. Na caighdeán sin maidir le creidiúintí a ghnóthachtáil sa Mhaorais don NCEA, déantar iad a léarscáiliú os comhair na gcuspóirí gnóthachtála sna treoirlinnte curaclaim le haghaidh mhúineadh agus fhoghlaim na Maoraise. Baineann na caighdeán le Leibhéil 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa Nua-Shéalainn agus Leibhéil 6-8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne (is é is aidhm do na hocht leibhéal gnóthachtála de Chreatchuraclam na Nua-Shéalainne creat a chur ar fáil do dhul chun cinn agus ceadú do leanúnachas foghlama teanga ó bhliain amháin go chéile, chuig aois 18/19 mbliana). Ní bhaineann na caighdeán/leibhéil le creat seachtrach aitheanta ná le tagarmharcanna do mhúineadh teangacha.
5. Ábhar an churaclaim	Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Maoraise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Maoraise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta don fhoghlaim teanga?
	Teagasc na Maoraise sa churaclam Béarla ar leibhéal na meánscoile sinsearaí (Leibhéil 6-8 de Churaclam na Nua-Shéalainne), ag ullmhú i dtreo an Teastais Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA), tá sé bunaithe ar cheithre ‘smaoineamh mhóra’. Feidhmíonn siad sin mar bhunchloch don fhoghlaim agus don mheasúnú agus, i dteannta a chéile, tá siad ceaptha le bealach a chur ar fáil d’fhoghlaimoirí chun leibhéal barr feabhais a bhaint amach. Na cúig phríomhscil teanga idirghaolmhara is gá don chumarsáid éifeachtach (éisteacht, labhairt, léamh, scríobh, agus feasacht chultúrtha), baineann siad leis na ceithre smaoineamh mhóra, agus léirítear sa churaclam don Mhaorais iad. Is iad seo a leanas na smaointe móra: 1. Cruinneas teanga: is í an fhoghlaim shuntasach laistigh den smaoineamh mór seo ná gnéithe teanga lena ndírítear ar struchtúir agus cur i bhfeidhm ceart foclóra agus poncaíochta, is gnéithe arna gcuimsiú uile ag gramadach lena gcinntítear cumarsáid ardchaighdeán. 2. Líofacht teanga: áirítear leis an bhfoghlaim shuntasach laistigh den smaoineamh mór seo gnéithe den fhuaimniú, béim, tuin chainte, agus rithim na teanga, agus é mar aidhm a bheith saoráideach agus líofa. Baineann réimse leathan frásaí agus straitéisí chun smaointe a eagrú don chumarsáid léi freisin. 3. Sláine chultúrtha na teanga: baineann sí le gnéithe de chruinneshamhail na Maorach a léiríonn an bealach a mbreathnaíonn na Maoraigh ar an domhan timpeall orthu, amhail gnásanna a dhéanamh agus luachanna a bheith acu agus smaointe a chur in iúl chun sláine chultúrtha na teanga a choinneáil ar bun. 4. Beogacht teanga: baineann sí le smaointeoireacht fhorásach maidir le hinbhuanaitheacht na teanga i bhfad na haimsire, trí dhul i mbun anailís chriticiúil ar athrú teanga agus straitéisí

athbheochana teanga a chur chun feidhme lena chinntiú go leanfaidh an teanga de bheith faoi bhláth i bhfad na nglúnta atá le teacht.

Tá sé d'aidhm aige sin bunchloch a chur ar fáil don scoláire maidir le scileanna cumarsáide agus eolas cultúrtha, rud a chothóidh muinín ann trí fhéinaitheantas láidir a chuirfidh ar a chumas dul i mbun caidrimh dhátheangacha/déchtultúrtha ardchaighdeáin le daoine eile, agus chun tacú le foghlaim bhreise agus normalú na Maoraise a chur chun cinn.

Tá sé d'aidhm ag an gcuraclaim don Mhaorais ar an leibhéal seo freisin príomhinniúlachtaí a fhorbairt i scileanna cumarsáide i gcomhthéacsanna éagsúla; scileanna agus straitéisí féinbhainistithe; smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil agus próisis mheiteachognaíocha; chun féiniúlacht an duine féin a neartú ar mhaithe le caidrimh a chruthú agus a chothú le daoine eile agus leis an timpeallacht; agus chun teacht chun bheith muiníneach agus inniúil ó thaobh an chultúir de d'fhonn páirt a ghlacadh in athbheochan theanga agus chultúr na Maorach laistigh de phobail agus chun rannchuidiú leis sin.

Sa [mhaitrís foghlama](#) don Mhaorais sa churaclam Béarla ar leibhéal na meánscoile sinsearaí (Leibhéal 6-8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne), leagtar amach na caighdeáin ghnóthachtála do na ceithre smaoineamh mhóra do churaclam na Maoraise ar gach ceann de na Leibhéil 6, 7 agus 8 den churaclam (a mbítear ag súil go hiondúil go mbainfidh an scoláire amach iad i mBlianta 10-13, 14-18 mbliana d'aois). Feidhmíonn siad sin mar bhunchloch don fhoghlaim agus don mheasúnú agus, i dteannta a chéile, tá siad ceaptha le bealach a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí chun leibhéal barr feabhais a bhaint amach. Tá [maitrís](#) chomhchosúil ann le haghaidh foghlaimoirí atá ag tabhairt faoin gcuraclaim trí mheán na Maoraise.

6. Measúnú

Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an Maorais (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaim teanga)?

San oideachas meánscoile sinsearaí, cuireann an fhoghlaim ó churaclam na Nua-Shéalainne agus ón gcuraclaim trí mheán na Maoraise leis an gcáilíocht chinn meánscoile sinsearaí – an Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA). Gnóthachtáil rathúil na gcreidiúintí sa litearthacht – i mBéarla nó i Maorais i gcás an oideachais trí mheán na Maoraise – is riachtanas é sin chun an NCEA a bhaint amach go rathúil. Beidh [caighdeáin](#) nua (chun creidiúintí a ghnóthachtáil/aithint) á dtabhairt isteach ó 2024, a bheidh socraithe in aghaidh tagarmhairc ón gcuraclaim trí mheán an Bhéarla nó trí mheán na Maoraise.

Na caighdeán NCEA maidir le creidiúintí a ghnóthachtáil sa Mhaorais san oideachas trí mheán an Bhéarla, agus san oideachas trí mheán na Maoraise, déantar iad a léarscáiliú os comhair na gcuspóirí gnóthachtála sna treoirlínte curaclaim le haghaidh mhúineadh agus foghlaim na Maoraise. Baineann na caighdeáin sin le Leibhéal 1–3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa Nua-Shéalainn agus le Leibhéal 6–8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne (tá sé d'aidhm ag na hocht leibhéal gnóthachtála de chuid chreachuraclam na Nua-Shéalainne creat a chur ar fáil le haghaidh dul chun cinn agus leanúnachas na

foghlaime teanga ó bhliain go chéile a cheadú, suas go dtí 18/19 mbliana d’aois). Ní bhaineann na caighdeáin/leibhéil le creat seachtrach aitheanta ná le tagarmharcanna do mhúineadh teangacha.

Is é rud atá i gceist leis an measúnú ná cumasc idir measúnú inmheánach agus seachtrach os comhair na gcaighdeán gnóthachtála. I gcás Leibhéal 3 NCEA sa Mhaorais, mar shampla (Leibhéal 8 de chreathchuraclam na Nua-Shéalainne), arb iondúil go dtugtar faoi ach an meánoideachas sinsearach a chríochnú ag timpeall 18 mbliana d’aois, bíonn scrúduithe seachtracha ann i gcás dhá cheann de na caighdeáin ghnóthachtála ([91652 agus 91653](#)). Maidir leis an measúnú le haghaidh chaighdeán 91652 (an Mhaorais a bheith agat don saol domhanda), is measúnú é sin i bhformáid pháipéir nó dhigiteach a cheanglaíonn ar an scoláire téacs scríofa a léamh agus freagairt dó i Maorais, is téacs a bhaineann le téamaí áitiúla, náisiúnta nó domhanda. Is i Maorais agus i mBéarla a bhíonn na ceisteanna agus is féidir iad a fhreagairt i gceachtar den dá theanga, agus is é 6 chreidiúint atá i gceist leis an measúnú i dtreo an NCEA (ina bhfuil 80 chreidiúint). Maidir leis an measúnú le haghaidh chaighdeán 91653 (an Mhaorais idirnáisiúnta) (arb é 6 chreidiúint atá i gceist leis freisin), ceanglaítear ar an scoláire aiste a scríobh ina bhfuil 400 focal ar a laghad, is aiste a bhaineann le topaic a chlúdaíonn téamaí áitiúla, náisiúnta nó domhanda ar fud cineálacha difriúla téacsanna. Ní mór an measúnú a scríobh i Maorais.

7. Fachtóirí cumasúcháin

Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Maoraise sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Maoraise; cad iad na príomhghnéithe d’oideolaíocht na Maoraise; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Maoraise)?

Mar thaca leis an uailmhian arna leagan amach sa [Straitéis don Mhaorais san oideachas](#) – go bhforbróidh gach foghlaimeoir leibhéal áirithe de scileanna teanga Maoraise, agus go bhforbróidh na foghlaimeoirí san oideachas trí mheán na Maoraise leibhéal an-ard d’inniúlacht agus d’úsáid sa Mhaorais, tá an Aireacht Oideachais agus gníomhaireachtaí in earnáil an oideachais tiomanta do na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- obair a dhéanamh le gníomhaireachtaí chun Seachtain na Maoraise agus imeachtaí aitheanta eile a chur chun cinn
- é a cheangal go ndéanfaidh na seirbhísí oideachais na bearta réasúnta uile chun teagasc a chur ar fáil i Maorais, agus treoracha soiléire a chur ar fáil do sheirbhísí oideachais maidir leis na hionchais do sholáthar na Maoraise
- samhlacha de phleananna don Mhaorais a fhorbairt agus a chur chun cinn is féidir leis na seirbhísí oideachais a úsáid
- soláthar na Maoraise i múinteoirí oideachais a mhéadú, m.sh. trí scoláireachtaí agus dámhachtainí do mhúinteoirí Maoraise, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le feachtas cur chun cinn
- an Liúntas Múinteoireachta Tumthaí sa Mhaorais a sholáthar chun na scileanna agus na freagrachtaí breise a bhfuil gá leo don lucht saothair oideachais a oibríonn i suíomhanna Maoraise a aithint, agus straitéis don lucht saothair oideachais trí mheán na Maoraise agus straitéis don lucht saothair oideachais foriomlán a fhorbairt.

- acmhainní múinteoireachta agus foghlama Maoraise a chur ar fáil do sheirbhísí oideachais agus d'fhoghlaimoirí trí thairseach ar líne le haghaidh acmhainní arna bhfoilsíú ag an Aireacht Oideachais agus ag gníomhaireachtaí rialtais eile, agus forbairt acmhainní a mhaoiniú ar na leibhéil áitiúla agus náisiúnta
- leanúint de Chistiú don Chlár Maoraise a chur ar fáil do scoileanna ina soláthraítear oideachas trí mheán na Maoraise, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcistiú don Mhaorais i scoileanna
- deiseanna a iniúchadh chun Ionad Barr Feabhais a chur ar bun don oideachas trí mheán na Maoraise
- deiseanna a iniúchadh chun naisc a chruthú idir an Mhaorais i gcuraclaim oideachais agus úsáid na Maoraise i suíomhanna teaghlaigh agus pobail chun tacú le seachadadh teanga ó ghlúin go glúin.

Oideolaíocht

I measc na [dtreoirínte curaclaim](#) le haghaidh mhúineadh agus foghlaim na Maoraise i scoileanna Béarla, tá saintréithe an teagaisc agus na foghlama éifeachtaí a chuimsíonn roinnt oideolaíochtaí molta, mar shampla:

- Tá an teagasc bunaithe ar chaidrimh láidre a chothú le teaghlach agus pobal an scoláire, agus ar thascanna a chuirtear in alt a chéile go maith ina soláthraítear deiseanna iomadúla chun foghlaim a dhéanamh agus a chuireann ar chumas an scoláire naisc a dhéanamh idir foghlaim nua agus réamheolas agus eispéiris.
- Baineann gné shóisialta leis na tascanna: bíonn an deis ag an scoláire chun obair a dhéanamh i ngrúpaí beaga de réir mar a dhéanann sé cleachtas ar an teanga nua agus an teanga fhoghlamtha agus de réir mar a bhaineann sé triail aisti i gcomhthéacsanna barántúla agus rólimeartha araon, agus bíonn deiseanna aige chun obair a dhéanamh i mbeirteanna agus ina aonar de réir mar a ullmhaíonn sé dá chuid foghlama agus de réir mar a dhéanann sé cleachtadh agus machnamh uirthi. Uaireanta téann sé i ngleic le gníomhaíochtaí atá saincheaptha dá chuid riachtanas féin.
- Téann an scoláire i ngleic le réimse acmhainní foghlama teanga atá dírithe ar a chuid riachtanas agus spéiseanna ar leith. Is amhlaidh a áirítear orthu sin acmhainní lena mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí leictreonacha níos mó ná riamh.
- Cuireann na múinteoirí aiseolas fiúntach ar fáil a bhaineann go soiléir leis na torthaí foghlama a roinneadh leis an scoláire, agus cuireann sé leideanna agus ceisteanna roimh an scoláire ar bhealaí lena spreagtar iad chun machnamh a dhéanamh go gníomhach ar a chuid próiseas smaointeoireachta agus foghlama féin.
- Bíonn an teagasc cumarsáideach agus bríoch: cuireann sé ar chumas an scoláire dul i mbun cumarsáid bhríoch sa sprioctheanga agus cuireann sé comhthéacsanna barántúla ar fáil inar féidir leis an scoláire teacht ar ghnéithe éagsúla den chumarsáid rathúil agus cleachtadh a dhéanamh orthu. Leis an gcumarsáid bhríoch, ceanglaítear go n-úsáidfidís an Mhaorais a oiread agus is féidir sa timpeallacht foghlama; ceanglaítear go n-úsáidfidís tascanna idirghníomhacha, foghlaimoir-láraithe; áirítear léi gnéithe neamhbhriathartha den chumarsáid; cuirtear ar chumas an scoláire réimse straitéisí foghlama teanga difriúla a fhorbairt; agus cuirtear teanga i láthair ar bhealach lena spreagtar an scoláire chun patrúin agus rialacha a aimsiú.

Moltar sna treoirlínte freisin go n-úsáidfidh múineadh agus foghlaim na teanga idirchultúrtha cumarsáidí (iCLT) mar aon leis an bhfoghlaim bunaithe ar thascanna:

- Le iCLT: comhtháthaítear teanga agus cultúr ón tús; cuirtear na foghlaimeoirí i mbun fíor-idirghníomhú sóisialta; spreagtar agus forbraítear cur chuige taiscéalaíoch agus machnamhach i leith cultúir agus cultúr trí bhíthin teanga; cothaítear comparáidí agus ceangail fhollasacha idir teangacha agus cultúir; aithnítear foghlaimeoirí agus comhthéacsanna foghlama éagsúla agus freagraítear dóibh; agus leagtar béim ar inniúlacht chumarsáideach idirchultúrtha seachas ar inniúlacht an chainteora dúchais. Chun tacú le múinteoirí ábhair mhachnaimh chultúrtha a chur san áireamh, moltar sna treoirlínte curaclaim téamaí soch-chultúrtha féideartha ar gach ceann de na hocht leibhéal curaclaim.
- Le foghlaim bunaithe ar thascanna: ceanglaítear ar an scoláire díriú isteach ar bhrí go príomha; bíonn bearna de chineál éigin inti is féidir leis an scoláire a dhúnadh ach cumarsáid a dhéanamh; ceanglaítear ar an scoláire a theanga tháirgiúil féin a chur le chéile (aschur teanga) seachas an cineál teanga a ghineann an múinteoir (ionchur teanga) a ionramháil agus an méid sin amháin; agus bíonn toradh i gceist léi atá sainithe go soiléir (seachas teanga “cheart” a ghiniúint).

3.7 Teangacha dúchais sa churaclam: An Bhascais sa Spáinn

An Bhascais sa Spáinn	
1. Comhthéacs agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Bascaise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Cé gurb í an Spáinnis (Caistílis) an teanga stáit oifigiúil sa Spáinn, tá an Bhascais ar cheann de chúig theanga ag a bhfuil stádas oifigiúil mar theanga réigiúnach agus/nó mar mhionteanga (in éineacht leis an gCatalóinis, an Vaileinsis, an Ghailísis agus an Ocsatáinis). Tá an Spáinnis ann taobh leis na teangacha sin i roinnt Pobal Féinrialaitheach* agus tá stádas na teanga oifigiúla aici freisin. Sna cásanna sin, is ionann an dá theanga oifigiúla sin agus teangacha na scolaíochta freisin. Ag deireadh an oideachais bhunúsaigh (16 bliana d'aois), bítear ag súil go mbainfidh gach scoláire inniúlacht iomlán agus choibhéiseach amach sa Spáinnis agus, i bPobail Fhéinrialaitheacha ina bhfuil dara teanga oifigiúil, sa dara teanga sin freisin. Dearbhaíodh i mBunreacht 1978 na Spáinne nach mór eolas a bheith ag na Spáinnigh ar an Spáinnis ach cuireadh leis go bhféadfadh gach pobal réigiúnach a theanga áitiúil a dhearbhu mar theanga oifigiúil. Mar thoradh air sin, dhearbhaigh Pobal Féinrialaitheach Thír na mBascach agus Pobal Féinrialaitheach Navarra gur teanga oifigiúil í an Bhascais (in 1979 agus 1982 faoi seach). Dá bhrí sin, taobh leis an Spáinnis, is teanga oifigiúil í an Bhascais i dTír na mBascach agus i roinnt ceantar Bascach de Phobal Féinrialaitheach Navarra. I dTír na mBascach, is ionann cion na gcainteoirí Bascaise agus duine as ceathrar, ach in Navarra, is ionann é agus duine as deichniúr. Tá an Bhascais ann go himeallach san oideachas le fada an lá, ach le bunreacht 1978 agus an reachtaíocht ina dhiaidh sin, cuireadh deiseanna ar fáil chun an úsáid a bhaintear as an mBascas san oideachas a leathnú go mór, go háirithe i bPobal Féinrialaitheach Thír na mBascach. I bPobail Fhéinrialaitheacha ina n-aithnítear dara teanga oifigiúil, ceanglaítear ar na húdaráis oideachais ceart na scoláirí chun teagasc a fháil sa Spáinnis agus sa dara teanga oifigiúil a ráthú. I dTír na mBascach, leis an dlí maidir le normalú úsáid na Bascaise (1982), aithníodh an ceart atá ag gach scoláire chun teagasc a fháil i mBascas nó i Spáinnis, d'fhoill bogadh i dtreo an dátheangachais sa chóras oideachais. Bunaíodh ann an ceart atá ag an scoláire nó a thuismitheoirí chun meán an teagaisc a roghnú, agus leagadh amach nach mór ranganna teanga a chur ar an scoláire sa teanga oifigiúil nach n-úsáidtear mar mheán an teagaisc (m.sh. más i Spáinnis an teagasc, ní mór an Bhascais a chur ar fáil freisin agus a mhalairt). In 2021, bhí roinnt eolais ar an mBascas ag 62.4 faoin gcéad den daonra a bhí 2 bhliain d'aois agus os a chionn sin i dTír na mBascach (1,349,808 duine). As a measc sin, bhí 936,812 cainteoir Bascaise, .i. daoine a thuigeann agus a labhraíonn an Bhascais go maith, agus 412,996 duine ar geall le cainteoirí	

Bascaise iad, a raibh leibhéal maith nó measartha tuisceana acu ach a raibh an labhairt deacair orthu.²¹

* Tá an Spáinn comhdhéanta de 17 bPobal Fhénrialaitheacha agus de Chathracha Fhénrialaitheacha Ceuta agus Melilla. Is é Rialtas na Spáinne, tríd an Aireacht Oideachais lárnach, atá freagrach (i measc nithe eile) as eagrú ginearálta chóras oideachais na Spáinne, na bunghnéithe den churaclam, agus rialú na gcáilíochtaí. Tá sé de fhreagracht ar na Pobail Fhénrialaitheacha an córas oideachais a bhainistiú ina gcríoch féin agus an curaclam a shainiú dá gceantar críche inniúlachta, ar bhonn na mbunghnéithe den churaclam arna leagan amach ag an Aireacht lárnach don tír ina hiomláine.

2. Aidhmeanna agus cuspóirí

Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Bascaise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?

Tá foghlaim an dara teanga oifigiúil, amhail an Bhascais i dTír na mBascach agus in Navarra, ar cheann de na [cuspóirí ginearálta](#) don mheánoideachas éigeantach agus don mheánoideachas sinsearach.

An cuspóir ginearálta don scoláire ag deireadh an mheánoideachais éigeantaigh, 16 bliana d'aois: A bheith in ann téacsanna agus teachtaireachtaí casta a thuiscint agus a ghiniúint i gceart, ó bhéal agus ar pár, sa Spáinnis, agus, i gcás inarb infheidhme, sa dara teanga oifigiúil den Phobal Fhénrialaitheach, agus na chéad chéimeanna a ghlacadh i dtreo feasacht, léamh agus staidéar ar an litríocht.

An cuspóir ginearálta don mheánoideachas sinsearach *bachillerato* (staidéar a dhéanamh i dtreo cháilíocht an *bachiller* le go mbeifear in ann dul ar aghaidh chuig an ardoideachas), 18/19 mbliana d'aois. Máistreacht a fháil ar an Spáinnis, ó bhéal agus ar pár, agus, más infheidhme, sa dara teanga oifigiúil den Phobal Fhénrialaitheach.

I bPobal Fhénrialaitheach Thír na mBascach, anuas ar an aidhm a bhaineann lena chinntiú, ach an Bhascais agus an Spáinnis a mhúineadh, go mbeidh an scoláire inniúil sa dá theanga faoin am a fhágfaidh sé an scoil (16 bliana d'aois), tá fonn ann freisin an Bhascais a chosaint agus a chaomhnú. Meatar freisin go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an ilteangachas agus leis an staidéar ar theangacha go ginearálta do shaol na hoibre agus don ghnáthshaol laethúil.

3. Suíomh na teanga dúchais

Cad é suíomh na Bascaise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Bhascais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sí le teangacha eile sa churaclam?

Is í an Aireacht Oideachas agus Gairmoiliúna (MEFP) lárnach a leagann amach an curaclam bunúsach don Spáinn ina hiomláine. Is ionann é sin agus an t-íoscheanglas teagaisc éigeantach ar fud na tíre i dtéarmaí cuspóirí, inniúlachtaí, ábhair agus critéir mheasúnachta agus maidir leis an aidhm a bhaineann le croí-oideachas comónta a chinntiú do gach scoláire. Is é an croíchuraclam íosta sin atá i

²¹ [Press releases: In 2021, 62.4% of people residing in the Basque Country had some knowledge of Basque \(eustat.eus\)](#)

gceist le 50 faoin gcéad den amchlár scoile i bPobail Fhéinrialaitheacha ina bhfuil dara teanga oifigiúil, amhail Tír na mBascach.

Sna Pobail Fhéinrialaitheacha siúd ina bhfuil níos mó ná aon teanga oifigiúil amháin, is éigeantach staidéar a dhéanamh ar an dara teanga oifigiúil sa mheánoideachas éigeantach (suas go 16 bliana d'aois) agus ar leibhéal an mheánoideachais shinsearaigh i gcás na scoláirí siúd a dhéanann cúrsaí *bachillerato*. Mar sin féin, chun cáilíocht an *bachillerato* a bhaint amach (le gur féidir dul ar aghaidh chuig an ardoideachas), féadfar an scoláire a scaoileadh saor ón measúnú ar an dara teanga oifigiúil agus ar ábhair litríochta má leagtar amach é sin i rialacháin réigiúnacha.

Sa mheánscolaíocht shinsearach ghairme, sna Pobail Fhéinrialaitheacha siúd ina bhfuil níos mó ná aon teanga oifigiúil amháin, is éigeantach staidéar a dhéanamh ar an dara teanga oifigiúil.

Tá trí phríomhchonair ann maidir le teagasc na Bascaise:

- Samhail A: Is í an Spáinnis an teanga oibre/meán an teagaisc agus múintear an Bhascais mar ábhar sonrach. (Cuspóirí teanga samplacha: an Bhascais a thuiscint go maith; a bheith ullamh chun míniúcháin bhunúsacha a thabhairt i mBascais ar chúrsaí gnáthshaoil; dearcthaí dearfacha i leith na Bascaise a neartú; an scoláire a ullmhú do rannpháirtíocht sa timpeallacht Bhascaise.)
- Samhail B: Tugtar faoi leath an teagaisc i mBascais agus a leath eile i Spáinnis i dTír na mBascach; is amhlaidh a bhíonn an Bhascais níos ceannasaí in Navarra ach úsáidtear an Spáinnis freisin. Is ionann meán an teagaisc agus ábhar scoile i gcás an dá theanga. Tá an tsamhail ceaptha le gur féidir le páistí ó bhailte ina labhraítear Spáinnis cur amach níos daingne a bhaint amach ar an mBascais. (Cuspóirí teanga samplacha: an inniúlacht a fháil le bheith in ann feidhmiú i mBascais agus ardleibhéal tuisceana a dhaingniú; an scoláire a ullmhú le tuilleadh staidéir a dhéanamh i mBascais.)
- Samhail D: Is í an Bhascais meán an teagaisc. Múintear an Spáinnis mar ábhar scoile. Tá an tsamhail ceaptha den chuid is mó don scoláire a thagann ó bhaile ina labhraítear an Bhascais. (Cuspóirí teanga samplacha: inniúlacht sa Bhascais a neartú, scileanna teanga a shaibhriú agus an Bhascais a thiontú ina hionstraim cumarsáide le haghaidh comhráite agus teagaisc; pobal na scoláirí a labhraíonn Bascais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna ón timpeallacht labhartha Spáinnise; eolas sásúil a fháil ar an Spáinnis.)

Is ann do Shamhail X i dTír na mBascach freisin inarb í an Spáinnis meán an teagaisc agus nach bhfuil aon Bhascais inti ar chor ar bith. Cé nach samhail oifigiúil í sin, is ann di go pointe beag. Is ann do Shamhail G chomhchosúil in Navarra (is í an Spáinnis meán an teagaisc agus níl aon Bhascais inti ar chor ar bith); is ceannasaí an tsamhail sin i bPobal Fhéinrialaitheach Navarra nach dara teanga oifigiúil í an Bhascais ach i gceantair áirithe amháin.

Féadfaidh scoileanna aonair níos mó ná ceann amháin de na samhlacha thuas a chur ar fáil.

I mbliain acadúil [2010/11](#), bhí 17 faoin gcéad de na scoláirí iomlána ar chonairí Shamhail A; bhí 22 faoin gcéad díobh ar chonairí Shamhail B; agus bhí 60 faoin gcéad díobh ar chonairí Shamhail D. I gcéim *bachillerato* an mheánoideachais shinsearaigh, bhí 44 faoin gcéad de scoláirí ar chonairí Shamhail A, ina múintear an Bhascais mar ábhar sonrach, agus bhí 54 faoin gcéad díobh ar chonairí

Shamhail D inarb í an Bhascais meán an teagaisc. Sa mheánscolaíocht shinsearach ghairme, ba í Samhail A an tsamhail is mó éileamh, agus tháinig 74 faoin gcéad de scoláirí faoina scáth.

Faoi [2021/22](#), bhí 56,585 scoláire (15 faoin gcéad) ar chonairí Shamhail A; bhí 64,294 scoláire (17 faoin gcéad) ar chonairí Shamhail B; agus bhí 256,442 scoláire ar chonairí Shamhail D (68 faoin gcéad).

4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm	Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Bascaise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. an Fráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE)?
Ní mór an deimhniú inniúlachta teanga sa Bhascais (<i>Euskararen Gaitasun Agiria</i>, EGA) (nó a choibhéis) a bheith ag múinteoirí chun an Bhascais a mhúineadh nó múineadh trí mheán na Bascaise i scoileanna stáit agus i scoileanna príobháideacha araon. Tá sé sin bunaithe ar leibhéal C1 (úsáideoir inniúil) ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE.	
5. Ábhar an churaclaim	Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Bascaise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Bascaise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta d'fhoghlaim teangacha?
Féach Cuid 3. Thuas.	
6. Measúnú	Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an mBascais (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaim teanga)?
Bíonn an measúnú don scoláire sa mheánoideachas sinsearach <i>bachillerato</i> inmheánach agus leanúnach, agus is iad na múinteoirí do gach ábhar ar leith a chinneann, tráth dheireadh an chúrsa, cé acu a bhain gan scoláire na cuspóirí amach nó nár bhain, agus cé acu a shroich siad an leibhéal cuí foghlama do na scileanna riachtanacha nó nár shroich. Féadfaidh an scoláire scrúdú urghnách a dhéanamh i gcás na n-ábhar nár éirigh leis iontu. Sna Pobail Fhéinrialaitheacha siúd ina bhfuil níos mó ná aon teanga oifigiúil amháin, féadfar an scoláire a scaoileadh saor ón measúnú ar an dara teanga oifigiúil agus ar ábhair litríochta, de réir mar a leagtar amach ina rialacháin réigiúnacha. Féadfaidh an scoláire meánscolaíochta an scrúdú inniúlachta Bascaise EGA (<i>Euskararen Gaitasun Agiria</i>) a dhéanamh freisin, atá bunaithe ar leibhéal C1 (úsáideoir inniúil) ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE. Léirítear sna torthaí go bhfuil Samhail D, inarb í an Bhascais meán an teagaisc, níos éifeachtúla go ginearálta ná Samhail B (múintear i mBascais go páirteach, i Spáinnis go páirteach), agus tá an tsamhail sin, ar a seal, níos éifeachtúla ná Samhail A (teagasc i Spáinnis agus Bascais mar ábhar scoile), chun leibhéil shásúla ghnóthachtála sa Bhascais a dhaingniú.	

7. Fachtóirí cumasúcháin	Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Bascaise sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Bascaise; cad iad na príomhghnéithe d'oidelaíocht na Bascaise; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Bascaise)?
	I bPobal Féinrialaitheach Thír na mBascach, le foraithe an dátheangachais a foilsíodh i mí Iúil 1983, cuireadh bonn dlí faoi thabhairt isteach na dtrí phríomhshamhail d'oideachas Bascaise a gcuirtear síos orthu i gCuid 3. Mar thaca leis sin, chuir an rialtas réigiúnach fóirdheontais ar fáil chun áiseanna scoile a tháirgeadh i mBascais; leag sé síos íoscheanglais teanga chun an Bhascais a mhúineadh nó múineadh trí mheán na Bascaise; agus thacaigh sé le hathoiliúint a chur ar mhúinteoirí le go bhféadaidís múineadh trí mheán na Bascaise. Chuir an rialtas réigiúnach táirgeadh áiseanna chun cinn mar thaca le múineadh agus foghlaim na Bascaise ar roinnt bealaí, m.sh. trí thacú le forbairt téarmaíochta; deontais a thabhairt do ghrúpaí múinteoirí chun ábhair a scríobh; costais táirgthe téacsleabhar scoile agus ábhar priontáilte eile, ábhair fuaime agus chlosamhairc, bogearraí oideachasúla agus CD-ROManna a fhóirdheonú; rialú a dhéanamh ar cháilíocht na Bascaise sna hábhair arna dtáirgeadh; agus acmhainní a chatalógú agus duaiseanna a bhronnadh as ábhair shármhaithe. Ba é príonsabal an chomhionannais deise an príomhúdar a tugadh leis an tacaíocht airgeadais sin: níor cheart gur mhó an t-ualach airgeadais i gcás an oideachais trí mheán na Bascaise ar thuismitheoirí a bhfuil orthu áiseanna foghlama a cheannach ná an t-ualach a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Spáinnise. I measc na n-áiseanna scoile a fóirdheonaíodh in 2004, bhí 269 leabhar nó ábhar priontáilte eile amhail leabhair saothair nó cairteacha balla, 30 físeán, 10 dtéip fuaime, 5 chlár bogearraí, 18 CD-ROM ilmheán, agus 15 dhuais as ábhair foghlama a chur ar fáil ar an idirlíon. Cuireadh 52 deontas ar fáil do ghrúpaí múinteoirí a bhí ag ullmhú ábhar freisin. Ba gar do 1.9 milliún euro an tsuim iomlán a deonaíodh. I ndiaidh fhoraithe an dátheangachais, bhí fócas ann freisin ar a chinntiú go raibh dóthain múinteoirí ann a raibh na cáilíochtaí cuí acu. Rinneadh an oiliúint tosaigh do mhúinteoirí a athstruchtúrú lena chinntiú go raibh ar a laghad roinnt de na múinteoirí siúd a bhí faoi oiliúint laistigh de Phobal Féinrialaitheach Thír na mBascach inniúil ar bheith ag múineadh trí mheán na Bascaise, agus bhíothas ag brath ar athoiliúint teanga inseirbhíse i mBascais do mhúinteoirí a bhí ag cleachtadh cheana féin, bídís ina gcainteoirí dúchais nó ná bíodh. Thacaigh an rialtas réigiúnach leis an athoiliúint sin trí scaoileadh íoctha agus trí tháillí clárúcháin a íoc do mhúinteoirí, agus trí na costais a bhain le múinteoirí ionaid a chlúdach ina n-iomláine (earnáil phoiblí) nó go páirteach (earnáil phríobháideach: 80 faoin gcéad ar a laghad). Is ann freisin do 'c[h]lár chun cultúr Bascach na scoileanna a chur chun cinn'. I measc gníomhaíochtaí an chláir sin, tá/bhí: deontais a chur ar fáil do scoileanna chun amharclannaíocht agus amhránaíocht chórúil Bhascach agus casadh na véarsaíochta Bascaí sa stíl thraidisiúnta a chur chun cinn

- deontais a chur ar fáil chun úsáid na Bascaise a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí neamhacadúla, le linn am súgartha, i ndorchlaí na scoile, ar ghléasanna idirchumarsáide, ag tús agus deireadh an lae scoile, srl.
- tacú le cuairteanna ar scoileanna ó údair
- tacú le húsáid scannán lánfhada Bascaise i ngníomhaíochtaí teagaisc
- tacú le malartuithe idir scoileanna ó cheantair shochtheangeolaíocha dhifriúla arb é is aidhm dóibh úsáid na Bascaise i measc scoláirí a mhéadú
- deiseanna a chur ar fáil do scoláirí chun casadh le húdair Bhascacha mór le rá, i ndiaidh dóibh obair a dhéanamh ar théacsanna na n-údar céanna
- tacú le comórtais bhliantúla don phrós, don fhilíocht agus don deaslabhra lena ngabhann duaiseanna suntasacha
- comharthaíocht dhátheangach a chur ar fáil do scoileanna stáit, lena n-áirítear foclóir a chaighdeánú.

Fágann rialtas Phobal Féinrialaitheach Thír na mBascach cinntí maidir le saincheisteanna oideolaíochta faoi scoileanna aonair den chuid is mó ach, i dtéarmaí oideolaíochta uileghabhálach don teagasc agus foghlaim i gcás *bachillerato* an mheánoideachais shinsearaigh, is í Aireacht Oideachais agus Gairmoiliúna (MEFP) lárnach na Spáinne a leagann amach prionsabail mhodheolaíochta áirithe nach mór a bheith mar bhonn eolais faoin gcleachtas teagaisc, m.sh.:

- Leis an bhfoghlaim, ní mór inniúlachtaí an scoláire chun foghlaim a dhéanamh go neamhspleách, obair a dhéanamh i bhfoirne agus modhanna taighde cuí a chur i bhfeidhm a chothú.
- Leis an bhfoghlaim, ba cheart na gnéithe curaclaim difriúla de na hábhair éagsúla a chomhtháthú trí thascanna agus gníomhaíochtaí bríocha ábhartha, agus cur ar chumas an scoláire foghlaim le fadhbanna a réiteach ar bhealach cruthaitheach comhoibríoch, lena dtreisítear féinmheas, neamhspleáchas, tionscnaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus freagracht.
- Ba cheart an fhoghlaim a chur i gcomhthéacs.
- Ba cheart an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a ailíniú le cásanna foghlama, lena gcuirtear próisis oideolaíochta sholúbtha inrochtana chun cinn agus a chuirtear in oiriúint do riachtanais, saintréithe agus luas foghlama an scoláire.
- Ba cheart do na húdaráis oideachais bearta a chur chun cinn chun léamh an scoláire a spreagadh agus a fhorbairt mar aon lena inniúlacht chun é féin a chur in iúl i gceart go poiblí.
- Níor cheart na teangacha oifigiúla a úsáid ach amháin mar thaca sa phróiseas foghlama teangacha iasachta agus, sa phróiseas sin, ba cheart tús áite a thabhairt don tuiscint, don chumarsáid labhartha agus don idirghníomhú labhartha.

Is iad na scoileanna aonair a chinneann na modhanna teagaisc a úsáidfear ina seomraí ranga bunaithe ar na prionsabail oideolaíochta thuas agus éagsúlacht na scoláirí á cur san áireamh. Is iad na scoileanna aonair a dhéanann cinntí maidir le hábhair churaclaim agus acmhainní teagaisc freisin.

3.8 Teangacha dúchais sa churaclam: An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag

An Bhreatnais sa Bhreatain Bheag	
1. Comhthéacs agus réasúnaíocht	Cén comhthéacs agus réasúnaíocht a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Breatnaise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+) (stádas dlíthiúil na teanga; cearta agus freagrachtaí i dtéarmaí an oideachais)?
Is náisiún dátheangach í an Bhreatain Bheag ina bhfuil uailmhian láidir chun úsáid na Breatnaise a mhéadú. Tá stádas oifigiúil ag an mBreatnais agus le hAcht Teanga na Breatnaise 1993, cuireadh an prionsabal ar bun gur cheart cóir chothrom a thabhairt don Bhreatnais agus don Bhéarla i gcaitheamh ghnó poiblí na Breataine Bige. Tá sé de cheart ag daoine óga sa Bhreatain Bheag oideachas a fháil a spreagann iad chun meas a léiriú ar a gcultúr, agus tá sé de cheart acu teanga a muintire a fhoghlaim agus a úsáid. Ag brath ar an áit sa Bhreatain Bheag a bhfuil siad ag cur fúthu, d'fhéadfadh sé go mbeadh an rogha acu foghlaim trí mheán na Breatnaise (i scoil Bhreatnaise), trí mheán an Bhéarla (i scoil Bhéarla) nó ar bhonn dátheangach (trí sholáthar dátheangach/dé-mheán). Ní mór do na húdaráis áitiúla, atá freagrach as formhór na scoileanna sa Bhreatain Bheag, plean Breatnaise san Oideachas a bheith acu lena chinntiú gur féidir le páistí agus daoine óga sa Bhreatain Bheag foghlaim trí mheán na Breatnaise, agus lena chinntiú go múintear an Bhreatnais ar ardchaighdeán. Sa Dhaonáireamh ó 2021, thuairiscigh 17.8 faoin gcéad de ghnátháitritheoirí sa Bhreatain Bheag a bhí trí bliana d'aois agus os a chionn sin go raibh siad in ann an Bhreatnais a labhairt; is laghdú é sin ón 19 faoin gcéad in 2011. Ar cheann de na príomhthosca a chuir leis an laghdú foriomlán ar chéatadán na ndaoine a thuairiscigh go raibh siad in ann an Bhreatnais a labhairt idir 2011 agus 2021, bhí an laghdú ar pháistí agus daoine óga idir 3 agus 15 bliana d'aois a thuairiscigh an scil sin.	
2. Aidhmeanna agus cuspóirí	Cad iad na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Breatnaise sa mheánscolaíocht shinsearach (14+)?
Foghlaimíonn scoláirí sa Bhreatain Bheag an Bhreatnais chun tacú leis an bhfís go n-éireodh an tír ina náisiún lán-dátheangach. Tacaítear leis an bhfís sin le straitéis Cymraeg 2050 arb é is aidhm di go mbeidh milliún cainteoirí Breatnaise ann faoi 2050 (as daonra iomlán 3.1 milliún)²². Is iad na trí théama straitéiseacha chun an fhís sin a bhaint amach ná 1) líon na gcainteoirí Breatnaise a mhéadú; 2) úsáid na Breatnaise a mhéadú; agus 3) dálaí fabhracha a chruthú – is é sin bonneagar agus comhthéacs. I gcás an oideachais, is iad na haidhmeanna a leagtar amach in Cymraeg 2050 córas reachtúil a chruthú lena méadaítear líon na gcainteoirí Breatnaise muiníneacha. I measc na spriocanna, tá: • cion gach bliainghrúpa scoile a fhaigheann a gcuid oideachais trí mheán na Breatnaise a mhéadú ó 22 faoin gcéad (bunaithe ar 7,700 foghlaimeoir a bhí 7 mbliana d'aois in 2015/16) go 30 faoin	

²² [Population and household estimates, Wales - Office for National Statistics \(ons.gov.uk\)](#)

gcéad (thart ar 10,500 duine i ngach bliainghrúpa) faoi 2031, agus ansin go 40 faoin gcéad (thart ar 14,000 i ngach bliainghrúpa) faoi 2050 • an chaoi a múintear an Bhreatnais do gach foghlaimeoir a chlaohlú ionas go dtuairisceoidh 70 faoin gcéad d'fhoghlaimeoirí ar a laghad faoi 2050 go bhfuil siad in ann an Bhreatnais a labhairt faoin am a fhágann siad an scoil • líon na múinteoirí bunscoile ar féidir leo múineadh trí mheán na Breatnaise a mhéadú ó 2,900 go 3,900 faoi 2031 agus 5,200 faoi 2050 • líon na múinteoirí meánscoile ar féidir leo an Bhreatnais a mhúineadh a mhéadú ó 500 go 900 faoi 2031 agus 1,200 faoi 2050 • líon na múinteoirí meánscoile ar féidir leo múineadh trí mheán na Breatnaise a mhéadú ó 1,800 go 3,200 faoi 2031 agus 4,200 faoi 2050 • an t-oideachas trí mheán na Breatnaise agus an t-oideachas dátheangach do scoláirí atá níos sine ná 16 bliana d'aois a athchóiriú lena chinntiú go mbeidh an deis ag daoine óga chun leanúint de scileanna dátheangacha a fhorbairt chun tacú le geilleagar rathúil.	
3. Suíomh na teanga dúchais	Cad é suíomh na Breatnaise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí? Cén chaoi a n-áirítear an Bhreatnais sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí, agus cén chaoi a mbaineann sí le teangacha eile sa churaclam?
Curacclam na Breataine Bige, 3-16 bliana d'aois Faoi Churaclam na Breataine Bige, is éigeantach staidéar a dhéanamh ar an mBreatnais do gach scoláire 3-16 bliana d'aois, bíodh sé sin san oideachas trí mheán na Breatnaise, san oideachas dátheangach/dámheánach (Breatnais agus Béarla), nó san oideachas trí mheán an Bhéarla.²³ Is é an tumoideachas trí mheán na Breatnaise an príomh-mhodh a úsáidtear lena chinntiú gur féidir le páistí a gcuid scileanna Breatnaise a fhorbairt, agus chun cainteoirí nua a chruthú. Mar sin féin, i bhfianaise na haidhme go mbeadh an deis ag gach foghlaimeoir le bheith dátheangach, agus le milliún cainteoirí a bhaint amach, ní mór go n-éireodh le tuilleadh foghlaimeoirí i scoileanna Béarla an teanga a shealbhú. Áirítear le Curacclam na Breataine Bige, ar cuireadh tús lena thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2022²⁴, Breatnais faoin réimse Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid den fhoghlaím agus den taithí (AoLE). Leis an gcuracclam sin, tugadh isteach contanam aonair chun an Bhreatnais a mhúineadh agus ceanglaítear ar gach scoil (scoileanna Breatnaise, dátheangacha agus Béarla) an contanam teanga a	

²³ Níl aon sainmhíniú aonair ann ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla nó scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Breatnaise sa reachtaíocht. Tagraíonn suíomhanna, scoileanna nó sruthanna Béarla sa churaclam do na suíomhanna, scoileanna nó sruthanna siúd ina múintear trí mheán an Bhéarla go hiomlán nó go páirteach. Tá sé beartaithe go mbeidh scoileanna agus sruthanna in ann a shainaithint i gceart cé acu a thagann siad faoin sainmhíniú sin nó nach dtagann. Féach: [Languages, Literacy and Communication: Designing your curriculum - Hwb \(gov.wales\)](#)

²⁴ Tugadh an curacclam isteach i suíomhanna naíonra agus bunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2022; bhí an rogha ag meánscoileanna é a thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2022 nó mí Mheán Fómhair 2023. Thug beagnach leath na meánscoileanna faoina thabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2022. Tosóidh an chéad chohórt a thabharfaidh faoi cháilíochtaí a bhaineann leis an gcuracclam nua in 2026/27 (scoláirí Bhliain 11, 16 bliana d'aois). Féach: [Going live: Rolling out the new curriculum from this September \(senedd.wales\)](#)

chur in aithne do gach foghlaimeoir le himeacht aimsire. Is é is aidhm dó sin sealbhú scileanna Breatnaise a leabú ar fud an churaclaim. Faoin gcontanam sin, ní thagraítear don Bhreatnais mar dhara teanga a thuilleadh i scoileanna Béarla.

Is é is aidhm do Theangacha, Litearthacht agus Cumarsáid i gCuraclam na Breataine Bige tacú le foghlaim ar fud an churaclaim ina iomláine agus cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí eolas agus scileanna a fháil sa Bhreatnais, Béarla, teangacha iasachta agus Teanga Chomharthaíochta na Breataine, chomh maith leis an litríocht. Is é is aidhm dó freisin foghlaimeoirí a spreagadh chun an méid atá foghlamtha acu faoin gcaoi a bhfeidhmíonn teangacha i dteanga amháin a aistriú chuig foghlaim agus úsáid teangacha eile. Tá sé beartaithe ag an gcur chuige breisteangach agus ilteangach sin fiosracht agus díograis na bhfoghlaimeoirí a mhúscailt agus bunchloch láidir a chur faoi spéis i dteangacha na Breataine Bige agus an domhain ar feadh an tsaoil.

[An Bhreatnais ag 16+ bliana d'aois](#)

An scoláire atá ag druidim le deireadh an oideachais éigeantaigh lánaimseartha ag 16 bliana d'aois agus sa mheánoideachas sinsearach i ndiaidh 16 bliana d'aois, tugann se faoi chláir staidéir i dtreo réimse cáilíochtaí, arb é is aidhm dóibh conairí soiléire dul chun cinn a chur ar fáil.

I gcás an scoláire atá 16 bliana d'aois, tá trí [cháilíocht Bhreatnaise](#) nua á bhforbairt ag Qualifications Wales (arb é an rialtóir é ar cháilíochtaí nach céimeanna iad):

- *GCSE Cymraeg Language and Literature*: cáilíocht chomhtháite teanga agus litríochta de chuid Theastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) sa Bhreatnais, atá beartaithe don scoláire san oideachas trí mheán an Breatnaise agus san oideachas dátheangach
- *GCSE Core Cymraeg*: croí-TGM Breatnaise atá beartaithe don fhoghlaimeoir i suíomhanna Béarla (atáthar a thabhairt isteach lena chur in ionad an TGM don Bhreatnais mar dhara teanga)
- cáilíocht san *Additional Core Cymraeg*: beartaithe don fhoghlaimeoir i suíomhanna Béarla atá réidh le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar a chuid scileanna Breatnaise agus é sin ar bhonn níos tapa. (Féach freisin: [Qualified for the Future \(qualificationswales.org\)](#).)

Tá na cáilíochtaí nua sin á dtabhairt isteach, ó mhí Mheán Fómhair 2025, le bheith ag teacht le haidhmeanna Churaclam na Breataine Bige. Go dtí 2025, leanfaidh an scoláire de bheith ag tabhairt faoi chúrsaí don TGM sa [Bhreatnais](#), don TGM i [Litríocht na Breatnaise](#), agus don TGM sa [Bhreatnais mar Dhara Teanga](#).

I gcás scoláirí atá 17/18 mbliana d'aois sa mheánoideachas sinsearach, tá cáilíochtaí ar leith ann go fóill don chéad teanga agus don dara teanga:

- an cháilíocht Ard-Fhotheastais (AF) agus Ard-Leibhéil (A-leibhéil) sa [Bhreatnais](#)
- an AF/na A-leibhéil sa [Bhreatnais mar Dhara Teanga](#).

Is cáilíocht neamhspleách é an tArd-Fhotheastas (AF), arb iondúil go dtugtar faoi ag thart ar 17 mbliana d'aois, agus is é 40 faoin gcéad atá i gceist leis i dtreo an A-leibhéil iomláin. Is iondúil go dtugtar faoi na A-leibhéil ag thart ar 18 mbliana d'aois i scoileanna agus aithnítear iad chun dul ar aghaidh chuig an ardoideachas.

Nóta tábhachtach: Ina theannta sin, chun tacú leis na huailmhianta a leagtar amach i straitéis Cymraeg 2050 agus lena chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí tabhairt faoi cháilíochtaí ina rogha teanga i náisiún dátheangach, tá Qualifications Wales tiomanta, ina straitéis dar teideal [Choice for All](#), do réimse agus infhaighteacht na gcáilíochtaí trí mheán na Breatnaise a mhéadú ar fud réimsí ábhair.

4. Creataí / tagarmharcanna atá i bhfeidhm	Cad iad na creataí nó tagarmharcanna aitheanta, más ann dóibh, a úsáidtear chun tacú le teagasc agus le foghlaim na Breatnaise sa churaclam meánscolaíochta sinsearaí (m.sh. an Fráma Tagartha Comónta Eorpach, FTCE)?
Áirítear leis na tograí atá ann faoi láthair le haghaidh Bille don Oideachas Breatnaise gurb é an toradh teangeolaíoch atá i gcroílár na huaillmhéine don chóras oideachais faoi 2050 go mbeidh gach scoláire, ar an oideachas reachtúil a fhágáil dó (16 bliana d'aois), in ann an Bhreatnais a labhairt go muiníneach. Moltar sna tograí don Bhille gur cheart go mbeadh sé d'aidhm aige leibhéal a chinntiú arb ionann é agus Leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) (úsáideoir neamhspleách). Tá sé beartaithe freisin an leibhéal ionchais a nascadh le leibhéal ar chontanam na scileanna Breatnaise. Is ann do Chreat Inniúlachta Teanga do Chleachtóirí Oideachais freisin lena dtomhaistear inniúlacht teanga cleachtóirí sa Bhreatnais, agus lena léirítear dul chun cinn i dtéarmaí scileanna teanga. Tá sé beartaithe an creat a úsáid mar chuid d'oideachas tosaigh múinteoirí agus foghlaim ghairmiúil ar feadh a ngairmréime do chleachtóirí. Déantar tagairt dó in aghaidh an FTCE.	
5. Ábhar an churaclaim	Cad a fhoghlaimíonn na scoláirí i gcuraclam na Breatnaise (forbhreathnú ar na príomhghnéithe/príomhshnáitheanna den tsonraíocht churaclaim le haghaidh na Breatnaise; cionroinnt ama)? An léirítear in ábhar an churaclaim creat aitheanta d'fhoghlaim teangacha?
Curaclam na Breataine Bige, 3-16 bliana d'aois Cuirtear béim sa churaclam ar an mBreatnais a fhoghlaim mar mhodh cumarsáide go príomha, go háirithe an chumarsáid ó bhéal. Mar an gcéanna le gach réimse foghlama agus taithí (AoLE) eile de Churaclam na Breataine Bige, leagtar amach an AoLE do Theangacha, Litearthacht agus Cumarsáid mar 'ráitis ar a bhfuil tábhachtach', 'prionsabail an dul chun cinn', agus 'tuairiscí ar fhoghlaim' (cumhdaítear prionsabail an dul chun cinn agus tuairiscí ar fhoghlaim faoi Chuid 6 thíos maidir le Measúnú). Is iad na ceithre ráiteas ar a bhfuil tábhachtach le haghaidh Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid ná: • Nascann teanga sinn lena chéile. • Tá tuiscint ar theangacha ríthábhachtach i dtaca leis an domhan inár dtimpeall a thuiscint. • Is rud ríthábhachtach i dtaobh cumarsáide é sinn féin a chur in iúl le teangacha. • Spreagann an litríocht an tsamhlaíocht agus tugann sí inspioráid don chruthaitheacht. Eagraítear an curaclam le haghaidh gach teanga a mhúintear faoin réimse foghlama agus taithí Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid de Churaclam na Breataine Bige (Breatnais, Béarla, teangacha iasachta agus Teanga Chomharthaíochta na Breataine) faoi na ceithre ráiteas barrleibhéil chéanna sin ar a bhfuil tábhachtach.	

Tá sé beartaithe go dtabharfar aghaidh ar na ceithre ráiteas ar bhealach iomlánaíoch. Is é rud atá i gceist leis sin ná gur cheart teangacha éagsúla a fhiosrú i ndáil lena chéile, agus is amhlaidh an cas freisin maidir le scileanna na héisteachta, na cainte, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Ciallaíonn sé freisin gur cheart a mheas go rannchuidítear le gach gné den fhoghlaím faoi theangacha nuair a fhoghlaimítear faoin litríocht agus tríd an litríocht freisin. Tá na ráitis sin beartaithe le tacú lena chéile agus le bheith ina gcuidiú dá chéile.

Cáilíochtaí TGM, scoláirí 16 bliana d'aois

I láthair na huaire, tugann scoláirí 14 go 16 bliana d'aois sa Bhreatain Bheag faoi chlár staidéir arb é an sprioc dheidridh Teastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) sa [Bhreatnais](#), an TGM i [Litríocht na Breatnaise](#), agus/nó an TGM sa [Bhreatnais mar Dhara Teanga](#).

Leis an TGM sa Bhreatnais, déantar measúnú ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus labharthacha (labhairt agus éisteacht); i gcás an TGM i litríocht na Breatnaise, ní mór don scoláire staidéar a dhéanamh ar fhilíocht, prós, drámaíocht, agus litríocht mar scannánaíocht (litríocht amhairc); agus i gcás an TGM sa Bhreatnais mar dhara teanga, eagraítear inneachar an ábhair faoi na ceithre réimse – éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh.

Cáilíochtaí TGM nua ó 2025 ar aghaidh

Tá na cáilíochtaí TGM nua don Bhreatnais á bhforbairt chun an contanam aonair d'fhoghlaím na Breatnaise a léiriú faoi Churaclam na Breataine Bige, ina leagtar béim ar leith ar labhairt agus éisteacht agus ar úsáid na teanga san ionad oibre. Is iad seo a leanas na trí cháilíocht nua don scoláire atá 16 bliana d'aois:

- *GCSE Cymraeg Language and Literature*: TGM comhtháite teanga agus litríochta atá beartaithe don scoláire san oideachas trí mheán an Breatnaise agus san oideachas dátheangach. Tá an [dréachtsonraíocht](#) a cuireadh amach lena [ceadú](#) bunaithe ar cheithre phríomhthéama:
 - insint (cuimsíonn sé sin léirthuisint d'ábhar, téamaí, plota agus forbairt na gcarachtar; léirthuisint do stíl an údair; agus freagraí scríofa)
 - féiniúlacht (cuimsíonn sé sin léirthuisint d'ábhar, téamaí, plota agus forbairt na gcarachtar; aitheantas agus léirthuisint do theicnící scannánaíochta, agus dialóg; agus forbairt scileanna labharthachta)
 - dearchtaí (cuimsíonn sé sin léirthuisint d'ábhar agus teachtaireacht/téama dánta; aitheantas agus léirthuisint d'fhoirmeacha agus stíleanna filíochta; freagairt phearsanta; agus cur i láthair agus roghnú eolais le haghaidh cur i láthair/podchraoladh aonair)
 - naisc theangeolaíocha (cuimsíonn sé sin, m.sh. freagraí agus anailís ar réimse leathan téacsanna scríofa; eolas a chur le chéile agus achoimre a dhéanamh air; scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla agus cineálacha éagsúla lucht léite, agus i bhfoirmeacha difriúla (liteartha agus neamhliteartha).
- *GCSE Core Cymraeg*: croí-TGM Breatnaise atá beartaithe don fhoghlaimeoir i suíomhanna Béarla agus atáthar a thabhairt isteach lena chur in ionad an TGM don Bhreatnais mar dhara teanga. Tá an [dréachtsonraíocht](#), a cuireadh amach lena ceadú, bunaithe ar na hábhair mhachnaimh agus

ráitis a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith ar a bhfuil tábhachtach do Theangacha, Litearthacht agus Cumarsáid i gCuraclam na Breataine Bige:

- an domhan mórthimpeall orainn a thuiscint
 - taitneamh a bhaint as an mBreatnais agus an luach a bhaineann léi lasmuigh den seomra ranga a thabhairt faoi deara
 - úsáid a bhaint as teanga atá bainteach le hábhair spéise
 - úsáid na Breatnaise a fhorbairt ar mhaithe le sóisialú agus don ionad oibre
 - deiseanna don fhoghlaimeoir chun ábhar atá saibhir agus éagsúil a chloisteáil, a fheiceáil agus a léamh i mBreatnais
 - scileanna teanga a fhorbairt le bheith in ann an Bhreatnais a úsáid ar bhealach muiníneach
- Áirítear ceithre aonad leis an gcáilíocht: dhá cheann dírithe ar labhairt agus éisteacht; dhá cheann dírithe ar léamh agus scríobh.
- Cáilíocht san *Additional Core Cymraeg*: beartaithe don fhoghlaimeoir i suíomhanna Béarla atá réidh le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar a chuid scileanna Breatnaise agus é sin ar bhonn níos tapa. Tá an [dréachtsonraíocht](#), a cuireadh amach lena ceadú, bunaithe ar na hábhair mhachnaimh chéanna le *GCSE Core Cymraeg* agus áirítear dhá aonad léi: ceann amháin dírithe ar labhairt agus éisteacht; an ceann eile ar léamh agus scríobh.

Cáilíochtaí AF agus A-leibhéil, 17+ mbliana d'aois

San oideachas i ndiaidh 16 bliana d'aois, ba cheart don scoláire tabhairt faoi chlár staidéir arb iad cáilíochtaí AF agus A-leibhéil is sprioc dóibh. Tá siad sin ar fáil sa [Bhreatnais](#) (céad teanga) nó sa [Bhreatnais mar Dhara Teanga](#). (Is cáilíocht neamhspleách é AF (an tArd-Fhotheastas), arb iondúil go dtugtar faoi ag thart ar 17 mbliana d'aois, agus is é 40 faoin gcéad atá i gceist leis i dtreo an A-leibhéil iomláin. Is iondúil go dtugtar faoi na A-leibhéil ag thart ar 18 mbliana d'aois i scoileanna.)

Is é is aidhm don Bhreatnais (chéad teanga) AF/A-leibhéil foghlaimeoirí a spreagadh chun:

- staidéar a dhéanamh ar an mBreatnais agus spéis, taitneamh agus díograis a bhaint aisti
- cumarsáid a dhéanamh i gceart agus go líofa ó bhéal agus ar pár araon laistigh de réimse iomlán cásanna agus comhthéacsanna
- scríobh go cruthaitheach agus go fíorasach i gcomhair réimse críoch
- anailís a dhéanamh ar théacsanna a bhfuil cur amach orthu agus nach bhfuil cur amach orthu go neamhspleách
- éisteacht le tuairimí daoine eile agus freagairt dóibh le linn dearcadh a chur in iúl
- tuairim neamhspleách a chur in iúl, bunaithe ar eolas agus tuiscint ar théacsanna liteartha agus fíorasacha
- freagra a thabhairt go soiléir, ar bhealach ábhartha muiníneach struchtúrtha
- bheith rannpháirteach go muiníneach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le sochaí an aonú haois is fiche.

Tá coinne leis go bhforbróidh an scoláire ar chúrsa AF/A-leibhéil don Bhreatnais (chéad teanga) eolas agus tuiscint ar struchtúir, gramadach agus patrún na Breatnaise labhartha agus scríofa; ar shainréim agus cuibhiúlacht na teanga agus na stíle i sleachta fíorasacha agus/nó anailíseacha a bhaineann leis

an domhan nua-aimseartha; agus ar an ábhar, leagan amach, stíl agus úsáid teanga i bhfilíocht agus próis, agus teicnící in ábhair nua-aimseartha ilmheán amhail amharclannaíocht, craolachán agus scannánaíocht. Ní mór dóibh scileanna a fhorbairt freisin sa teanga ó bhéal agus ar pár araon.

Is é is aidhm don cháilíocht AF/A-leibhéil don Bhreatnais mar Dhara Teanga an scoláire a spreagadh chun:

- staidéar a dhéanamh ar an mBreatnais agus spéis, taitneamh agus díograis a bhaint aisti
- cumarsáid a dhéanamh i gceart agus go líofa ó bhéal agus ar pár araon laistigh de réimse leathan cásanna agus comhthéacsanna
- scríobh go cruthaitheach agus go fíorasach i gcomhair réimse críoch
- anailís a dhéanamh ar théacsanna a bhfuil cur amach orthu agus nach bhfuil cur amach orthu go neamhspleách
- éisteacht le tuairimí daoine eile agus freagairt dóibh le linn dearcadh a chur in iúl
- tuairim neamhspleách a chur in iúl, bunaithe ar eolas agus tuiscint ar théacsanna liteartha agus fíorasacha
- freagra a thabhairt i mBreatnais go soiléir, ar bhealach ábhartha muiníneach struchtúrtha
- ról cuí a imirt i sochaí dhátheangach ag tús an aonú haois is fiche.

Tá coinne leis go dtaispeánfaidh an scoláire eolas agus tuiscint ar struchtúir, gramadach agus patrún na Breatnaise labhartha agus scríofa araon; ar shainréim agus cuibhiúlacht na teanga agus na stíle i réimse téacsanna fíorasacha faoin domhan nua-aimseartha; ar ábhar, leagan amach agus stíl litríocht na meán agus réimse filíochta agus próis; agus ar chultúr traidisiúnta na Breataine Bige. Ní mór dóibh scileanna a fhorbairt freisin sa teanga ó bhéal agus ar pár araon.

Creataí don fhoghlaím teangacha

Áirítear leis na tograí le haghaidh [Bille don Oideachas Breatnaise](#) gurb é an toradh teangeolaíoch atá i gcroílár na huaillmhéine don chóras oideachais faoi 2050 go mbeidh gach scoláire, ar an oideachas reachtúil a fhágáil dó (16 bliana d'aois), in ann an Bhreatnais a labhairt go muiníneach. Moltar sna tograí don Bhille gur cheart go mbeadh sé d'aidhm aige leibhéal a chinntiú arb ionann é agus Leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach ([FTCE](#)) (úsáideoir neamhspleách).

6. Measúnú

Cén chaoi a ndéantar measúnú ar an mBreatnais (m.sh. measúnú inmheánach agus seachtrach? cén chothromaíocht atá ann eatarthu? seachtrach amháin? An léirítear le haon tagarmharc creat aitheanta don fhoghlaím teanga)?

Curaclam na Breataine Bige, 3-16 bliana d'aois

Leagtar amach an réimse foghlama agus taithí Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid i gCuraclam na Breataine Bige (a chuimsíonn Breatnais, Béarla, teangacha iasachta agus Teanga Chomharthaíochta na Breataine) mar 'ráitis ar a bhfuil tábhachtach', 'prionsabail an dul chun cinn', agus 'tuairiscí ar fhoghlaím'.

Forbraítear [prionsabail an dul chun cinn](#) bunaithe ar chontanam dul chun cinn, ag tosú le beagán cumais nó cumas ar bith agus ag dul ar aghaidh i dtreo inniúlachta. Tugtar tuairisc leo ar a gciallaíonn

sé d'fhoghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh agus ceaptar iad lena n-úsáid ag cleachtóirí chun an chuma ba cheart a bheith ag an dul chun cinn a thuiscint agus cineálacha cur chuige i leith measúnachta a fhorbairt lena bhféachtar lena thuiscint cé acu atáthar ag déanamh dul chun cinn nó nach bhfuil.

Is iad seo a leanas prionsabail an dul chun cinn do Theangacha, Litearthacht agus Cumarsáid:

- éifeachtacht mar fhoghlaimeoir a mhéadú
- fairsinge agus doimhneacht an eolais a mhéadú
- tuiscint ar smaointe agus disciplíní sa réimse a dhoimhniú
- míneadas agus sofaisticiúlacht a mhéadú maidir le scileanna a úsáid agus a chur i bhfeidhm
- naisc a dhéanamh agus an fhoghlaím a chlaohlú i gcomhthéacsanna nua.

I dteannta phrionsabail an dul chun cinn, agus iad beartaithe lena n-úsáid taobh leo, leis na [tuairiscí ar fhoghlaím](#) soláthraítear treoraíocht maidir leis an gcaoi ar cheart d'fhoghlaimeoirí dul chun cinn a dhéanamh de réir mar a aistríonn siad tríd an gcontanam foghlama. Tugtar tuairisc leo ar an aistear foghlama i sraith 'Céimeanna Dul Chun Cinn' ó Chéim Dul Chun Cinn 1 go Céim Dul Chun Cinn 5. Leis na Céimeanna Dul Chun Cinn, soláthraítear pointí tagartha sonracha ar an gcuma a bhíonn ar dhul chun cinn de réir mar a oibríonn an foghlaimeoir i dtreo na ráiteas ar a bhfuil tábhachtach, agus leis na tuairiscí ar fhoghlaím, tugtar tuairisc ar fhoghlaím le haghaidh tréimhse dhá go trí bliana ag gach Céim Dul Chun Cinn. Níl siad beartaithe lena n-úsáid mar thorthaí foghlama ná mar chritéir mheasúnaithe agus comhfhreagraíonn na cúig Chéim Dul Chun Cinn ar an mórgóir do na hionchais ag 5, 8, 11, 14 agus 16 bliana d'aois.

Leagtar amach na tuairiscí ar fhoghlaím do gach ceann de na cúig Chéim Dul Chun Cinn maidir leis na ráitis aonair ar a bhfuil tábhachtach.

I gcás an ráitis ar a bhfuil tábhachtach 'nascann teanga sinn lena chéile', tá tacar amháin de Chéimeanna Dul Chun Cinn ann le haghaidh na Breatnaise agus an Bhéarla araon, ó tharla go mbaineann na tuairiscí ar fhoghlaím don ráiteas sin ar a bhfuil tábhachtach do gach foghlaimeoir i ngach scoil agus suíomh sa Bhreatain Bheag.

I gcás na ráiteas eile ar a bhfuil tábhachtach: 'Tá tuiscint ar theangacha ríthábhachtach i dtaca leis an domhan inár dtimpeall a thuiscint'. 'Is rud ríthábhachtach i dtaobh cumarsáide é sinn féin a chur in iúl le teangacha', agus 'Spreagann an litríocht an tsamhlaíocht agus tugann sí inspioráid don chruthaitheacht', tá tacar de Chéimeanna Dul Chun Cinn ann don Bhreatnais (oideachas trí mheán na Breatnaise)/don Bhéarla mar aon le tacar ar leith de Chéimeanna Dul Chun Cinn don Bhreatnais i suíomhanna, scoileanna nó sruthanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Is ionann cuid de na tuairiscí ar fhoghlaím agus tagann siad chun cinn ag an gCéim Dul Chun Cinn chéanna don Bhreatnais i suíomhanna, scoileanna agus sruthanna Breatnaise agus don Bhreatnais i suíomhanna, scoileanna agus sruthanna Béarla, mar shampla, 'Is féidir liom go leor fuaimeanna cainte a ghiniúint i gceart' ag Céim Dul Chun Cinn 1 agus 'Is féidir liom a bheith ag léamh os ard go bríoch, agus aird á tabhairt agam ar an bhfógraíocht' ag Céim Dul Chun Cinn 2. Tagann cuid de na tuairiscí ar fhoghlaím chun cinn ag Céim Dul Chun Cinn ina dhiaidh sin i gcás na bhfoghlaimeoirí siúd atá ag tabhairt faoin oideachas trí mheán an Bhéarla go príomha. Mar shampla, maidir leis an tuairisc 'Is

féidir liom freagairt do dhearcthaí daoine eile, achoimre agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a chuala, léigh nó chonaic mé, argóintí a struchtúru agus dúshlán a chur roimh an méid a deir daoine eile go muiníneach agus go tuisceanach', tagann sí chun cinn ag Céim Dul Chun Cinn 4 i suíomhanna, scoileanna agus sruthanna Breatnaise agus ag Céim 5 i suíomhanna, scoileanna agus sruthanna Béarla.

Is ann do thuairiscí ar fhoghlaím freisin nach dtagann chun cinn ach sna tuairiscí ar fhoghlaím le haghaidh suíomhanna, scoileanna agus sruthanna Breatnaise, mar shampla, 'Is féidir liom príomhchoincheapa agus tionchar roghanna agus teicnící teanga ar an léitheoir nó ar an mbreathnóir a mheas go criticiúil ach úsáid a bhaint as rogha dhearbhaíthe mionsonraí téacsúla ábhartha', a thagann chun cinn ag Céim Dul Chun Cinn 5. Mar sin féin, ní chuireann sé sin bac ar mhúinteoirí i suíomhanna Béarla an tuairisc sin ar fhoghlaím agus an Chéim Dul Chun Cinn sin a úsáid le roinnt foghlaimeoirí a d'fhéadfadh a bheith in ann dul chun cinn a thaispeáint ar an mbealach a bhfuil tuairisc air. Is é an prionsabal uileghabhálach atá mar bhonn faoi ná gurb iad na múinteoirí a thugann aghaidh ar riachtanais foghlaimeoirí aonair le linn pleanáil a dhéanamh le haghaidh dul chun cinn i bhfoghlaím na Breatnaise sa chaoi go gcuirfidh an curaclam agus an measúnú ceaptha ar chumas gach foghlaimeora dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama sa Bhreatnais. Chun dul chun cinn a chinntiú, ní mór go ndéanfaidh an fhoghlaím forbairt ar an gcumas atá ag na foghlaimeoirí sa Bhreatnais cheana féin.

Cáilíochtaí TGM, scoláirí 16 bliana d'aois

Sna cáilíochtaí TGM atá ann faoi láthair sa [Bhreatnais](#), i [Litríocht na Breatnaise](#), agus sa [Bhreatnais mar Dhara Teanga](#), is meascán atá sa mheasúnú de mheasúnú seachtrach is scrúdú agus measúnú inmheánach nach scrúdú.

- I gcás cháilíocht na Breatnaise, déantar measúnú ar an labharthacht trí thasc nach scrúdú a mheastar go himmheánach (cur i láthair taighde agus plé grúpa arna dtaifeadadh go leictreonach): 30 faoin gcéad den mharc iomlán; déantar measúnú ar an léitheoireacht trí bhíthin scrúdú seachtrach: 30 faoin gcéad den mharc iomlán; agus déantar measúnú ar an scríbhneoireacht freisin trí bhíthin scrúdú seachtrach: 40 faoin gcéad den mharc iomlán.
- I gcás cháilíocht litríocht na Breatnaise, tagann 25 faoin gcéad den mharc iomlán ó gach ceann de scrúdú filíochta seachtrach ar pár; scrúdú seachtrach ar pár ar úrscéal dualgais; béaltriail arna marcáil go himmheánach ar an litríocht amhairc (scannánaíocht); agus tascanna scríofa nach scrúdú arna meas go himmheánach.
- I gcás cháilíocht na Breatnaise mar dhara teanga, tagann 25 faoin gcéad den mharc iomlán ó gach ceann de fhreagairt ó bhéal arna meas go himmheánach ar spreagthach amhairc (measúnú nach scrúdú); plé arna mheas go himmheánach (measúnú nach scrúdú); scrúdú seachtrach ar pár ina ndéantar measúnú ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht dírithe ar insint, scileanna sonracha agus scileanna teagaisc; agus scrúdú seachtrach ar pár ina ndéantar measúnú ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht, dírithe ar scileanna tuairisciúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha.

Sna dréacht-cháilíochtaí TGM nua do [GCSE Cymraeg Language and Literature](#) agus [GCSE Core Cymraeg](#), beidh an measúnú ina mheascán freisin de mheasúnú seachtrach is scrúdú agus measúnú nach scrúdú arna mheas go himmheánach. I gcás na cáilíochta do [Additional Core Cymraeg](#), is trí bhíthin scrúdú inmheánach cainte agus éisteachta a tharlóidh an measúnú a bheidh ar siúl le físchomhdhálú, mar aon le tasc arna mheas go himmheánach chun measúnú a dhéanamh ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht.

Ar an mbealach céanna, leis an measúnú do na cáilíochtaí AF/A-leibhéal i ndiaidh 16 bliana d'aois sa [Bhreatnais](#) (chéad teanga) agus sa [Bhreatnais mar Dhara Teanga](#), baineann meascán de mheasúnú inmheánach agus seachtrach araon.

7. Fachtóirí cumasúcháin

Cad iad na fachtóirí cumasúcháin do mhúineadh agus foghlaim na Breatnaise sa mheánscolaíocht shinsearach (m.sh. cad iad na hábhair agus na hacmhainní a thacaíonn le múineadh agus foghlaim na Breatnaise; cad iad na príomhghnéithe d'oideolaíocht na Breatnaise; cén chaoi a dtugtar spreagadh agus dreasachtaí do mhúineadh na Breatnaise)?

Faoi Churaclam na Breataine Bige, d'fhorbair Rialtas na Breataine Bige contanam aonair maidir le múineadh na Breatnaise (lena gclúdaítear an Bhreatnais mar chéad teanga, tumadh Breatnaise, agus an Bhreatnais mar dhara teanga), ina gcuirtear an bhéim ar an mBreatnais a fhoghlaim mar mhodh cumarsáide go príomha, go háirithe an chumarsáid ó bhéal. Tugadh an contanam isteach chun tacú le [straitéis Cymraeg 2050](#).

Aithnítear leis an straitéis, chun an aidhm a bhaint amach a bhaineann le líon na bhfoghlaiméoirí in earnáil an oideachais reachtúil a mhéadú go mór, is foghlaiméoirí a fhorbróidh scileanna Breatnaise go caighdeán a chuirfidh ar a gcumas an teanga a úsáid ina ngnáthshaol laethúil, gur gá forbairt a dhéanamh ar scileanna an lucht saothair múinteoireachta. Leagtar síos spriocanna léi chun líon na múinteoirí bunscoile ar féidir leo múineadh sa Bhreatnais a mhéadú; líon na múinteoirí meánscoile ar féidir leo múineadh sa Bhreatnais a mhéadú; agus líon na múinteoirí meánscoile ar féidir leo múineadh trí mheán na Breatnaise a mhéadú. Sainaitnítear léi freisin gurb iad seo a leanas na príomhchumasóirí chun aidhmeanna agus cuspóirí na straitéise a bhaint amach:

- méadú a dhéanamh ar an lucht saothair oideachais atá in ann teagasc a sholáthar trí mheán na Breatnaise
- feabhas a chur ar an réimse acmhainní agus cáilíochtaí dá bhfuil ar fáil i mBreatnais agus é a mhéadú (leis na cáilíochtaí sin is gá tacú leis an mbéim atáthar a leagan faoi Churaclam na Breatnaise agus Cymraeg 2050 ar labhairt agus éisteacht agus ar úsáid na teanga san ionad oibre, agus is gá aitheantas a thabhairt do scileanna trasteangaithe na bhfoghlaiméoirí dátheangacha agus breisteangacha).

Múinteoirí

Chun tacú le Cymraeg 2050, leis an [bPlean Breatnaise don Lucht Saothair Oideachais](#) leagtar amach bearta a bheidh le déanamh i gcaitheamh tréimhse 10 mbliana chun méadú a dhéanamh ar líon na

múinteoirí agus na n-oibrithe tacaíochta atá in ann a bheith ag obair trí mheán na Breatnaise agus an Bhreatnaís a mhúineadh. Áirítear sa phlean freisin gníomhartha chun tacú le forbairt scileanna Breatnaise agus ardinniúlacht an lucht saothair atá ann cheana, agus chun cumas ceannaireachta a fhorbairt in earnáil na Breatnaise agus tacú le ceannairí chun an Bhreatnaís agus cultúr na Breataine Bige a chothú laistigh dá scoileanna.

Cuireann Rialtas na Breataine Bige deiseanna [forbartha gairmiúla](#) ar fáil saor in aisce freisin do mhúinteoirí ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Breatnaise, mar aon le [deontas](#) chun tacú le fothú acmhainne an lucht saothair a fheidhmíonn trí mheán na Breatnaise agus an lucht saothair dhátheangaigh.

Ina theannta sin, reáchtálann Rialtas na Breataine Bige [cúrsa tiontúcháin](#) do mhúinteoirí bunscoile a oibríonn trí mheán na Breatnaise. Is amhlaidh a thugtar le fios sna sonraí gur ann anois do bharrachas múinteoirí a oibríonn trí mheán na Breatnaise san earnáil bunscolaíochta, agus dá bhrí sin, leis an gcúrsa *Cynllun Pontio* a tugadh isteach in 2020, cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar fáil le cur ar chumas múinteoirí bunscoile tiontú chun múineadh a dhéanamh san earnáil meánscolaíochta. Leathnaíodh an scéim freisin chun múinteoirí meánscoile a chur san áireamh nár oibrigh san earnáil le cúig bliana anuas nó os a chionn sin mar aon le múinteoirí ar mian leo filleadh ó thíortha eile chun múineadh a dhéanamh sa Bhreatain Bheag.

[Acmhainní](#)

Faoin téama ‘dálaí fabhracha a chruthú’ i straitéis Cymraeg 2050, sainaithnítear an teicneolaíocht dhigiteach mar cheann de na príomhchumasóirí chun tacú le húsáid na Breatnaise san oideachas, san ionad oibre agus go sóisialta. Aithnítear sa straitéis freisin go bhfuil gá le réimse ábhar níos leithne chun tacú le foghlaim agus múineadh na Breatnaise, go háirithe acmhainní digiteacha agus idirghníomhacha.

Tá réimse acmhainní ar fáil saor in aice sa rannán Teangacha, Litearthacht agus Cumarsáid de shuíomh gréasáin [Hwb](#). Is é sin an tseirbhís dhigiteach dhátheangach de chuid Rialtas na Breataine le haghaidh scoileanna, arb é is aidhm di tacú le múineadh agus foghlaim trí Churaclam na Breataine Bige.

[Oideolaíocht](#)

Agus a gcuraclam á cheapadh acu, tá coinne leis go ndéanfaidh na scoileanna machnamh ar na cineálacha cur chuige oideolaíochta a bheidh ag teastáil uathu chun tacú le foghlaiméoirí, agus tá coinne leis go gcuirfean an 12 [phrionsabal oideolaíochta](#) de Churaclam na Breataine Bige san áireamh agus an curaclam á cheapadh. Is ionann iad sin agus tacar neamh-uileghabhálach de phrionsabail an teagaisc éifeachtaigh a chuidíonn le foghlaiméoirí dul chun cinn a dhéanamh. Luaitear iontu gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir le foghlaim agus teagasc maith:

1. coinnítear fócas comhsheasmhach ar bun ar chuspóirí foriomlána an churaclaim
2. cuirtear dúshlán roimh gach foghlaiméoir ach iad a spreagadh chun tábhacht na hiarrachta leanúnaí a aithint maidir le hionchais atá ard ach inbhainte amach dóibh a chomhlíonadh
3. is é rud atá i gceist ná meascán de chineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear teagasc díreach

4. is é rud atá i gceist ná meascán de chineálacha cur chuige a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na cinn siúd lena gcuirtear fadhbréiteach agus smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil chun cinn
5. leagtar amach tascanna agus roghnaítear acmhainní lena bhforbraítear ar eolas agus taithí roimhe seo agus lena gcothaítear spéis
6. cruthaítear comhthéacsanna barántúla don fhoghlaim
7. is é rud atá i gceist ná measúnú a chur i bhfeidhm do na prionsabail foghlama
8. bíonn raon i gceist leo ar fud na réimsí foghlama agus taithí agus laistigh díobh
9. treisítear scileanna traschuraclaim na litearthachta, na huimhearthachta agus na hinniúlachta digití go tráthrialta, agus cuirtear deiseanna ar fáil chun cleachtadh a dhéanamh orthu
10. spreagtar foghlaimeoirí chun freagracht níos mó a ghlacadh as a bhfoghlaim féin
11. tacaítear le forbairt shóisialta agus mhothúcháinach agus le caidrimh dhearfacha
12. spreagtar comhoibriú.

4. Eolas grinnscrúdaithe

4.1: Grinnscrúdú ar staidéar na Breatnaise mar theanga dhúchais sa mheánoideachas sinsearach, 16-18 mbliana d'aois: A-leibhéal na Breatnaise mar chéad teanga



1. Comhthéacs

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cé mhéad ábhar a ndéanann an scoláire A-leibhéil staidéar orthu sa Bhreatain Bheag?

Cé mhéid uaireanta a shanntar do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Breatnaise mar theanga dhúchais dóibh siúd atá ag tabhairt faoin A-leibhéal sa Bhreatnais mar chéad teanga?

Is iondúil go ndéanann an scoláire A-leibhéil trí nó ceithre A-leibhéal agus déanann sé staidéar ar scoil nó i gcoláiste. Bíonn éagsúlacht sa réimse ábhar a chuirtear ar fáil de réir an tsuímh gheografaigh, ardinniúlacht na foirne, meán teanga, méid an tsoláthróra, agus cé acu is ann nó nach ann do chomhpháirtíochtaí le lárionaid eile, agus idir scoileanna agus coláistí. Cé gur cosúil go gcuirtear saor-rogha ar fáil don chuid is mó d'fhoghlaimeoirí i dtéarmaí ábhair A-leibhéil, is amhlaidh a chuireann roinnt tosca srian lena roghanna. Áirítear orthu sin lárionaid a leagann síos íosghráid mar is cuí go minic chun staidéar a dhéanamh nó é a cheangal ar fhoghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar níos mó ábhar ná is mian leo.²⁵

Is cúrsaí dhá bhliain iad A-leibhéil agus [molann](#) comhlachtaí dámhachtana na gcáilíochtaí go bhfuil 350 uair an chloig de staidéar ag teastáil ar an meán chun siollabas A-leibhéil a chlúdach go leordhóthanach.

Tá an tsonraíocht le haghaidh A-leibhéal na Breatnaise mar chéad teanga briste síos ina sé aonad. Tugtar faoi trí aonad (ar a dtugtar aonaid AS) sa chéad bhliain den chúrsa, agus tugtar faoi trí aonad (ar a dtugtar aonaid A2) sa dara bliain.

Leis an tsonraíocht briste síos ina haonaid, cumasaítear measúnú céimnithe. A bhuí le deiseanna measúnaithe le linn shamhradh bhliain a haon den chúrsa, i ndiaidh an chéad trí aonad a chur i gcrích, is féidir an cháilíocht AS a dhámhachtain mar cháilíocht ar leith ag deireadh na chéad bhliana sin. Déantar

²⁵ [A levels in sixth forms and further education colleges \(gov.wales\)](#)

measúnú ar an trí aonad eile le linn an tsamhraidh den dara bliain chun cáilíocht an A-leibhéil iomláin (A2) a dhámhachtain ach an cúrsa a chur i gcrích go rathúil.

2. Croí-chomhpháirteanna

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cad iad na croí-chomhpháirteanna den mheasúnú le haghaidh A-leibhéil na Breatnaise mar chéad teanga?

Tá an A-leibhéil don Bhreatnais mar chéad teanga fócasaithe ar thrí Chuspóir Measúnaithe (CM) ar fud na sé aonad AS agus A2, agus i measc na gcroí-chomhpháirteanna den mheasúnú tá measúnuithe scríofa (scrúduithe seachtracha), béaltrialacha (arna meas go himmheánach), agus measúnú nach scrúdú.

CM1: Úsáid na teanga labhartha	• An teanga a labhairt mar is ceart agus sainréim teanga atá oiriúnach don chomhthéacs a ghlacadh chugat féin go cumasach. • Éisteacht go haireach le daoine eile agus machnamh a dhéanamh ar an méid a chuireann siad leis an bplé. • Dearcthaí agus smaointe ábhartha a fhorbairt ar bhealach cothromaithe, achoimre a dhéanamh orthu agus teacht ar chonclúidí córa ina leith.
CM2: Freagairt do théacsanna	• Eolas a thaispeáint ar théacsanna sonracha agus a gcúlra, trí bhíthin anailís chriticiúil ina ndéantar plé agus meastóireacht ar léirmhínte eile. • Léirthuisint a léiriú do théacsanna liteartha, amhairc agus fíorasacha agus freagairt dóibh go ciallmhar ach ábhar ábhartha a roghnú agus a léirmhíniú; tagairt a dhéanamh don téacs bunaidh go sonrach agus údar a thabhairt leis an tagairt sin. I mbliain 2, freisin, don A-eibhéil iomlán: • Léirthuisint a léiriú ar ábhar nach bhfacthas roimhe seo agus freagairt dó go pearsanta. • Eolas arna chur i láthair i meáin éagsúla a chur i dtoll a chéile, a chur i gcomparáid agus a mheas, crostagairt a dhéanamh ó théacs amháin go chéile, achoimre a dhéanamh ar an méid sin agus teacht ar chonclúidí cothromaithe ina leith.
CM3: Teanga scríofa a úsáid	• Bheith ag scríobh mar is ceart, ar bhealach soiléir cumasach, ag léiriú réimse acmhainní teangeolaíocha; eolas ar an ngramadach a úsáid go héifeachtach laistigh de chomhthéacsanna éagsúla. • Feasacht ar shainréimeanna teanga éagsúla a thaispeáint agus úsáid éifeachtach a bhaint as an mBreatnais i gcásanna difriúla agus chun críoch difriúil.

Is iad seo a leanas na hualuithe do na Cuspóirí Measúnaithe ina n-iomláine don chúrsa A-ibhéil dhá bhliain iomlán:

- 11.7% d'Úsáid na teanga labhartha
- 50.2% do Fhreagairt do théacsanna
- 38.1% do Theanga scríofa a úsáid.

Aonad AS 1: Béaltriail. An Scannán, An Dráma agus Labharthacht Roinn A: Plé ar an scannán Roinn B: Plé ar an dráma	Thart ar 45 nóiméad (le haghaidh gach grúpa ina bhfuil líon nach mó ná triúr iarrthóirí) 15% den cháilíocht A-leibhéil (60 marc)
Aonad AS 2: Measúnú Nach Scrúdú Roinn A: Píosa fada a scríobh i gceann amháin de na formáidí sonraithe Roinn B: Aiste nó óráid ar pár, atá oiriúnach lena tabhairt, ina gcuirtear tuairim nó dearcadh i láthair	10% den cháilíocht A-eibhéil (40 marc)
Aonad AS 3: Páipéar Scríofa. Úsáid na Teanga, agus Filíocht Roinn A: Ceist ilchodach a chuimsíonn cineálacha difriúla cleachtaí teanga Roinn B: Ceist aiste ar fhilíocht an fhichiú haois agus an aonú haois is fiche	2 uair an chloig 15% den cháilíocht A-eibhéil (65 marc)
Aonad A2 4: Béaltriail. An tÚrscéal agus Labharthacht Úrscéal a phlé agus naisc a bhunú le téacsanna ábhartha eile	Thart ar 45 nóiméad (le haghaidh gach grúpa ina bhfuil líon nach mó ná triúr iarrthóirí) 20% den cháilíocht A-leibhéil (60 marc)
Aonad A2 5: Páipéar Scríofa. Prós na Meánaoise agus an Luath-Fhilíocht agus Filíocht na Meánaoise Roinn A: Ceisteanna struchtúrtha ar an téacs atá leagtha síos Roinn B: Ceisteanna struchtúrtha ar an téacs atá leagtha síos	2 uair an chloig 20% den cháilíocht A-leibhéil (90 marc)
Aonad A2 6: Páipéar Scríofa. Léirthuisctint don Litríocht agus an Bhreatnais i gComhthéacs Roinn A: Léirthuisctint don phrós nó don fhilíocht nach ndearnadh staidéar orthu roimhe sin agus naisc a dhéanamh le téacsanna ábhartha eile in aiste Roinn B: An Bhreatnais i gcomhthéacs. Píosa a scríobh i bhformáid ar leith, ina léirítear feasacht ar an tsainréim teanga agus ar an lucht léite atá feiliúnach don tasc	2 uair an chloig 20% den cháilíocht A-leibhéil (80 marc)

Baineann measúnú sionoptach de shaghas éigin le gach aonad A2 – measúnú a dhéanamh ar thuiscint an scoláire ar na naisc idir na gnéithe difriúla d'ábhar.

3. Scrúduithe scríofa le haghaidh A-leibhéal na Breatnaise mar chéad teanga

Líon na bpáipéar scríofa	Tá trí pháipéar scríofa ann in A-leibhéal na Breatnaise mar chéad teanga • Páipéar Scríofa Aonad AS 3 ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht (bliain 1) • Aonad A2 5 Páipéar Scríofa ar Phrós na Meánaoise agus an Luath-Fhilíocht agus Filíocht na Meánaoise (bliain 2) • Páipéar Scríofa Aonad A2 6 ar Léirtheiscint don Litríocht agus an Bhreatnais i gComhthéacs (bliain 2)
Ualú na marcanna	Páipéar Scríofa Aonad AS 3 ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht: • 15% den cháilíocht A-leibhéil (65 marc). Tá 6.9% den ualú 15% sin ar fáil do mharcanna le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 2 (CM2) Freagairt do théacsanna agus 8.1% le haghaidh CM3 Teanga scríofa a úsáid. Aonad A2 5 Páipéar Scríofa ar Phrós na Meánaoise agus an Luath-Fhilíocht agus Filíocht na Meánaoise: • 20% den cháilíocht A-leibhéil (90 marc). Tá 13.3% den ualú 20% sin ar fáil do mharcanna le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna agus 6.7% le haghaidh CM3 Teanga scríofa a úsáid. Páipéar Scríofa Aonad A2 6 ar Léirtheiscint don Litríocht agus an Bhreatnais i gComhthéacs: • 20% den cháilíocht A-leibhéil (80 marc). Tá 6.7% den ualú 20% sin ar fáil do mharcanna le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna agus 13.3% le haghaidh CM3 Teanga scríofa a úsáid.
Struchtúr an scrúdaithe/na scrúduithe	Páipéar Scríofa Aonad AS 3 ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht: • áirítear leis ceist ilchodach a chuimsíonn cineálacha difriúla cleachtaí teanga (Cuid A), agus ceist aiste ar fhilíocht an fhichiú haois agus an aonú haois is fiche (Cuid B). Aonad A2 5 Páipéar Scríofa ar Phrós na Meánaoise agus an Luath-Fhilíocht agus Filíocht na Meánaoise: • áirítear leis dhá chuid ina bhfuil ceisteanna struchtúrtha ar an téacs atá leagtha síos. Páipéar Scríofa Aonad A2 6 ar Léirtheiscint don Litríocht agus an Bhreatnais i gComhthéacs, áirítear leis: • i gcás Léirtheiscint don Litríocht, aiste atá ceaptha le léirtheiscint a léiriú don phrós nó don fhilíocht nach ndearnadh staidéar orthu roimhe sin mar aon leis an inniúlacht chun naisc a dhéanamh le téacsanna ábhartha eile (Cuid A) • i gcás An Bhreatnais i gComhthéacs, píosa scríofa, arna scríobh i bhformáid ar leith, ina léirítear feachtas ar an tsainréim teanga agus ar an lucht léite atá feiliúnach don tasc (Cuid B). Tá na scrúduithe scríofa páipéarbhunaithe, i.e. níl siad ar fáil ar líne.

Rogha ceisteanna an scoláire	Aonad AS 3: Páipéar Scríofa ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht: - Ní mór do na hiarrthóirí dhá cheist a fhreagairt. Ní mór dóibh ceist 1 a fhreagairt ina hiomláine – ceist ilchodach a chuimsíonn cineálacha difriúla cleachtaí teanga. I gcás cheist 2, féadfaidh siad roghnú ó rogha teideal/topaicí aiste ar leith ar a scríobhfaidh siad aiste a thagróidh don fhilíocht a ndearna siad staidéar uirthi. Aonad A2 5: Páipéar Scríofa ar Phrós na Meánaoise agus an Luath-Fhilíocht agus Filíocht na Meánaoise: - Ní mór do na hiarrthóirí dhá chuid de na ceisteanna struchtúrtha a fhreagairt (Codanna A agus B); níl aon rogha acu. Aonad A2 6: Páipéar Scríofa ar Léirtheiscint don Litríocht agus an Bhreatnais i gComhthéacs: - Ní mór don scoláire freagairt do Chuid A (aiste) agus do Chuid B (píosa scríofa a ghiniúint) ar an topaic ar leith le haghaidh gach Coda sa pháipéar scrúdaithe; níl aon rogha acu.
Fad an scrúdaithe/na scrúduithe	Tá gach ceann de na scrúduithe scríofa dhá uair an chloig ar fad.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	Tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta I dteannta leis an tsonraíocht scrúdaithe, foilsíonn bord scrúdúcháin/comhlacht dámhachtana WJEC na nithe seo a leanas: - ábhair mheasúnaithe shamplacha/léiritheacha le haghaidh gach ceann de na haonaid A-leibhéil (wjec.co.uk/umbraco/surface/blobstorage/download?nodeId=15239) - iarrpháipéir, scéimeanna marcála, agus tuarascálacha na scrúdaitheoirí²⁶ - réimse acmhainní digiteacha do mhúinteoirí (m.sh. modúil foghlama chumaiscthe, teoracha céim ar chéim maidir le scrúduithe agus eagraithe eolais). Cuireann WJEC suíomh gréasáin ar fáil freisin ar a bhfuil Athbhreithniú ar Scrúduithe Ar Líne (OER), a chuimsíonn bailiúchán d’aonaid idirghníomhacha a thugann le chéile roinnt gnéithe, lena n-áirítear sonraí ginearálta, ceisteanna scrúdaithe, scéimeanna marcála agus tráchtanna scrúdaitheoirí, chun múinteoirí a threorú trí athbhreithniú ar cheisteanna scrúdaithe (Suíomh gréasáin WJEC OER). Cuireann WJEC seisiúin foghlama gairmiúla ar fáil freisin (a fhógraítear trí bhíthin nuachtlitreacha) mar aon le tacaíocht ó oifigeach ábhair le haghaidh fiosruithe maidir leis na sonraíochtaí. Tacaíochtaí níos leithne um fhorbairt ghairmiúil

²⁶ [AF/A-leibhéal sa Bhreatnais \(wjec.co.uk\)](#)

Trí [Hwb](#), arb é suíomh gréasáin Rialtas na Breataine Bige é ar a gcuirtear seirbhísí digiteacha dátheangacha ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim sa Bhreatain Bheag, cuireann an Rialtas réimse [acmhainní forbartha gairmiúla](#) ar fáil chun tacú le forbairt na Breatnaise i scoileanna mar aon le teagasc trí mheán na Breatnaise. Áirítear orthu sin cúrsaí lánaimseartha, cúrsaí foghlama cumaiscthe páirtaimseartha, cúrsaí gearra ar líne, agus cúrsaí féinstaidéir; an Scéim Shabóideach don Bhreatnais; agus cúrsaí ar líne arna bhforbairt ag an [Lárionad Náisiúnta um Foghlaim na Breatnaise](#). Déantar an fhoghlaim ghairmiúil uile maidir leis an mBreatnais a léarscáiliú ar an [gCreat Inniúlachta](#) don Bhreatnais le haghaidh Cleachtóirí Oideachais.

Chun tacú leis an [bPlean Breatnaise don Lucht Saothair Oideachais](#) arb é is aidhm dó, i gcaitheamh tréimhse 10 mbliana, méadú a dhéanamh ar líon na múinteoirí agus na n-oibrithe tacaíochta atá in ann a bheith ag obair trí mheán na Breatnaise agus an Bhreatnais a mhúineadh, cuireann Rialtas na Breataine Bige deiseanna [forbartha gairmiúla](#) saor in aice ar fáil freisin do chleachtóirí teagaisc ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Breatnaise, agus soláthraíonn sé an [deontas](#) um fhothú acmhainne don lucht saothair a fheidhmíonn trí mheán na Breatnaise. Is féidir é sin a úsáid, mar shampla, chun tacú le múinteoirí a oibríonn san earnáil Béarla taithí a fháil ar obair a dhéanamh i meánscoileanna Breatnaise, agus muinín a chothú as a scoileanna Breatnaise agus múineadh a dhéanamh trí mheán na Breatnaise.

Tugadh isteach an [Sparánacht um Choinneáil Múinteoirí don Bhreatnais san Oideachas](#), agus [an Dreasacht um Ábhar Tosaíochta don Oideachas Tosaigh Múinteoirí](#) freisin chun múinteoirí nua agus múinteoirí ag tús a ngairmréime a spreagadh chun an Bhreatnais a mhúineadh nó múineadh a dhéanamh trí mheán na Breatnaise.

- Tugadh isteach an Sparánacht £5,000 mar scéim phiolótach in 2023 agus tá sí ar fáil do mhúinteoirí ar dámhadh Stádas an Mhúinteora Cháilithe (QTS) orthu ó bhí Lúnasa 2020 ann, agus a bhfuil trí bliana de mhúinteoireacht i meánscoil nó scoil mheánach Bhreatnaise curtha i gcrích acu. Tá sí ar fáil do mhúinteoirí atá ag múineadh trí mheán na Breatnaise i meánscoil nó scoil mheánach dhátheangach, nó atá ag múineadh na Breatnaise mar ábhar freisin. Tá sé beartaithe go reáchtálfar an scéim phiolótach go dtí fóimhar na bliana 2028.
- Is é rud atá i gceist leis an Dreasacht Ábhair don Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) ná maoiniú deontais do mhic léinn aonair atá faoi oiliúint chun an Bhreatnais a mhúineadh. Is ionann í agus suim £15,000 a íoctar i dtrí thráthchuid le linn chlár OTM an mhic léinn agus le linn thús a ghairmréime.

Ina theannta sin, is é is aidhm do chlár [Cynllun Pontio](#) líon na múinteoirí meánscoile Breatnaise a mhéadú tríd an mbarrachas atá ann faoi láthair de mhúinteoirí bunscoile Breatnaise a oiliúint agus tacú leo tiontú chun

	múineadh a dhéanamh san earnáil meánscolaíochta. Leathnaíodh an scéim chun múinteoirí meánscoile a chur san áireamh nár oibrigh san earnáil le cúig bliana anuas nó os a chionn sin mar aon le múinteoirí ar mian leo filleadh ó Shasana agus ó thíortha eile chun múineadh a dhéanamh sa Bhreatain Bheag.
--	---

Tuairisciú	Foilsítear na torthaí AF/A-leibhéil ar dháta sonrach i mí Lúnasa (an 15 Lúnasa in 2024). Tuairisciú foriomlán: taifeadtar na gráid fhoriomlána don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar chéad teanga mar ghrád ar scála ó A go E (is grád ard é²⁷ A). Tuairiscítear na torthaí siúd nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán chun grád a dhámhachtain mar U (neamhrangaithe). Léirítear ar bhileog na dtorthaí freisin grád na cáilíochta agus an marc do chomhpháirteanna aonair na n-aonad. Sloinntear na gráid le haghaidh gach aonaid ar leith de na scrúduithe (lena n-áirítear i gcás na dtrí pháipéar scríofa don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar chéad teanga) mar mharc aonfhoirmeach ar scála atá infheidhme maidir leis na cáilíochtaí AF/A-leibhéil uile – Scála na Marcanna Aonfhoirmeacha (UMS). Tá méid iomlán 200 marc aonfhoirmeach i gceist leis an gcáilíocht AF (bliain 1 den chúrsa A-leibhéil) agus tá 500 marc aonfhoirmeach i gceist leis an A-leibhéil (an cúrsa dhá bhliain ina iomláine). Braitheann an t-uasmhéid marcanna aonfhoirmeacha i gcás aonad ar bith ar ualú an aonaid sa tsonraíocht.
------------	--

4. Scileanna labharthachta

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cén chaoi a bhforbraítear scileanna labharthachta i gcaitheamh an dá bhliain de chúrsa A-leibhéil na Breatnaise mar chéad teanga sa Bhreatain Bheag?

I mbliain 1 agus i mbliain 2 araon de chúrsa A-leibhéil na Breatnaise mar chéad teanga, tá coinne leis go dtaispeánfaidh iarrthóirí an cumas chun an teanga a labhairt i gceart agus go hinniúil ach úsáid a bhaint as an tsainréim chuí; éisteacht le daoine eile go haireach; agus ceisteanna a chur, tuairimí a fhorbairt, idirghníomhú a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí.

Sa dara bliain den chúrsa, tá coinne leis go mbeidh iarrthóirí in ann naisc a dhéanamh idir na gnéithe difriúla den ábhar, m.sh. anailís téama, léirthuiscint a léiriú don stíl, an teanga labhartha a úsáid.

²⁷ Dámhtar grád A* ar iarrthóirí a bhain Grád A amach (400 marc aonfhoirmeach) sa cháilíocht A-leibhéil mar aon le híosmhéid 90% de na marcanna aonfhoirmeacha iomlána i gcás na n-aonad A2 (270 marc aonfhoirmeach).

5. An Bhéaltrial

Déantar measúnú ar scileanna labhartha an scoláire sa Bhreatain Bheag trí bhíthin béaltrialacha, agus is iad téacsanna (lena n-áirítear scannáin, drámaí agus úrscéalta) atá mar bhonn faoi na scrúduithe sin. Mar thoradh air sin, cuirtear na marcanna a fhaigheann an scoláire sa bhéaltrial leis na Cuspóirí Measúnaithe ‘Úsáid na teanga labhartha’ agus ‘Freagairt do théacsanna’ araon don A-leibhéal.

Struchtúr na béaltrialach	Is ann do bhéaltrial le haghaidh Aonad 1 de chúrsa AF/A-leibhéil na Breatnaise mar chéad teanga (i mbliain 1) agus le haghaidh Aonad 4 den chúrsa AF/A-leibhéil (i mbliain 2). Baineann dhá chuid leis an scrúdú le haghaidh Aonad 1: plé ar scannán ar leith, agus plé ar rogha de cheann amháin as dhá phíosa drámaíochta. Tá an scrúdú le haghaidh Aonad 4 bunaithe ar phlé ar cheann amháin de cheithre úrscéal a ndearnadh staidéar orthu.
Ualú na marcanna	Is ionann an marc don bhéaltrial le haghaidh Aonad 1 agus 15% den cháilíocht A-leibhéil fhoriomlán: Tá 5% den mharc sin ar fáil le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 1 (CM1) Úsáid na teanga labhartha agus 10% le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna. Is ionann an marc don bhéaltrial le haghaidh Aonad 4 agus 20% den cháilíocht A-leibhéil fhoriomlán: Tá 6.7% den mharc sin ar fáil le haghaidh CM1 Úsáid na teanga labhartha, agus 13.3% le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna.
Scrúdú seachtrach nó inmheánach	Déanann scrúdaitheoir seachtrach na scoláirí a mheas i ngrúpaí nach mó ná triúr scoláirí. Is féidir na grúpaí a roghnú ar bhonn inniúlacht na n-iarrthóirí nó faoi rogha an scrúdaitheora. I gcás nach bhfuil ann ach iarrthóir amháin, cuirfidh an scrúdaitheoir faoi scrúdú é/í ina (h)aonar.
Fad na béaltrialach	Thart ar 45 nóiméad i gcás grúpa triúr scoláirí.
Sceidealú an scrúdaithe	Tugann scrúdaitheoir seachtrach cuairt ar gach lárionad le linn na seachtainí roimh shaoire na Cásca agus ina diaidh le haghaidh bhéaltrialacha bhliain 1 agus bhliain 2 (Aonad 1 agus Aonad 4). In 2024 tá na dátaí a sceidealaíodh idir an 8 Aibreán agus an 10 Bealtaine.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	I dteannta na dtacaíochtaí ar tarraingíodh aird orthu faoi Chuid 3 thuas, foilsíonn bord scrúdúcháin/comhlacht dámhachtana WJEC treoraíocht shonrach do mhúinteoirí le haghaidh bhéaltrialacha na Breatnaise. Moltar sa treoraíocht sin gur cheart an scoláire a chur faoi bhréagscrúdú roimh lá an scrúdaithe.
Tuairisciú	Cinneann an scrúdaitheoir marcanna na n-iarrthóirí ar bhonn fhianaise an scrúdaithe. Agus measúnú á dhéanamh ag an

	scrúdaitheoir seachtrach ar fheidhmíocht an iarrthóra sa bhéaltrial, úsáideann sé measúnú inmheánach an lárionaid scrúduithe (na scoile/an choláiste) mar threoir. Déantar na scrúduithe uile a thaifeadadh ionas gur féidir éisteacht siar le haon scrúdú chun na marcanna a dhearbhuí. Tuairisciú foriomlán: taifeadtar na gráid fhoriomlána don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar chéad teanga mar ghrád ar scála ó A go E (is grád ard²⁸ A). Tuairiscítear na torthaí siúd nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán chun grád a dhámhachtain mar U (neamhrangaithe). Léirítear ar bhileog na dtorthaí freisin grád na cáilíochta agus an marc do chomhpháirteanna aonair na n-aonad. Sloinntear na gráid le haghaidh gach aonaid ar leith de na scrúduithe (lena n-áirítear i gcás an dá bhéaltrial don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar chéad teanga) mar mharc aonfhoirmeach ar scála atá infheidhme maidir leis na cáilíochtaí AF/A-leibhéil uile – Scála na Marcanna Aonfhoirmeacha (UMS). Tá méid iomlán 200 marc aonfhoirmeach i gceist leis an gcáilíocht AF (bliain 1 den chúrsa A-leibhéil) agus tá 500 marc aonfhoirmeach i gceist leis an A-leibhéil (an cúrsa dhá bhliain ina iomláine). Braitheann an t-uasmhéid marcanna aonfhoirmeacha i gcás aonad ar bith ar ualú an aonaid sa tsonraíocht.
--	--

²⁸ Dámhtar grád A* ar iarrthóirí a bhain Grád A amach (400 marc aonfhoirmeach) sa cháilíocht A-leibhéil mar aon le híosmhéid 90% de na marcanna aonfhoirmeacha iomlána i gcás na n-aonad A2 (270 marc aonfhoirmeach).

6. Úsáid na bpunann

I mbliain 1 den A-leibhéal don Bhreatnais mar chéad teanga, is Measúnú Nach Scrúdú é Aonad AS 2 a chuimsíonn dhá thasc:

Struchtúr na punainne	Dhá phíosa scríofa, agus 1000-2000 focal i ngach ceann díobh: - píosa fada scríofa i gceann amháin de na formáidí sonraithe (gearrscéal; céad chaibidil d'úrscéal; dialann; monalóg; sraith blaganna; léiriú; cuid de dhírbheathaisnéis; script bunaithe ar ghearrscéal don stáitse, teilifís nó raidió; alt eagarthóireachta nó aiste le haghaidh nuachtáin nó irise; tuairisc iriseora) - aiste nó óráid ar pár, atá oiriúnach lena tabhairt, ina gcuirtear tuairim nó dearcadh i láthair. Níor cheart an t-ábhar céanna a roghnú do na tascanna.
Ualú na marcanna	10% den cháilíocht A-leibhéil (40 marc). Sanntar an 10% sin le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 3 (CM3) Teanga scríofa a úsáid.
Arna scrúdú go hinmheánach/seachtrach	Cuirtear Tasc 2 (aiste nó óráid ar pár atá oiriúnach lena tabhairt) i gcrích faoi dhálaí speisialta. Is dálaí iad sin atá cosúil le dálaí gnáthscrúdaithe. Ba cheart dhá uair an chloig a shannadh agus ba cheart fógra seachtaine amháin a thabhairt don scoláire sula dtugann sé faoin tasc faoi dhálaí speisialta. Is é múinteoir an scoláire a mharcálann an dá thasc agus déanann modhnóir seachtrach arna shannadh don lárionad scrúduithe (an scoil/coláiste) iad a mhodhnú. Más ann do níos mó ná grúpa foghlama amháin i lárionad, ní mór modhnú inmheánach a dhéanamh chun caighdeán chomhsheasmhacha a chinntiú ar fud na ngrúpaí foghlama.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	I dteannta leis na tacaíochtaí a dtarraingítear aird orthu faoi Chuid 3 thuas, áirítear greille mheasúnaithe mar chuid de shonraíocht na cáilíochta chun cuidiú le múinteoirí maidir leis na tascanna don Mheasúnú Nach Scrúdú a mharcáil.
Tuairisciú	Tuairisciú foriomlán: taifeadtar na gráid fhoriomlána don A-leibhéal sa Bhreatnais mar chéad teanga mar ghrád ar scála ó A go E (is grád ard²⁹ A). Tuairiscítear na torthaí siúd nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán chun grád a dhámhachtain mar U

²⁹ Dámhtar grád A* ar iarrthóirí a bhain Grád A amach (400 marc aonfhoirmeach) sa cháilíocht A-leibhéil mar aon le híosmhéid 90% de na marcanna aonfhoirmeacha iomlána i gcás na n-aonad A2 (270 marc aonfhoirmeach).

	(neamhrangaithe). Léirítear ar bhileog na dtorthaí freisin grád na cáilíochta agus an marc do chomhpháirteanna aonair na n-aonad. Sloinntear na gráid le haghaidh gach aonaid ar leith de na scrúduithe (lena n-áirítear i gcás an Mheasúnaithe Nach Scrúdú don A-leibhéal sa Bhreatnais mar chéad teanga) mar mharc aonfhoirmeach ar scála atá infheidhme maidir leis na cáilíochtaí AF/A-leibhéil uile – Scála na Marcanna Aonfhoirmeacha (UMS). Tá méid iomlán 200 marc aonfhoirmeach i gceist leis an gcáilíocht AF (bliain 1 den chúrsa A-leibhéil) agus tá 500 marc aonfhoirmeach i gceist leis an A-leibhéal (an cúrsa dhá bhliain ina iomláine). Braitheann an t-uasmhéid marcanna aonfhoirmeacha i gcás aonad ar bith ar ualú an aonaid sa tsonraíocht.
--	--

7. Úsáid na dtéacsanna

Leid ghrinnscrúdaithe:

An úsáidtear an téarma ‘téacs’ sna cáipéisí curaclaim agus más amhlaidh, cén chaoi a sainmhínítear an téarma iontu chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta? Cén chaoi a dtacaítear le foghlaim agus teagasc na Breatnaise sna téacsanna ar bhonn níos leithne? (I gcomhthéacs na Gaeilge, tá brí níos leithne leis an téarma ‘téacs’, m.sh.: filíocht, gearrscéalta, úrscéalta, dialanna taistil, dírbheathaisnéisí, scannánaíocht, amhránaíocht, drámaíocht, téacsanna ilmhódacha, srl. D’fhéadfadh píosa oibre arna choimeád/arna chruthú ag scoláire a bheith i gceist le téacs freisin, m.sh.: aiste, díospóireacht, freagairt phearsanta, iontráil punainne, cur i láthair, srl.)

Tagraíonn an [tsonraíocht](#) don A-leibhéal sa Bhreatnais mar chéad teanga do théacsanna liteartha, amhaire agus fíorasacha lena n-áirítear ábhair ilmheán. Is é rud a áirítear inti mar théacsanna ná amharclannaíocht (drámaíocht), craoltóireacht agus scannánaíocht; prós (luath agus ón meánaois); filíocht (luath agus ón meánaois, ón 20ú haois agus ón 21ú haois); úrscéalta; agus fíorais, staitisticí agus nótaí.

D’fhéadfadh sé gurb é rud atá i gceist le téacs freisin ná píosa oibre arna chruthú ag scoláire, m.sh. aiste; óráid ar pár; gearrscéal; céad chaibidil d’úrscéal; dialann; monalóg; sraith blaganna; léiriú; cuid de dhírbheathaisnéis; script bunaithe ar ghearrscéal don stáitse, teilifís nó raidió; alt eagarthóireachta nó aiste le haghaidh nuachtáin nó irise; tuairisc iriseora; míreanna nuachta agus tuairiscí nuachtáin; preasráitis; miontuairiscí cruinnithe; treoracha; agus óráidí/cainteanna.

Is ionann an t-ualú le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 2 (CM2) den tsonraíocht A-leibhéil – Freagairt do théacsanna agus 50.2% (i gcomparáid le 11.7% le haghaidh CM1 – Úsáid na teanga labhartha, agus 38.1% le haghaidh CM3 – Teanga scríofa a úsáid. Díríonn CM2 ar an méid seo a leanas ón scoláire:

- eolas a thaispeáint ar théacsanna sonracha agus a gcúlra, trí bhíthin anailís chriticiúil ina ndéantar plé agus meastóireacht ar léirmhínte eile
- léirtheiscint a léiriú do théacsanna liteartha, amhairc agus fórasacha agus freagairt dóibh go ciallmhar ach ábhar ábhartha a roghnú agus a léirmhíniú
- tagairt a dhéanamh don téacs bunaidh go sonracha agus an tagairt sin a chosaint
- léirtheiscint a léiriú ar ábhar nach bhfacthas roimhe seo agus freagairt dó go pearsanta.
- eolas arna chur i láthair i meáin éagsúla a chur i dtoll a chéile, a chur i gcomparáid agus a mheas
- crostagairt a dhéanamh ó théacs amháin go chéile, achoimre a dhéanamh ar an méid sin agus teacht ar chonclúidí cothromaithe ina leith.

Nóta ar cháilíochtaí TGM nua. Táthar i mbun cáilíocht TGM nua a fhorbairt faoi láthair do scoláirí 16 bliana d’aois san oideachas trí mheán na Breatnaise agus san oideachas dátheangach. Is cáilíocht chomhtháite teanga agus litríochta é sin, agus ní hionann í agus na TGManna atá ar fáil faoi láthair do scoláirí i scoileanna Breatnaise agus dátheangacha, ar TGManna ar leith iad sin sa Bhreatnais agus i Litríocht na Breatnaise. Áirítear sa cháilíocht chomhtháite teanga agus litríochta nua prós ficseanúil insinte agus litríocht amhairc, réimse dánta, agus réimse téacsanna neamhficsin, agus is é is aidhm do na hathruithe tacú leis an dul chun cinn chuig an staidéar i ndiaidh 16 bliana d’aois ina bhfuil an teanga agus an litríocht comhtháite sa cháilíocht AF/A-leibhéil don Bhreatnais mar chéad teanga cheana féin. Tá sé d’aidhm ag na hathruithe freisin an deighilt shaorga atá ann idir an teanga agus an litríocht a bhaint, agus cleachtas sna dlínsí ina léirítear feidhmíocht níos láidre ná an Bhreatain Bheag i suirbhéanna gnóthachtála idirnáisiúnta a léiriú (m.sh. léitheoireacht PISA), is dlínsí ina gcomhcheanglaítear staidéar na teanga agus na litríochta.

8. Úsáid na teicneolaíochta

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cén ról atá ag an teicneolaíocht maidir le tacú leis an scoláire a scileanna Breatnaise mar chéad teanga a fhorbairt?

Le [straitéis Cymraeg 2050](#) – arb í an straitéis í a bhfuil sé d’aidhm aici milliún cainteoirí Breatnaise a bhaint amach sa Bhreatain Bheag faoi 2050, sainiúitear an teicneolaíocht dhigiteach mar bhealach chun ‘dálaí fabhracha a chruthú’ chun tacú le húsáid na Breatnaise san oideachas, san ionad oibre agus go sóisialta. Aithnítear sa straitéis freisin go bhfuil gá le réimse ábhar níos leithne chun tacú le foghlaim agus múineadh na Breatnaise, go háirithe acmhainní digiteacha agus idirghníomhacha, agus tá sí tiomanta d’fheabhas a chur ar ghiniúint agus infhaighteacht na n-acmhainní a chuirtear chun cinn go mór do na pobail ábhartha.

Tacaíonn acmhainní ar líne le múinteoirí agus scoláirí maidir le múineadh, foghlaim agus measúnú na Breatnaise. Mar shampla, cuireann comhlacht dámhachtana WJEC don A-leibhéal sa Bhreatnais mar chéad teanga réimse [acmhainní](#) ar fáil chun tacú le múineadh agus foghlaim na Breatnaise. Áirítear orthu sin:

- [Acmhainní foghlama cumaiscthe](#) le haghaidh téacsanna sonracha. Tá sé beartaithe don ábhar féinstaidéir idirghníomhach go gcomhcheanglófaí teagasc agus foghlaim aghaidh ar aghaidh le pacáiste foghlama ar líne lena gceadaítear don scoláire foghlaim ar a luas féin.
- [Pacáiste acmhainní](#) chun tacú le foghlaimeoirí de réir mar a ullmhaíonn siad dá measúnú.

Tá réimse acmhainní ar líne don AF/A-leibhéal sa Bhreatnais mar chéad teanga ar fáil do mhúinteoirí agus scoláirí freisin trí shuíomh ghréasán [Hwb](#) de chuid Rialtas na Breataine Bige.

4.2 ‘Grinnscrúdú’ ar staidéar na Breatnaise mar theanga dhúchais sa mheánoideachas sinsearach, 16-18 mbliana d’aois: A-leibhéal na Breatnaise mar dhara teanga

1. Comhthéacs

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cé mhéad ábhar a ndéanann an scoláire A-leibhéil staidéar orthu sa Bhreatain Bheag?

Cé mhéid uaireanta a shanntar do mhúineadh agus d’fhoghlaim na Breatnaise mar theanga dhúchais dóibh siúd atá ag tabhairt faoin A-leibhéal sa Bhreatnais mar dhara teanga?

Is iondúil go ndéanann an scoláire A-leibhéil trí nó ceithre A-leibhéal agus déanann sé staidéar ar scoil nó i gcoláiste. Bíonn éagsúlacht sa réimse ábhar a chuirtear ar fáil de réir an tsuímh gheografaigh, ardinniúlacht na foirne, meán teanga, méid an tsoláthróra, agus cé acu is ann nó nach ann do chomhpháirtíochtaí le lárionaid eile, agus idir scoileanna agus coláistí. Cé gur cosúil go gcuirtear saor-rogha ar fáil don chuid is mó d’fhoghlaimeoirí i dtéarmaí ábhair A-leibhéil, is amhlaidh a chuireann roinnt tosca srian lena roghanna. Áirítear orthu sin lárionaid a leagann síos íosghráid mar is cuí go minic chun staidéar a dhéanamh nó é a cheangal ar fhoghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar níos mó ábhar ná is mian leo.³⁰

Is cúrsaí dhá bhliain iad A-leibhéil agus [molann](#) comhlachtaí dámhachtana na gcáilíochtaí go bhfuil 350 uair an chloig de staidéar ag teastáil ar an meán chun siollabas A-leibhéil a chlúdach go leordhóthanach.

Tá an tsonraíocht le haghaidh A-leibhéil na Breatnaise mar dhara teanga briste síos ina sé aonad. Tugtar faoi trí aonad (ar a dtugtar aonaid AS) sa chéad bhliain den chúrsa, agus tugtar faoi trí aonad (ar a dtugtar aonaid A2) sa dara bliain.

³⁰ [A levels in sixth forms and further education colleges \(gov.wales\)](#)

Leis an tsonraíocht briste síos ina haonaid, cumasaítear measúnú céimnithe. A bhuí le deiseanna measúnaithe le linn shamhradh bhliain a haon den chúrsa, i ndiaidh an chéad trí aonad a chur i gcrích, is féidir an cháilíocht AS a dhámhachtain mar cháilíocht ar leith ag deireadh na chéad bhliana sin. Déantar measúnú ar an trí aonad eile le linn an tsamhraidh den dara bliain chun cáilíocht an A-leibhéil iomláin (A2) a dhámhachtain ach an cúrsa a chur i gcrích go rathúil.

2. Croí-chomhpháirteanna

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cad iad na croí-chomhpháirteanna den mheasúnú le haghaidh A-leibhéil na Breatnaise mar dhara teanga?

Mar an gcéanna leis an A-leibhéil don Bhreatnais mar chéad teanga, tá an A-leibhéil don Bhreatnais mar dhara teanga fócasaithe ar thrí Chuspóir Measúnaithe (CM) ar fud na sé aonad AS agus A2, agus i measc na gcroí-chomhpháirteanna den mheasúnú tá measúnuithe scríofa (scrúduithe seachtracha), béaltrialacha (arna meas go himmheánach), agus measúnú nach scrúdú.

CM1: Úsáid na teanga labhartha	• An teanga a labhairt mar is ceart agus go muiníneach agus ag an am céanna réimse acmhainní teangeolaíocha a léiriú; sainréim teanga atá oiriúnach don chomhthéacs a ghlacadh chugat féin. • Éisteacht go haireach; freagairt go híogair/go stuama ach ceisteanna a chur agus dearcthaí agus smaointe ábhartha a fhorbairt ar bhealach cothromaithe. • Idirghníomhú, achoimre a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí cothromaithe.
CM2: Freagairt do théacsanna	• Eolas a thaispeáint ar théacsanna sonracha agus a gcúlra, trí bhíthin anailís chriticiúil ina ndéantar plé agus meastóireacht ar léirmhínte eile. • Léirithuiscint a léiriú ar sheánraí liteartha difriúla agus freagairt dóibh. • Freagairt d'ábhair liteartha, amhairc agus fhíorasacha go ciallmhar, ó bhéal agus ar pár, ach ábhar ábhartha a roghnú agus a léirmhíniú. • Tagairt shonrach a dhéanamh don téacs bunaidh agus an tagairt sin a chosaint. • Trasteangú a dhéanamh³¹ ach an téacs a thuiscint agus a léirmhíniú. I mbliain 2, freisin, don A-eibhéal iomlán: • Eolas arna chur i láthair i meáin éagsúla a chur i dtoll a chéile, a chur i gcomparáid agus a mheas; crostagairt a dhéanamh idir ábhair eile; achoimre a dhéanamh ar an méid sin; agus teacht ar chonclúidí cothromaithe ina leith.
CM3: Teanga scríofa a úsáid	• Bheith ag scríobh mar is ceart, ar bhealach soiléir cumasach, ag léiriú réimse acmhainní teangeolaíocha. • Eolas ar an ngramadach a úsáid go héifeachtach laistigh de chomhthéacsanna éagsúla. • Feasacht ar shainréimeanna teanga éagsúla a thaispeáint agus úsáid éifeachtach a bhaint as an mBreatnais i gcásanna difriúla agus chun críoch difriúil.

Is iad seo a leanas na hualuithe do na Cuspóirí Measúnaithe ina n-iomláine don chúrsa A-leibhéil dhá bhliain iomlán sa Bhreatnais mar dhara teanga:

- 25% d'Úsáid na teanga labhartha

³¹ An inniúlacht chun aistriú idir teangacha go socair agus cur chuige oideolaíochta i leith an teagaisc ina dtacaíonn múinteoirí leis an inniúlacht sin.

- 25% do Fhreagairt do théacsanna
- 45% do Theanga scríofa a úsáid. ³²

(Ní hionann na hualuithe sin agus na cinn siúd i sonraíocht an A-leibhéil sa Bhreatnais mar chéad teanga.)

³² Luaitear iad sin i [sonraíocht](#) na cáilíochta (leathanach 20) agus ní hionann iad agus méid iomlán 100%.

Aonad AS 1: Béaltriail. Scannánaíocht agus Labharthacht Roinn A: Scannán a phlé Roinn B: Freagairt phearsanta	Cuid A thart ar 20 nóiméad in aghaidh an ghrúpa triúir Cuid B thart ar 5 nóiméad in aghaidh an iarrthóra i ngrúpa triúir 15% den cháilíocht A-leibhéil (60 marc)
Aonad AS 2: Measúnú Nach Scrúdú Scríobhann na hiarrthóirí trí phíosa fhada; idir 1500 agus 2000 focal ann san iomlán	10% den cháilíocht A-leibhéil (60 marc)
Aonad AS 3: Páipéar Scríofa. Úsáid na Teanga, agus Filíocht Roinn A: Ceist ilchodach a chuimsíonn cineálacha difriúla cleachtaí teanga Roinn B: Trí cheist bunaithe ar na téacsanna atá leagtha síos	2 uair an chloig 15% den cháilíocht A-leibhéil (120 marc)
Aonad A2 4: Béaltriail Roinn A: Maireachtáil trí mheán na Breatnaise Roinn B: Dráma a phlé Roinn C: Freagairt phearsanta	Roinn A agus B thart ar 30 nóiméad in aghaidh an ghrúpa Roinn C thart ar 5 nóiméad in aghaidh an iarrthóra 25% den cháilíocht A-leibhéil (75 marc)
A2 Aonad 5: Páipéar Scríofa. An Bhreatnais sa tSochaí agus Trasteangú Roinn A: An Bhreatnais sa tsochaí. Ceisteanna bunaithe ar an téacs atá leagtha síos Roinn B: Trasteangú – freagairt scríofa i mBreatnais ar alt Béarla	2 uair an chloig 15% den cháilíocht A-leibhéil (80 marc)
Aonad A2 6: Páipéar Scríofa. Úsáid na Teanga agus an Gearrscéal Roinn A: Ceist ilchodach a chuimsíonn cineálacha difriúla cleachtaí teanga Roinn B: Dhá cheist bunaithe ar cheann amháin de na téacsanna arna leagan síos agus ceist shionoptach amháin a thugann le chéile an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a forbraíodh san ábhar.	2 uair an chloig 20% den cháilíocht A-leibhéil (100 marc)

Baineann measúnú sionoptach de shaghas éigin le gach aonad A2 – measúnú a dhéanamh ar thuiscint an scoláire ar na naisc idir na gnéithe difriúla d’ábhar.

3. Scrúduithe scríofa le haghaidh A-leibhéal na Breatnaise mar dhara teanga

Líon na bpáipéar scríofa	Tá trí pháipéar scríofa ann in A-leibhéal na Breatnaise mar dhara teanga • Páipéar Scríofa Aonad AS 3 ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht (bliain 1) • Páipéar Scríofa Aonad A2 5 ar an mBreatnais sa tSochaí agus Trasteangú (bliain 2) • Páipéar Scríofa Aonad A2 6 ar Úsáid na Teanga agus an Gearrscéal (bliain 2)
Ualú na marcanna	Páipéar Scríofa Aonad AS 3 ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht: • 15% den cháilíocht A-leibhéil (120 marc). Tá 5% den ualú 15% sin ar fáil do mharcanna le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 2 (CM2) Freagairt do théacsanna agus 10% le haghaidh CM3 Teanga scríofa a úsáid. Páipéar Scríofa Aonad A2 5 ar an mBreatnais sa tSochaí agus Trasteangú: • 15% den cháilíocht A-leibhéil (80 marc). Tá an 15% ar fad den ualú sin ar fáil do mharcanna le haghaidh CM3 Teanga scríofa a úsáid. Páipéar Scríofa Aonad A2 6 ar Úsáid na Teanga agus an Gearrscéal: • 20% den cháilíocht A-leibhéil (100 marc). Tá 10% den ualú 20% sin ar fáil do mharcanna le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna agus 10% le haghaidh CM3 Teanga scríofa a úsáid.
Struchtúr an scrúdaithe	Áirítear dhá cheist ar Pháipéar Scríofa Aonad AS 3 ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht: • Cuid A: ceist ilchodach ina bhfuil cineálacha éagsúla cleachtaí teanga. Féadfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a leagan síos cuir i gcás earráidí i dtéacs a cheartú/ téacs a aistriú go Breatnais; briathra a athrú ón gcéad phearsa go dtí an tríú pearsa/ón aimsir láithreach go dtí an aimsir chaite/ón uatha go dtí an t-íolra; nó freagairt phearsanta a scríobh i réimse foirmeacha. • Cuid B: ceist ar an bhfilíocht arna leagan síos, a bhfuil coinne leis go gcuirfidh na hiarrthóirí freagairt phearsanta ar fáil ina leith ag plé le hinneachar agus ábhar na ndánta, na téamaí agus an stíl, agus go ndéanfaidh siad machnamh ar léirmhínthe eile. Ba cheart go mbeadh an sainréim teanga a úsáidtear sna freagairtí oiriúnach don chuspóir agus don lucht léite. Áirítear dhá cheist ar Pháipéar Scríofa Aonad A2 5 ar an mBreatnais sa tSochaí agus Trasteangú: • Cuid A: ceist ilchodach maidir leis an mBreatnais sa tsochaí, m.sh. a bhaineann le comhthéacs stairiúil na Breatnaise ó lár an fhichiú haois go dtí an lá atá inniu ann, nó le staid reatha na Breatnaise.

	- Cuid B: ceist trasteangaithe: léann na hiarrthóirí ábhar i mBéarla agus freagraíonn dó i mBreatnais scríofa. Ceanglaítear orthu an t-ábhar a thuiscint agus a léirmhíniú agus tuairim a chur in iúl ar an téacs atá oiriúnach dá lucht léite. Níor cheart an téacs a aistriú. Áirítear dhá cheist ar Pháipéar Scríofa Aonad A2 6 ar Úsáid na Teanga agus an Gearrscéal: - Cuid A: Úsáid na Teanga - ceist ilchodach a chuimsíonn cineálacha éagsúla cleachtaí teanga, m.sh. freagairt scríofa a thabhairt ar thasc sonrach; nó freagairt do chleachtaí a bhaineann le haimsir briathair/pearsa an bhriathair a athrú/ón iolra go dtí an t-uatha, an briathar ceart in abairt a roghnú, srl. - Roinn B: Gearrscéal - freagairt phearsanta scríofa ar na téacsanna arna leagan síos, an t-ábhar, na téamaí agus stíl an údair a phlé, agus anailís chriticiúil a chur ar fáil ag úsáid téarmaíocht chuí agus i sainréim teanga atá oiriúnach don chuspóir agus don lucht léite. Tá na scrúduithe scríofa páipéarbhunaithe, .i. níl siad ar fáil ar líne.
Rogha ceisteanna an scoláire	Aonad AS 3: Páipéar Scríofa ar Úsáid na Teanga, agus Filíocht: - Ní mór do na hiarrthóirí na ceisteanna uile a fhreagairt i gCodanna A agus B; níl aon rogha acu. Aonad A2 5: Páipéar Scríofa ar an mBreatnais sa tSochaí agus Trasteangú: - Ní mór do na hiarrthóirí na ceisteanna uile a fhreagairt i gCodanna A agus B; níl aon rogha acu. Aonad A2 6: Páipéar Scríofa ar Úsáid na Teanga agus an Gearrscéal: - Ní mór do na hiarrthóirí na ceisteanna uile a fhreagairt i gCodanna A agus B; níl aon rogha acu.
Fad an scrúdaithe/na scrúduithe	Tá gach ceann de na scrúduithe scríofa dhá uair an chloig ar fad.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	Tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta I dteannta leis an tsonraíocht scrúdaithe, foilsíonn bord scrúdúcháin/comhlacht dámhachtana WJEC na nithe seo a leanas: ábhair mheasúnaithe shamplacha le haghaidh gach ceann de na haonaid A-leibhéil treoir don teagasc - iarpháipéir, scéimeanna marcála, agus tuarascálacha na scrúdaitheoirí³³

³³ [AF/A-leibhéal sa Bhreatnais mar Dhara Teanga \(wjec.co.uk\)](#)

- réimse [acmhainní digiteacha](#) do mhúinteoirí (m.sh. modúl foghlama chumaiscthe, teoracha céim ar chéim maidir le scrúduithe agus eagraithe eolais).

Cuireann WJEC an suíomh gréasáin ar fáil freisin ar a bhfuil Athbhreithniú ar Scrúduithe Ar Líne ([OER](#)), a chuimsíonn bailiúchán d’aonaid idirghníomhacha a thugann le chéile roinnt gnéithe, lena n-áirítear sonraí ginearálta, ceisteanna scrúdaithe, scéimeanna marcála agus tráchtanna scrúdaitheoirí, chun múinteoirí a threorú trí athbhreithniú ar cheisteanna scrúdaithe ([Suíomh gréasáin WJEC OER](#)).

Cuireann WJEC seisiúin foghlama gairmiúla ar fáil freisin (a fhógraítear trí bhíthin nuachtlitreacha) mar aon le tacaíocht ó oifigeach ábhair le haghaidh fiosruithe maidir leis na sonraíochtaí.

Tacaíochtaí níos leithne um fhorbairt ghairmiúil

Trí [Hwb](#), arb é suíomh gréasáin Rialtas na Breataine Bige é ar a gcuirtear seirbhísí digiteacha dátheangacha ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim sa Bhreatain Bheag, cuireann an Rialtas réimse [acmhainní forbartha gairmiúla](#) ar fáil chun tacú le forbairt na Breatnaise i scoileanna mar aon le teagasc trí mheán na Breatnaise. Áirítear orthu sin cúrsaí lánaimseartha, cúrsaí foghlama cumaiscthe páirtaimseartha, cúrsaí gearra ar líne, agus cúrsaí féinstaidéir; an Scéim Shabóideach don Bhreatnais; agus cúrsaí ar líne arna bhforbairt ag an [Lárionad Náisiúnta um Fhoghlaim na Breatnaise](#). Déantar an fhoghlaim ghairmiúil uile maidir leis an mBreatnais a léarscáiliú ar an [gCreat Inniúlachta](#) don Bhreatnais le haghaidh Cleachtóirí Oideachais.

Áirítear ar an *Hwb* freisin réimse acmhainní teagaisc, lena n-áirítear [acmhainn](#) atá fócasaithe ar dhul i ngleic leis an litríocht laistigh den tsonraíocht don AF/A-leibhéal sa Bhreatnais mar dhara teanga; an acmhainn [Introducing Welsh Poets](#), atá oiriúnach ó 14 bliana d’aois ar aghaidh agus don AF/A-leibhéal sa Bhreatnais mar dhara teanga; agus [suíomh gréasáin trí mheán na Breatnaise](#) don AF/A-leibhéal sa Bhreatnais mar dhara teanga atá fócasaithe ar an gcaoi is fearr le léirthuisct a ullmhú don scannán ‘Patagonia’ le haghaidh bhéaltríail Aonad 1 (bliain 1).

Chun tacú leis an [bPlean Breatnaise don Lucht Saothair Oideachais](#) arb é is aidhm dó, i gcaitheamh tréimhse 10 mbliana, méadú a dhéanamh ar líon na múinteoirí agus na n-oibrithe tacaíochta atá in ann a bheith ag obair trí mheán na Breatnaise agus an Bhreatnais a mhúineadh, cuireann Rialtas na Breataine Bige deiseanna [forbartha gairmiúla](#) saor in aice ar fáil freisin do chleachtóirí teagaisc ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Breatnaise.

Tugadh isteach an [Sparánacht um Choinneáil Múinteoirí don Bhreatnais san Oideachas](#), agus an [Dreasacht um Ábhar Tosaíochta](#)

	don Oideachas Tosaigh Múinteoirí freisin chun múinteoirí nua agus múinteoirí ag tús a ngairmréime a spreagadh chun an Bhreatnais a mhúineadh nó múineadh a dhéanamh trí mheán na Breatnaise. • Tugadh isteach an Sparánacht £5,000 mar scéim phiolótach in 2023 agus tá sí ar fáil do mhúinteoirí ar dámhadh Stádas an Mhúinteora Cháilithe (QTS) orthu ó bhí Lúnasa 2020 ann, agus a bhfuil trí bliana de mhúinteoireacht i meánscoil nó scoil mheánach Bhreatnaise curtha i gcrích acu. Tá sí ar fáil do mhúinteoirí atá ag múineadh trí mheán na Breatnaise i meánscoil nó scoil mheánach dhátheangach, nó atá ag múineadh na Breatnaise mar ábhar freisin. Tá sé beartaithe go reáchtálfar an scéim phiolótach go dtí fóimhar na bliana 2028. • Is é rud atá i gceist leis an Dreasacht Ábhair don Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) ná maoiniú deontais do mhic léinn aonair atá faoi oiliúint chun an Bhreatnais a mhúineadh. Is ionann í agus suim £15,000 a íoctar i dtrí thráthchuid le linn chlár OTM an mhic léinn agus le linn thús a ghairmréime.
Tuairisciú	Foilsítear na torthaí AF/A-leibhéil ar dháta sonrach i mí Lúnasa (an 15 Lúnasa in 2024). Tuairisciú foriomlán: taifeadtar na gráid fhoriomlána don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga mar ghrád ar scála ó A go E (is grád ard A). Tuairiscítear na torthaí siúd nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán chun grád a dhámhachtain mar U (neamhrangaithe). Léirítear ar bhileog na dtorthaí freisin grád na cáilíochta agus an marc do chomhpháirteanna aonair na n-aonad. Sloinntear na gráid le haghaidh gach aonaid ar leith de na scrúduithe (lena n-áirítear na trí pháipéar scríofa don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga) mar mharc aonfhoirmeach ar scála atá infheidhme maidir leis na cáilíochtaí AF/A-leibhéil uile – Scála na Marcanna Aonfhoirmeacha (UMS). Tá méid iomlán 200 marc aonfhoirmeach i gceist leis an gcáilíocht AF (bliain 1 den chúrsa A-leibhéil) agus tá 500 marc aonfhoirmeach i gceist leis an A-leibhéil (an cúrsa dhá bhliain ina iomláine). Braitheann an t-uasmhéid marcanna aonfhoirmeacha i gcás aonad ar bith ar ualú an aonaid sa tsonraíocht.

4. Scileanna labharthachta

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cén chaoi a bhforbraítear scileanna labharthachta i gcaitheamh an dá bhliain de chúrsa AF/A-leibhéil na Breatnaise mar dhara teanga sa Bhreatain Bheag?

Díríonn scileanna labharthachta sa dá bhliain den AF/A-leibhéal sa Bhreatnais mar dhara teanga ar inniúlachtaí an scoláire chun éisteacht le daoine eile go haireach, ceisteanna a chur, tuairimí a fhorbairt, idirghníomhú a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí, agus an Bhreatnais a labhairt mar is ceart agus go hinniúil ach úsáid a bhaint as sainréim teanga atá oiriúnach don chuspóir agus don lucht éisteachta.

Le Cuspóir Measúnaithe (CM1) Úsáid na teanga labhartha, sainaithnítear na príomhscileanna mar a leanas:

- an teanga a labhairt mar is ceart agus go muiníneach, agus ag an am céanna réimse acmhainní teangeolaíocha a léiriú agus sainréim teanga atá oiriúnach don chomhthéacs a ghlacadh chugat féin.
- éisteacht go haireach agus freagairt go hígair/go stuama ach ceisteanna a chur agus dearchtaí agus smaointe ábhartha a fhorbairt ar bhealach cothromaithe
- idirghníomhú, achoimre a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí cothromaithe.

Tástáiltear an Cuspóir Measúnaithe seo (CM1) i mbliain 1 agus i mbliain 2 den chúrsa araon. I bliain 2, leis an measúnú sionoptach ceanglaítear ar an scoláire freagairt do cheisteanna ar théamaí sonracha a thagann chun cinn go minic sna téacsanna éagsúla a ndearnadh staidéar orthu i rith an chúrsa ina iomláine, agus ceanglaítear orthu an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar na naisc idir na téacsanna éagsúla atá sa tsonraíocht a chur i bhfeidhm.

5. An Bhéaltriall

Déantar measúnú ar scileanna labhartha an scoláire sa Bhreatain Bheag trí bhíthin béaltrialacha, agus is iad téacsanna (lena n-áirítear scannáin, drámaí agus úrscéalta) atá mar bhonn faoi na scrúduithe sin. Mar thoradh air sin, cuirtear na marcanna a fhaigheann an scoláire sa bhéaltriall leis na Cuspóirí Measúnaithe 'Úsáid na teanga labhartha' agus 'Freagairt do théacsanna' araon don A-leibhéal.

Struchtúr na béaltrialach	Is ann do bhéaltriall le haghaidh Aonad 1 de chúrsa AF/A-leibhéil na Breatnaise mar dhara teanga (i mbliain 1), agus le haghaidh Aonad 4 den chúrsa (i mbliain 2). Tá scrúdú Aonad 1 ar Scannánaíocht agus Labharthacht ina dhá chuid: • Is é rud atá i gceist le Cuid A ná plé grúpa ar an scannán arna leagan síos (i mbeirteanna/grúpaí triúir), m.sh. ar na carachtair, téamaí, radhairc áirithe, aidhmeanna an léiritheora, úsáid an cheoil/na fuaimne, freagairt an scoláire ar an scannán, srl. • I gCuid B, pléann na hiarrthóirí an Measúnú Nach Scrúdú - an obair a dhéanann siad le haghaidh Aonad 2 den chúrsa AF/A-leibhéil (féach Cuid 6). Freagraíonn siad do cheisteanna ar ghnéithe cuir i gcás an t-inneachar, ábhar, cúiseanna leis an ábhar a roghnú, srl. Tá scrúdú Aonad 4 ar Dhrámaíocht agus Labharthacht ina thrí chuid: • Is é rud atá i gceist le Cuid A ná plé grúpa (i mbeirteanna/grúpaí triúir) maidir le Maireachtáil trí Mheán na Breatnaise, ina bpléann na hiarrthóirí roinnt de na téamaí ar tháinig siad orthu i rith an chúrsa, m.sh. an Bhreatnais sa tsochaí; an Bhreatnais ar na meáin shóisialta; scannáin Bhreatnaise, srl.
---------------------------	--

	- Is é rud atá i gceist le Cuid B ná plé grúpa ar an dráma arna leagan síos ina bhféadfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a chur, cuir i gcás, ar charachtair, radhairc, aidhmeanna an drámadóra, téamaí, tuairimí an scoláire ar an dráma, srl, agus ina bhfuil coinne leis go mbainfidh an scoláire úsáid chuí as giotaí athfhríotail agus téarmaíocht le haghaidh critic liteartha. - I gCuid C (measúnú sionoptach), iarrann an scrúdaitheoir ar an scoláire aonair freagairt do cheisteanna ar théamaí sonracha a thagann chun cinn go minic sna téacsanna éagsúla a ndearnadh staidéar orthu i rith an chúrsa ina iomláine, m.sh. an teaghlach, caidrimh, cumarsáid, srl.
Ualú na marcanna	Is ionann an marc don bhéaltriail le haghaidh Aonad 1 agus 15% den A-leibhéal foriomlán sa Bhreatnais mar dhara teanga: Tá 10% den mharc sin ar fáil le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 1 (CM1) Úsáid na teanga labhartha agus 5% le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna. Is ionann an marc don bhéaltriail le haghaidh Aonad 4 agus 25% den A-leibhéal foriomlán sa Bhreatnais mar dhara teanga: Tá 20% den mharc sin ar fáil le haghaidh CM1 Úsáid na teanga labhartha, agus 5% le haghaidh CM2 Freagairt do théacsanna.
Scrúdú seachtrach nó inmheánach	Déanann scrúdaitheoir seachtrach na scoláirí a mheas i mbeirteanna nó i ngrúpaí nach mó ná triúr scoláirí. Is féidir na grúpaí a roghnú ar bhonn inniúlacht na n-iarrthóirí nó faoi rogha an scrúdaitheora. Déantar na scoláirí a mheas i mbeirteanna/grúpaí le haghaidh Chuid A; ina n-aonar le haghaidh Chuid B (ina bpléann siad a Measúnú Nach Scrúdú.) (I gcás nach bhfuil ach aon iarrthóir amháin ann, déanann an scrúdaitheoir é/í a mheas ina (h)aonar le haghaidh Chodanna A agus B araon.)
Fad na béaltrialach	Maireann an bhéaltriail le haghaidh Aonad 1 ar Scannánaíocht agus Labharthacht thart ar 35 nóiméad san iomlán i gcás grúpa triúir - maireann Cuid A thart ar 20 nóiméad don ghrúpa; maireann Cuid B 5 nóiméad in aghaidh an scoláire. Maireann an bhéaltriail le haghaidh Aonad 4 ar Dhrámaíocht agus Labharthacht thart ar 45 nóiméad san iomlán i gcás grúpa triúir - maireann Codanna A agus B thart ar 30 nóiméad don ghrúpa; maireann Cuid C 5 nóiméad in aghaidh an scoláire.
Sceidealú an scrúdaithe	Tugann scrúdaitheoir seachtrach cuairt ar gach lárionad scrúduithe (scoil/coláiste) le linn théarma an tsamhraidh le haghaidh bhéaltrialacha bhliain 1 agus bhliain 2 (Aonad 1 agus Aonad 4). In 2024, tá na dátaí a sceidealáíodh idir an 8 Aibreán agus an 10 Bealtaine.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim	I dteannta na dtacaíochtaí ar tarraingíodh aird orthu faoi Chuid 3 thuas, foilsíonn bord scrúdúcháin/comhlacht dámhachtana WJEC

agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	treoraíocht shonrach do mhúinteoirí le haghaidh bhéaltrialacha an A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga.
Tuairisciú	Agus measúnú á dhéanamh ag an scrúdaitheoir seachtrach ar fheidhmíocht an iarrthóra sa bhéaltrialail, úsáideann sé measúnú inmheánach an lárionaid scrúduithe (na scoile/an choláiste) mar threoir, ach is ag an scrúdaitheoir amháin atá an ceart chun marcanna deiridh an iarrthóra a chinneadh. Tuairisciú foriomlán: taifeadtar na gráid fhoriomlána don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga mar ghrád ar scála ó A go E (is grád ard A). Tuairiscítear na torthaí siúd nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán chun grád a dhámhachtain mar U (neamhrangaithe). Léirítear ar bhileog na dtorthaí freisin grád na cáilíochta agus an marc do chomhpháirteanna aonair na n-aonad. Sloinntear na gráid le haghaidh gach aonaid ar leith de na scrúduithe (lena n-áirítear i gcás an dá bhéaltrialail don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga) mar mharc aonfhoirmeach ar scála atá infheidhme maidir leis na cáilíochtaí AF/A-leibhéil uile – Scála na Marcanna Aonfhoirmeacha (UMS). Tá méid iomlán 200 marc aonfhoirmeach i gceist leis an gcáilíocht AF (bliain 1 den chúrsa A-leibhéil) agus tá 500 marc aonfhoirmeach i gceist leis an A-leibhéil (an cúrsa dhá bhliain ina iomláine). Braitheann an t-uasmhéid marcanna aonfhoirmeacha i gcás aonad ar bith ar ualú an aonaid sa tsonraíocht.

6. Úsáid na bpunann

I mbliain 1 den AS/A-leibhéal don Bhreatnais mar dhara teanga, is Measúnú Nach Scrúdú é Aonad AS 2. Tá sé sin dírithe ar thasc amháin ina gceanglaítear ar an iarrthóir pacáiste a ghiniúint ar cheann amháin de shé thopaic:

- ceantar sonrach sa Bhreatain Bheag
- saincheist shóisialta
- saincheist chultúrtha
- saincheist ghairme
- ábhar stairiúil
- saincheist pholaitiúil.

Féadfaidh an t-ábhar a roghnaítear a bheith ina ábhar spéise áitiúil nó náisiúnta, agus féadfaidh sé a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha ó nádúr.

Struchtúr na punainne	Ní mór trí phíosa fhada arna scríobh i dtrí fhoirmáid ar leith a áireamh leis an bpacáiste, arna roghnú ó na nithe seo a leanas: • tuairisc/alt • portráid • scéal • comhrá/agallamh • litir • blog • dialann. Ba cheart idir 1500 agus 2000 focal a bheith sa phacáiste iomlán (de thrí phíosa).
Ualú na marcanna	Is ionann an Measúnú Nach Scrúdú agus 10% den cháilíocht A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga (60 marc). Sanntar an 10% sin le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 3 (CM3) Teanga scríofa a úsáid.
Arna scrúdú go hinmheánach/seachtrach	Ba cheart ceann amháin de na trí phíosa fhada a chur i gcrích mar thasc faoi dhálaí speisialta. Is dálaí iad sin atá cosúil le dálaí gnáthscrúdaithe. Ba cheart an píosa scríofa 400-600 focal a chur i gcrích laistigh de dhá uair an chloig sa seomra ranga, agus ba cheart fógra seachtaine amháin a thabhairt do na hiarrthóirí sula dtugann siad faoin tasc faoi dhálaí speisialta. Is ceadmhach foclóirí nó ábhair chuí a úsáid, m.sh. pointí urchair gearra lena n-áirítear staitisticí, fíorais, samplaí agus giotaí athfhriotail ábhartha, chun an tasc a chur i gcrích. Féadfaidh na hiarrthóirí obair a dhéanamh ar an gcuid eile den phacáiste sa seomra ranga agus/nó sa bhaile. Is é múinteoir an scoláire a mharcálann an tasc agus déanann modhnóir seachtrach arna shannadh don lárionad scrúduithe (an scoil/coláiste) é a mhodhnú. Más ann do níos mó ná grúpa foghlama

	amháin i lárionad, ní mór modhnú inmheánach a dhéanamh chun caighdeán chomhsheasmhacha a chinntiú ar fud na ngrúpaí foghlama.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	I dteannta leis na tacaíochtaí a dtarraingítear aird orthu faoi Chuid 3 thuas, áirítear greille mheasúnaithe mar chuid de shonraíocht na cáilíochta chun cuidiú le múinteoirí maidir leis na tascanna don Mheasúnú Nach Scrúdú a mharcáil.
Tuairisciú	Tuairisciú foriomlán: taifeadtar na gráid fhoriomlána don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga mar ghrád ar scála ó A go E (is grád ard A). Tuairiscítear na torthaí siúd nach mbaineann amach an t-íoschaighdeán chun grád a dhámhachtain mar U (neamhrangaithe). Léirítear ar bhileog na dtorthaí freisin grád na cáilíochta agus an marc do chomhpháirteanna aonair na n-aonad. Sloinntear na gráid le haghaidh gach aonaid ar leith (lena n-áirítear i gcás an Mheasúnaithe Nach Scrúdú don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga) mar mharc aonfhoirmeach ar scála atá infheidhme maidir leis na cáilíochtaí AF/A-leibhéil uile – Scála na Marcanna Aonfhoirmeacha (UMS). Tá méid iomlán 200 marc aonfhoirmeach i gceist leis an gcáilíocht AF (bliain 1 den chúrsa A-leibhéil) agus tá 500 marc aonfhoirmeach i gceist leis an A-leibhéil (an cúrsa dhá bhliain ina iomláine). Braitheann an t-uasmhéid marcanna aonfhoirmeacha i gcás aonad ar bith ar ualú an aonaid sa tsonraíocht.

7. Úsáid na dtéacsanna

Leid ghrinnscrúdaithe:

An úsáidtear an téarma ‘téacs’ sna cáipéisí curaclaim agus más amhlaidh, cén chaoi a sainmhínítear an téarma iontu chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta? Cén chaoi a dtacaítear le foghlaim agus teagasc na Breatnaise sna téacsanna ar bhonn níos leithne? (I gcomhthéacs na Gaeilge, tá brí níos leithne leis an téarma ‘téacs’, m.sh.: filíocht, gearrscéalta, úrscéalta, dialanna taistil, dírbheathaisnéisí, scannánaíocht, amhránaíocht, drámaíocht, téacsanna ilmhódacha, srl. D’fhéadfadh píosa oibre arna choimeád/arna chruthú ag scoláire a bheith i gceist le téacs freisin, m.sh.: aiste, díospóireacht, freagairt phearsanta, iontráil punainne, cur i láthair, srl.)

Sa tsonraíocht don AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga, tagraíonn ‘téacsanna’ do théacsanna liteartha, amhairc agus fórasacha lena n-áirítear réimse de phrós, filíocht, gearrscéalta, agus ábhair ilmhéan amhail amharclannaíocht (drámaí), agus litríocht na meán – craoltóireacht, scannánaíocht agus iriseoireacht.

Féadfaidh sé gurb é rud atá i gceist le ‘téacs’ freisin ná píosa oibre arna chruthú ag scoláire, m.sh. tuairisc/alt; portráid; scéal; comhrá/agallamh; litir; blag; dialann; alt; nó paimfléad faisnéise.

Is ionann an t-ualú le haghaidh Chuspóir Measúnaithe 2 (CM2) den tsonraíocht AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga – Freagairt do théacsanna agus 25% (mar atá sé freisin le haghaidh Úsáid na teanga labhartha; is ionann é agus 45% i gcás Teanga scríofa a úsáid). Díríonn CM2 ar an méid seo a leanas ón scoláire:

- eolas a thaispeáint ar théacsanna sonracha agus a gcúlra, trí bhíthin anailís chriticiúil ina ndéantar plé agus meastóireacht ar léirmhínte eile
- léirtheiscint a léiriú ar sheánraí liteartha difriúla agus freagairt dóibh.
- freagairt d’ábhair liteartha, amhairc agus fhórasacha go ciallmhar, ó bhéal agus ar pár, ach ábhar ábhartha a roghnú agus a léirmhíniú
- tagairt shonrach a dhéanamh do théacs bunaidh agus an tagairt sin a chosaint.
- trasteangú a dhéanamh ach an téacs a thuiscint agus a léirmhíniú
- eolas arna chur i láthair i meáin éagsúla a chur i dtoll a chéile, a chur i gcomparáid agus a mheas, crostagairt a dhéanamh idir ábhair eile agus achoimre a dhéanamh ar an méid sin agus teacht ar chonclúidí cothromaithe ina leith.

Nóta ar cháilíochtaí TGM nua. Tá cáilíochtaí TGM nua á bhforbairt le haghaidh scoláirí 16 bliana d’aois i suíomhanna Béarla lena gcur in ionad an TGM atá ann faoi láthair sa Bhreatnais mar Dhara Teanga. I measc na gcáilíochtaí nua, atáthar a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2025 le bheith ag teacht le haidhmeanna Churaclam nua na Breataine Bige, tá GCSE Core Cymraeg (croí-TGM sa Bhreatnais), agus Additional Core Cymraeg GCSE, atá beartaithe don fhoghlaimeoir i suíomhanna Béarla atá réidh le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar a chuid scileanna Breatnaise agus é sin ar bhonn níos tapa. Áirítear dhá aonad leis an dá cháilíocht: ceann amháin dírithe ar labhairt agus éisteacht; ceann eile dírithe ar léamh agus scríobh. Mar fhreagairt ar ábhair imní a cuireadh in iúl le linn an [chomhairliúcháin](#) ar an dréachtsonraíocht don cháilíocht nua GCSE Core Cymraeg maidir leis na deiseanna d’fhoghlaimeoirí chun staidéar a dhéanamh ar réimse oibreacha liteartha agus dul i ngleic leo, tá comhlacht dámhachtana WJEC ag fiosrú deiseanna chun téacsanna arna leagan síos a chur le roinnt aonad cáilíochta lena chinntiú go ndéanfar staidéar ar réimse litríochta. Leis sin tacófar leis an dul chun cinn chuig an staidéar i ndiaidh 16 bliana d’aois ina bhfuil an teanga agus an litríocht comhtháite sa cháilíocht AF/A-leibhéil don Bhreatnais mar dhara teanga.

8. Úsáid na teicneolaíochta

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cén ról atá ag an teicneolaíocht maidir le tacú leis an scoláire a scileanna Breatnaise mar chéad teanga a fhorbairt?

Le [straitéis Cymraeg 2050](#) – arb í an straitéis í a bhfuil sé d’aidhm aici milliún cainteoirí Breatnaise a bhaint amach sa Bhreatain Bheag faoi 2050, sainaitnítear an teicneolaíocht dhigiteach mar bhealach chun ‘dálai fabhracha a chruthú’ chun tacú le húsáid na Breatnaise san oideachas, san ionad oibre agus go sóisialta. Aithnítear sa straitéis freisin go bhfuil gá le réimse ábhar níos leithne chun tacú le foghlaim

agus múineadh na Breatnaise, go háirithe acmhainní digiteacha agus idirghníomhacha, agus tá sí tiomanta d'fheabhas a chur ar ghiniúint agus infhaighteacht na n-acmhainní a chuirtear chun cinn go mór do na pobail ábhartha.


Tacaíonn acmhainní ar líne le múinteoirí agus scoláirí maidir le múineadh, foghlaim agus measúnú na Breatnaise. Mar shampla, sa [tsonraíocht](#) do AF/A-leibhéal WJEC sa Bhreatnais mar dhara teanga moltar réimse acmhainní ar líne, lena n-áirítear naisc YouTube, chun tacú leis an scoláire ina staidéar ar an mBreatnais, m.sh. don chuid 'An Bhreatnais sa tSochaí' d'Aonad 5 den tsonraíocht cháilíochta. Moltar sa tsonraíocht freisin go ndéanfaidh an scoláire fiosrú ar chraoltóireacht na Breatnaise ar an idirlíon agus ar an mBreatnais ar na meáin shóisialta mar chuid dá gcúrsa.

Cuireann WJEC réimse [acmhainní](#) ar fáil freisin chun tacú le foghlaim na Breatnaise mar dhara teanga sa mheánoideachas sinsearach (cuardaigh 'Ábhar': An Bhreatnais mar dhara teanga, 'Leibhéal': KS5). Áirítear ar na hacmhainní sin, mar shampla, pleanálaithe ar líne don scoláire; pleanálaithe ceachta don mhúinteoir; seisiúin athbhreithnithe don scoláire ar líne; agus acmhainní foghlama cumaiscthe le haghaidh Aonaid nó téacsanna AF/A-leibhéil sonracha. Áirítear ar na hacmhainní foghlama cumaiscthe sin ábhar féinstaidéir idirghníomhach/pacáistí foghlama ar líne atá beartaithe lena gcomhcheangal leis an teagasc aghaidh ar aghaidh chun tacú leis an scoláire foghlaim a dhéanamh ar a luas féin. Is féidir leis an scoláire na hacmhainní a úsáid mar athbhreithniú freisin, nó mar chuid d'fhoghlaim chúitimh nó an mhalairt foghlama,³⁴ agus tá siad beartaithe lena gcomhcheangal le modhanna teagaisc comhghnásacha.

Le [suíomh gréasáin Hwb](#) de chuid Rialtas na Breataine Bige cuirtear réimse acmhainní ar líne ar fáil freisin don scoláire AF/A-leibhéil sa Bhreatnais mar dhara teanga (agus dá mhúinteoir).

³⁴ I gcás ina mbreathnaíonn an scoláire aonair ar ábhar digitithe/ar líne lasmuigh den suíomh seomra ranga aghaidh ar aghaidh traidisiúnta.

4.3 ‘Grinnscrúdú’ ar staidéar na Maoraise sa mheánoideachas sinsearach, 15-18 mbliana d’aois: an Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais



1. Comhthéacs

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cé mhéad ábhar a dhéanann an scoláire staidéar orthu don Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA) sa Nua-Shéalainn?

I gcás ina ndéanann an scoláire staidéar ar an Maorais, cé mhéid uaireanta a shanntar do mhúineadh agus d’fhoghlaím na Maoraise sa NCEA?

Is é an Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA) an phríomhcháilíocht fágála scoile sa Nua-Shéalainn agus déantar ar thrí leibhéal é – Leibhéal 1 go 3 (móide Leibhéal Scoláireachta os cionn Leibhéal 3). Is iondúil go mbaintear Leibhéal 3 amach sa bhliain deiridh den scoil, ag thart ar 18 mbliana d’aois, agus is ceanglas é chun dul isteach san ollscoil.

Is cáilíocht é an NCEA atá bunaithe ar chreidiúintí. Gnóthaítear creidiúintí ach caighdeáin a bhaint amach a mheastar go himmheánach agus go seachtrach araon: Aithníonn caighdeáin ghnóthachtála foghlaim ó ábhair churaclaim na Nua-Shéalainne; aithníonn Caighdeáin Aonaid foghlaim gairme agus eile. Tá luach creidiúna sainithe ag baint le gach caighdeán agus is ionann creidiúint amháin agus thart ar 10 n-uair an chloig de theagasc, foghlaim agus measúnú. Áirítear leis sin am teagaisc, obair bhaile agus am measúnaithe.

As na 80 creidiúint a theastaíonn chun gach leibhéal den NCEA a chur i gcrích go rathúil, ní mór go dtiocfadh 10 gcinn ó ghnóthachtáil rathúil na gcreidiúintí sa litearthacht (Béarla san oideachas trí mheán an Bhéarla, Maorais san oideachas trí mheán na Maoraise) agus 10 gcinn ó chreidiúintí san uimhearthacht. Táthar ag tabhairt isteach [caighdeáin](#) nua (neartaithe) le haghaidh na gcreidiúintí litearthachta agus uimhearthachta ó 2024. Is ceanglas aon uaire é na creidiúintí litearthachta agus uimhearthachta éigeantacha a ghnóthachtáil; a luaithe a bhaineann foghlaimeoir an 20 creidiúint amach, ní gá dó na ceanglais a athdhéanamh ar na leibhéil a thiocfaidh ina dhiaidh sin san NCEA.

Roghnaíonn an scoláire a ábhair le haghaidh an 60 creidiúint NCEA atá fágtha. Ar Leibhéal 3, ní mór dó 60 creidiúint a ghnóthachtáil ar Leibhéal 3 nó os a chionn sin agus, as an méid sin, ní mór 14 chreidiúint a ghnóthachtáil i ngach ceann de thrí ábhar fhormheasta chun dul isteach san ollscoil. Roghnaíonn an scoláire na hábhair sin ó [liosta na n-ábhar formheasta](#) agus tá *te reo Māori* (an Mhaorais) ar cheann de na hábhair fhormheasta ar an liosta. (Is ann do cheanglais iontrála shonracha freisin le haghaidh roinnt cláir staidéir ollscoile lena gcinnfear na cúrsaí NCEA a dhéanann an scoláire. Leis na ceanglais sin, is

féidir, mar shampla, é a cheangal ar an scoláire go mbeadh ábhair shonracha déanta aige agus/nó go mbeadh creidiúintí íosta gnóthaithe aige in ábhair áirithe.)

Leis an bhfaisnéis a leanas, dírtar ar na Caighdeán Ghnóthachtála do *te reo Māori* ar liosta na n-ábhar formheasta le haghaidh na gcreidiúintí NCEA chun dul isteach san ollscoil.

2. Croí-chomhpháirteanna

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cad iad na croí-chomhpháirteanna den mheasúnú le haghaidh na Maoraise don NCEA sa Nua-Shéalainn?

Teagasc na Maoraise sa churaclam Béarla ar leibhéal na meánscoile sinsearaí (Leibhéal 6-8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne), ag ullmhú i dtreo an Teastais Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (NCEA), tá sé bunaithe ar na [Treoirínte Curaclaim maidir le Teagasc agus Foghlaim na Maoraise i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla](#) agus ar cheithre ‘[smaoineamh mhóra](#)’. Feidhmíonn siad sin mar bhunchloch don fhoghlaim agus don mheasúnú agus, i dteannta a chéile, tá siad ceaptha le bealach a chur ar fáil d’fhoghlaimoirí chun leibhéal barr feabhais a bhaint amach.

Na cúig phríomhscil teanga idirghaolmhara is gá don chumarsáid éifeachtach (éisteacht, labhairt, léamh, scríobh, agus feacht chultúrtha), baineann siad leis na ceithre smaoineamh mhóra, is iad sin:

- cruinneas teanga: fócasaithe ar struchtúir, foclóir, poncaíocht, gramadach
- líofacht teanga: fócasaithe ar fhuaimniú, béim, tuin chainte, rithim na teanga, agus smaoineamh a eagrú don chumarsáid
- sláine chultúrtha: fócasaithe ar chruinneshamhail, gnásanna, luachanna agus smaoineamh na Maorach
- beogacht teanga: fócasaithe ar inbhuanaitheacht, athrú teanga agus athbheochan.

Sa [mhaitrís foghlama](#) don Mhaorais sa churaclam Béarla ar leibhéal an mheánoideachais shinsearaigh (Leibhéal 6-8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne), leagtar amach na hionchais do na ceithre smaoineamh mhóra do churaclam na Maoraise ar gach ceann de na Leibhéil 6, 7 agus 8 den churaclam (a mbítear ag súil go hiondúil go mbainfidh an scoláire amach iad i mBlíanta 10-13, 14-18 mbliana d’aois). Tá [maitrís](#) chomhchosúil ann le haghaidh foghlaimoirí atá ag tabhairt faoin gcuraclam trí mheán na Maoraise.

Is é rud atá i gceist leis an measúnú don Mhaorais le haghaidh an NCEA sa Nua-Shéalainn ná meascán de mheasúnú inmheánach agus seachtrach in aghaidh na gCaighdeán Ghnóthachtála don Mhaorais. Ach na caighdeán sin a ghnóthú go rathúil, tugtar líon sonraithe creidiúintí don scoláire i dtreo an NCEA.

I gcás Leibhéil 3 NCEA sa Mhaorais (Leibhéal 8 de chreachuraclam na Nua-Shéalainne), arb iondúil go dtugtar faoi ach an meánoideachas sinsearach a chríochnú ag timpeall 18 mbliana d’aois, is ann do chúig [Caighdeán Ghnóthachtála](#) fhéideartha ónar féidir leis an scoláire roghnú:

- [91650](#): Éisteacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, measúnú inmheánach, 4 chreidiúint
- [91651](#): Labhairt i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, measúnú inmheánach, 6 chreidiúint
- [91652](#): Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, measúnú seachtrach, 6 chreidiúint

- [91653](#): Scríobh i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, measúnú seachtrach, 6 chreidiúint
- [91654](#): Cáipéisí úsáideacha a chruthú i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, measúnú inmheánach, 6 chreidiúint.

Má roghnaigh an scoláire an Mhaorais mar cheann dá ábhair fhormheasta chun dul isteach san ollscoil, caithfidh sé a chinntiú gurb ionann na Caighdeán Gnóthachtála a roghnaigh sé (agus a ghnóthaigh sé) agus 14 chreidiúint ar a laghad.

Is ann do chúig [chuspóir gnóthachtála ar Leibhéal 8](#) don Mhaorais sa churaclam trí mheán an Bhéarla freisin.

- 8.1: Cumarsáid a dhéanamh maidir le cinnteacht agus éiginnteacht, féidearthacht agus dóchúlacht
- 8.2: Argóint nó barúil a fhorbairt agus cúiseanna a thabhairt ina leith
- 8.3: Sraith imeachtaí a insint ar mhaithe le cur ar an eolas, cur ina luí nó siamsa a dhéanamh
- 8.4: An t-eolas céanna a chur in iúl ar bhealaí éagsúla le haghaidh spriocphobail éagsúla
- 8.5: Freagairt do théacsanna arna roghnú i Maorais a bhaineann le teanga agus gnásanna na Maorach, m.sh. ó óráidí taifeadta, litríocht, scannánaíocht, nuachtáin, irisí, teilifís, físeáin, DVDanna agus raidió.

Ina theannta sin, ar Leibhéal 3 den NCEA, ba cheart go mbeadh an scoláire in ann a thuiscint ar struchtúir ghramadaí agus ar fhoclóir agus an úsáid a bhaintear astu a léiriú ó suas go dtí Leibhéal 8 de churaclam na Maoraise agus Leibhéal 8 san áireamh.

3. Scrúdú scríofa

Líon na bpáipéar scríofa	Is ann do chúig Chaighdeán Gnóthachtála ar Leibhéal 3 sa Mhaorais óna roghnaíonn an scoláire chun creidiúintí a ghnóthú don NCEA. Baineann measúnú seachtrach i bhfoirm scrúduithe scríofa le dhá cheann díobh sin. Déantar na trí Chaighdeán Gnóthachtála atá fágtha a mheas trí bhíthin measúnú inmheánach. Baineann na páipéir scríofa arna meas go seachtrach le: • Caighdeán Gnóthachtála 91652: Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise • Caighdeán Gnóthachtála 91653: Scríbhneoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise.
Ualú na marcanna	Caighdeán Gnóthachtála 91652: Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise agus Caighdeán Gnóthachtála 91653: Scríbhneoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, baineann 6 chreidiúint leis an dá ghné sin i dtreo an NCEA.
Struchtúr an scrúdaithe (m.sh.: tuiscint, éisteacht, litríocht, scríbhneoireacht chruthaitheach)	Caighdeán Gnóthachtála 91652: Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise. • Scrúdú léamhthuisceana, ina gceanglaítear ar na hiarrthóirí téacs scríofa amháin nó níos mó i Maorais a léamh agus freagairt dó, is téacsanna a bhaineann le téamaí áitiúla,

	náisiúnta nó domhanda. Cuirtear na ceisteanna i Maorais agus i mBéarla. Caighdeán Gnóthachtála 91653: Scríbhneoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise. Ceanglaítear ar na hiarrthóirí píosa amháin a scríobh, i Maorais, ina bhfuil 400 focal ar a laghad. Clúdaítear leis na topaicí téamaí áitiúla, náisiúnta nó domhanda ar fud cineálacha difriúla téacs.
--	--

Rogha an scoláire sna scrúduithe scríofa	Caighdeán Gnóthachtála 91652: Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise. - Níl aon rogha ag an scoláire maidir leis na ceisteanna atá le freagairt; ní mó dó tabhairt faoi gach ceist sa leabhrán scrúdaithe. Tugtar le fios leis na hiarpháipéir gur féidir leis an scoláire freagairt ina rogha de Mhaorais nó Béarla. Mar sin féin, tugtar le fios leis an tsonraíocht mheasúnaithe le haghaidh 2024 nach mór na freagraí a bheith i Maorais amháin. Cuirtear gluais ar fáil sa scrúdú le haghaidh focail nach bhfuil cur amach acu orthu. Caighdeán Gnóthachtála 91653: Scríbhneoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise. - Ní mór don scoláire 400 focal ar a laghad a scríobh i Maorais ar thopaic amháin. Bíonn rogha topaicí aige ó réimse arna chur ar fáil sa scrúdú scríofa. Bhí cúig thopaic ónarbh fhéidir roghnú sna scrúduithe in 2021 agus 2022. Sa scrúdú in 2022, mar shampla, ceanglaíodh ar an scoláire ceachtar acu de scéal miotasach nó insint a scríobh; litir fhoirmiúil; aiste faoi shaincheist shóisialta; aiste faoi ghnásanna athraitheacha; nó straitéis chun cluiche Maorach a fhorbairt. Áiríodh liosta focal ar an bpáipéar (i Maorais agus i mBéarla) mar leideanna i gcás roinnt de na topaicí. Ní mór don scoláire scríobh i Maorais amháin.
Fad an scrúdaithe/na scrúduithe	60 nóiméad ³⁵
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	I dteannta leis na treoirínte curaclaim cuimsitheacha le haghaidh theagasc agus foghlaim na Maoraise, foilsíonn an Aireacht Oideachais réimse acmhainní ar líne , cuir i gcás pleananna ceachta - bailiúchán d'ábhair don mhúinteoir agus don scoláire atá ceaptha chun tacú le gach ceann de na hocht leibhéal den churaclam; scéalta scoile de smaointe agus cineálacha cur chuige i leith theagasc agus foghlaim na Maoraise a úsáideadh chun cuidiú le gnóthachtáil an scoláire a

³⁵ [Tautuhinga 2024 - Level 3 Te Reo Māori \(nzqa.govt.nz\)](#)

	fheabhsú; agus acmhainní chun tacú le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora. Cuireann an Aireacht an chatalóg dar teideal ‘Down the Back of the Chair’ ar fáil freisin, is catalóg ar líne d’acmhainní teagaisc agus foghlama le haghaidh scoileanna, mar aon le suíomh gréasáin Kauwhata Reo chun tacú leis an ngá atá ann níos mó ná riamh d’acmhainní Maoraise atá ar fáil agus inrochtana ar aon ardán lárnach amháin. Tá sé sin ceaptha d’úsáideoirí uile na Maoraise, beag beann ar a n-inniúlacht teanga. Bhí forbairt shuíomh gréasáin Kauwhata Reo ar cheann de na gealltanais a tugadh sa Straitéis don Mhaorais san Oideachas. I gcomhréir leis sin, tá an Rialtas ag tacú leis an méadú ar sholáthar na Maoraise i múinteoirí oideachais freisin, m.sh. trí scoláireachtaí agus dámhachtainí don oiliúint. Le haghaidh múinteoirí, foilsíonn Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) tuarascálacha measúnaithe ar na scrúduithe scríofa (m.sh. i gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91652: Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise) Leis na tuarascálacha sin, déantar achoimre ar na caighdeáin ghinearálta a ghnóthaítear agus sainaithnítear aon réimse a bhfuil aghaidh le tabhairt air sa teagasc agus san fhoghlaim amach anseo. Foilsíonn NZQA sceidil/critéir mheasúnaithe freisin (féach ‘Tuirisciú’ thíos), mar aon le hiarpháipéir agus scrúduithe digiteacha samplacha (is inrochtana ar thairseach cosanta ag pasfhocal) ar féidir leis an múinteoir agus an scoláire araon iad a úsáid.
Tuirisciú	Tuiriscítear na gráid ar cheann amháin de cheithre leibhéal: Gan Ghnóthachtáil, Gnóthachtáil, Gnóthachtáil le Tuillteanas, Gnóthachtáil le Barr Feabhais I gcás measúnuithe seachtracha, foilsíonn Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) na scoithscóir le haghaidh gach leibhéil gráid. I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91652: Léitheoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, in 2023, bhí 24 mharc ar fáil agus ba iad seo a leanas na scoithscóir: • 0-7 marc: Gan Ghnóthachtáil • 8-12 marc: Gnóthachtáil • 13-18 marc: Gnóthachtáil le Tuillteanas • 19-24 marc: Gnóthachtáil le Barr Feabhais I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91653: Scríbhneoireacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, in 2023, bhí 8 marc ar fáil agus ba iad seo a leanas na scoithscóir: • 0-2 marc: Gan Ghnóthachtáil • 3-4 marc: Gnóthachtáil • 5-6 marc: Gnóthachtáil le Tuillteanas • 7-8 marc: Gnóthachtáil le Barr Feabhais

4. Scileanna labharthachta

Leid ghrinnschrúdaithe:

Cén chaoi a bhforbraítear scileanna labharthachta na Maoraise i gcaitheamh na dtrí bliana den fhoghlaím don NCEA?

Leis na Caighdeáin Ghnóthachtála don Mhaorais sa churaclam Béarla ar leibhéal an mheánoideachais shinsearaigh (Leibhéil 6-8 de Churaclam na Nua-Shéalainne, is coibhéiseach leis na trí bliana den fhoghlaím don NCEA), léirítear an fhorbairt a dhéantar ar scileanna labharthachta an scoláire i gcaitheamh na dtrí bliana sin agus i gcaitheamh na Leibhéil sin, mar a leanas:

Ar Leibhéal 6, is é rud a dhéanfaidh an scoláire:	Ar Leibhéal 7, is é rud a dhéanfaidh an scoláire:	Ar Leibhéal 8, is é rud a dhéanfaidh an scoláire:
scileanna agus straitéisí cumarsáideacha a fhorbairt chun eolas, smaointe agus tuairimí simplí a chur i láthair agus a mhalartú i réimse cásanna intuartha	scileanna cumarsáideacha a fhorbairt chun eolas, smaointe agus tuairimí a chur i láthair agus a mhalartú ar bhealach níos mionsonraithe	scileanna cumarsáideacha a fhorbairt chun eolas, smaointe agus tuairimí a eagrú go héifeachtach agus idirghníomhuithe a choimeád ag imeacht le daoine eile, oiriúnú a dhéanamh do chásanna nach bhfuil chomh intuartha céanna

Foinse: an [mhaitrís foghlama](#)

Faoi Leibhéal 8, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire labhairt i Maorais i réimse comhthéacsanna difriúla agus chun críoch difriúil, m.sh. ar mhaithe le cur ar an eolas, cur ina luí agus siamsa a dhéanamh, ag díriú ar shaincheistanna ar leibhéal sochaíoch, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé ar a chumas a léiriú go bhfuil sé in ann smaointeoireacht níos doimhne a chur in iúl trí bhíthin fiosrú, taighde, meastóireachta agus cruthaitheachta.

Ar Leibhéal 8, déantar an scoláire a mheas bunaithe ar cháilíocht a chuid cainte, lena n-áirítear an chaoi a n-úsáideann sé teanga chun:

- eolas, smaointe agus tuairimí a chur in iúl
- tuairimí a thabhairt a bhfuil bonn cirt leo, ach úsáid a bhaint as fianaise thacúil ábhartha chun argóintí a fhorbairt ar bhealach smachtaithe agus comhtháite
- smaointe a cheangal agus a fhorbairt ach úsáid a bhaint as míniúcháin, mionsonraí ábhartha agus samplaí ar bhealach tomhaiste dea-phleanáilte
- gnéithe teanga is oiriúnach don tasc a úsáid go tomhaiste agus go sciliúil chun aird an spriocphobail a choinneáil
- labhairt go soiléir agus os ard ach úsáid a bhaint as fuaimniú, béim, rithim agus tuin chainte nádúrtha
- labhairt go muiníneach gan sosanna móra

- úsáid a bhaint as roinnt comharthaíocht choirp chuí, cuir i gcás amharc sa tsúil, gothaí láimhe, gluaiseacht, nó iontonú le go mbeadh sé spéisiúil a bheith ag labhairt
- an teanga a úsáid go cruinn.

I gcás na labhartha, tugtar an méid seo a leanas le fios leis na [Treoirínte Curaclaim maidir le Teagasc agus Foghlaim na Maoraise i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla](#):

Ag deireadh Leibhéal 6, is féidir leis an scoláire:	Ag deireadh Leibhéal 7, is féidir leis an scoláire:	Ag deireadh Leibhéal 8, is féidir leis an scoláire:
• comhráite níos faide a thosú agus a choimeád ag imeacht i gcomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon • tascanna a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí, mar shampla, le linn aiseolas píaraí a roinnt maidir le píosáí scríbhneoireachta • cainteanna gearra a thabhairt i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach orthu a bhaineann leis an am atá thart agus leis an am i láthair • úsáid a bhaint as fuaimniú, béim, rithim agus tuin chainte chuí	• úsáid a bhaint as an Maorais chun siamsa a dhéanamh agus cur ina luí mar aon le cur ar an eolas • comhráite a thosú agus a choimeád ag imeacht i Maorais • cainteanna a thabhairt ar réimse topaicí i réimse comhthéacsanna • úsáid a bhaint as fuaimniú, tuin chainte, rithim agus béim chuí	• comhráite a thosú agus a choimeád ar siúl • cainteanna a thabhairt ar réimse topaicí i réimse leathan comhthéacsanna • réimse leathan de chineálacha téacs labhartha a ghiniúint, idir théacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla • téacsanna labhartha a oiriúnú le go mbeidh siad fóirsteanach do chineálacha éagsúla lucht éisteachta agus cuspóirí • úsáid a bhaint as an Maorais chun siamsa a dhéanamh agus cur ina luí mar aon le cur ar an eolas

5. An Bhéaltriail

Ní ann d'aon bhéaltriail don Mhaorais. Déantar an scoláire a mheas go himmheánach i gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91651 - Labhairt i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise. Féach Cuid 6 thíos.

6. Úsáid na bpunann

Déantar trí cinn de na [Caighdeáin Ghnóthachtála](#) don Mhaorais a mheas trí bhíthin measúnú inmheánach modhnaithe (91650 [Éisteacht i Maorais], 91651 [Labhairt i Maorais], agus 91654 [Cáipéisí úsáideacha a chruthú i Maorais]). Is é rud atá i gceist leis sin ná fianaise a bhailiú, a bhféadfaí na nithe seo a leanas a chuimsiú léi, ach gan a bheith teoranta dóibh: tasc fada, mionstaidéar, fianaise dhigiteach (cuir i gcás agallaimh thaifeadta, blaganna, grianghraif nó scannán) nó punann fianaise.

Níl gá le himeacht measúnaithe ar leith le haghaidh gach caighdeáin. Is féidir an measúnú a chomhtháthú in aon ghníomhaíocht amháin ina mbailítear fianaise i dtreo dhá nó trí chaighdeán dhifriúla ó chlár foghlama. Is féidir fianaise a bhailiú le himeacht aimsire ó réimse gníomhaíochtaí nasctha (i bpunann, mar shampla). Leis an gcur chuige sin is féidir an t-ualach oibre a bhaineann leis an measúnú a laghdú don scoláire agus don mhúinteoir araon.

Struchtúr na punainne	I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91650 - Éisteacht i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, ba cheart fianaise ar dhá thasc éisteachta ar a laghad a bhailiú. Is é rud atá i gceist leis na tascanna ná éisteacht leis an Maorais ó réimse comhthéacsanna éagsúla agus ó chineálacha éagsúla téacs ó réimse topaicí nach bhfuil a oiread céanna cur amach orthu agus tuiscint a léiriú ar an úsáid Maoraise sin. Féadfaidh fad gach téacs éisteachta a bheith difriúil, ach níor cheart gur lú é ná cúig nóiméad. Freagraíonn an scoláire i mBéarla, rud a ligeann dó leibhéal tuisceana níos doimhne a léiriú. Ba cheart go mbeadh comhthéacs agus cuspóir gach taisc difriúil chun ligean don scoláire fianaise leormhaith a chur ar fáil ar a inniúlacht ar an Maorais labhartha a thuiscint. Tá coinne leis go léireodh an scoláire a inniúlacht ar éisteacht leis an Maorais labhartha ó chomhthéacsanna a ghabhann níos faide ar aghaidh ná a chuid eispéireas láithreach agus tuiscint chuimsitheach a léiriú ar Maorais sin; agus go léireodh sé a inniúlacht ar smaointe, dearcthaí agus tuairimí a fhiosrú seachas na cinn siúd atá aige cheana féin. Ceanglaítear air éisteacht leis an Maorais ar feadh tréimhse mharthanach ama; an príomheolas/na príomhsmaointe i gcomhthéacsanna nach bhfuil a oiread céanna cur amach aige orthu a shainaithint; idirdhealú a dhéanamh idir fíorais agus tuairimí; rúin le cur ina luí agus/nó tionchar a imirt a aithint; an fhreagairt is oiriúnaí a roghnú agus tacú lena rogha maille le fianaise ón téacs; agus brí foclóra agus gnéithe teanga suas le Leibhéal 8 den churaclam agus an Leibhéal sin san áireamh a aithint. I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91651 - Labhairt i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, ba cheart fianaise chlosamhairc thaifeadta ina bhfuil dhá phíosa cainte ar a laghad a bhailiú, agus leis sin ní mór an deis a thabhairt don scoláire chun an teanga a léiriú i gcomhthéacsanna éagsúla agus le haghaidh réimse cuspóirí. Déantar an scoláire a mheas bunaithe ar a mhuiníní agus a éifeachtaí a úsáideann sé an Mhaorais ó réimse topaicí ón saol nach bhfuil a oiread céanna cur amach aige air, is é sin, topaicí a ghabhann níos faide ar aghaidh ná a chuid eispéireas láithreach pearsanta. Ba cheart a léiriú lena chuid cainte gur féidir leis smaointe a chur in iúl bunaithe ar thaighde agus meastóireacht, agus ba cheart an inniúlacht atá ann a bheith cruthaitheach (ó thaobh na teanga nó an inneachair de) a léiriú tríd sin freisin. Ba cheart gurb ionann an dá phíosa fianaise cainte agus méid ama iomlán cúig nóiméad ar a laghad agus iad curtha le chéile agus ní mór iad a bhailiú agus a stóráil go digiteach.
-----------------------	---

	I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91654, Cáipéisí úsáideacha a chruthú i dteanga idirnáisiúnta na Maoraise, ba cheart fianaise ar dhá phíosa téacs chruthaithe ar a laghad i Maorais, agus cineál difriúil téacs ag baint le gach ceann díobh (m.sh. tuarascálacha taighde, gearrscéalta, agus téacsanna áititheacha) a bhailiú. Déantar an scoláire a mheas bunaithe ar a éifeachtaí atá sé in ann píosa scríbhneoireachta a chruthú ar réimse topaicí ón saol nach bhfuil a oiread céanna cur amach aige air. Is é 600 focal an treoirlíne íosta a mholtar ar fud an dá phíosa fianaise scríofa, agus féadfar na téacsanna críochnaithe a chur i láthair i bhfoirm leictreonach nó iad a scríobh de láimh. Ní mór don scoláire a thaispeáint go bhfuil sé in ann teanga a úsáid chun siamsa a dhéanamh agus cur ina luí mar aon le cur ar an eolas, agus ní mór dó roinnt fianaise ar mhachnamh, anailís, meastóireacht nó cruthaitheacht a léiriú. Ceanglaítear go ndéanfar píosaí oibre uile an scoláire, lena n-áirítear pleananna, dréachtaí agus píosaí deiridh scríbhneoireachta, a chur isteach chun críoch measúnaithe agus modhnaithe. I gcás gach ceann de na trí Chaighdeán Gnóthachtála, ní mór cuspóirí measúnaithe Leibhéal 8 a bhaint amach leis na tascanna/an fhianaise.
Ualú na marcanna	Maidir le Caighdeán Gnóthachtála 91650, lena mbaineann éisteacht le héagsúlacht de théacsanna Maoraise labhartha ó réimse topaicí nach bhfuil an oiread sin cur amach orthu, agus tuiscint a léiriú ar na téacsanna céanna, is ionann é agus 4 chreidiúint NCEA. Maidir le Caighdeán Gnóthachtála 91651, lena mbaineann an Mhaorais a úsáid chun labhairt i réimse comhthéacsanna agus le haghaidh cuspóirí éagsúla ón saol nach bhfuil a oiread céanna cur amach air, is ionann é agus 6 chreidiúint NCEA. Maidir le Caighdeán Gnóthachtála 91654, lena mbaineann scríbhneoireacht a dhéanamh sa Mhaorais i réimse comhthéacsanna agus le haghaidh cuspóirí éagsúla ón saol nach bhfuil a oiread céanna cur amach air, is ionann é agus 6 chreidiúint.
Arna scrúdú go hinmheánach/seachtrach	Déantar na measúnuithe inmheánacha a mhodhnú agus ní mór an acmhainn mheasúnaithe inmheánach iomlán a chur ar fáil chun críoch modhnaithe. I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91650, ní mór do scoileanna na téacsanna/sleachta éisteachta a chur ar fáil (bíodh siad sin ina dtras-scríbhinní, taifeadtaí nó an URL le haghaidh gach taisc); mar aon le sceideal na measúnuithe – arna fhorbairt ina iomláine leis na freagraí a bhfuil coinne leo ón scoláire le haghaidh gach leibhéal gnóthachtála; agus fianaise an scoláire le haghaidh dhá thasc éisteachta.

	I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91651, ní mór an dá phíosa fianaise labhartha ón scoláire a thaifeadh/scannánú go físiúil in aon téic aonair amháin agus iad a stóráil chun críoch modhnaithe. I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91654, ba cheart dhá phíosa scríbhneoireachta, agus cineál difriúil téacs ag baint leis an dá cheann, a chur ar fáil lena modhnú. Le linn do mhúinteoirí an dá phíosa scríbhneoireachta a mheas, níor cheart dóibh déanamh amhlaidh ceann ar cheann ach ina ionad sin mar aon phíosa oibre amháin.
Tacaíochtaí (m.sh. tacaíochtaí curaclaim agus measúnachta; tacaíochtaí don chóras níos leithne, m.sh. tionscnaimh rialtais, maoiniú, FGL, acmhainní srl.)	I dteannta leis na tacaíochtaí ar tarraingíodh aird orthu i gCuid 3 thuas, cuireann an Aireacht Oideachais acmhainní measúnaithe ar fáil chun cuidiú le múinteoirí agus iad ag meas obair an scoláire go himheánach. Áirítear orthu sin samplaí d'fhianaise ar ghnóthachtáil an scoláire ar gach ceann de na leibhéil ghnóthachtála 'Gnóthachtáil', 'Gnóthachtáil le Tuillteanas', agus 'Gnóthachtáil le Barr Feabhais' agus treoraíocht maidir le 'dálaí measúnaithe'. Foilsíonn an Aireacht liostaí d'fhocail ardmhinicíochta freisin chun tacú le múinteoirí agus foghlaiméoirí. I gcás Chaighdeán Gnóthachtála 91650, 91651 agus 91654, foilsíonn Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) eiseamláirí anótáilte le haghaidh múinteoirí. Is sleachta iad sin as fianaise an scoláire lena mínítear na príomhchodanna de chaighdeán agus atá beartaithe le cuidiú le múinteoirí breithiúnais mheasúnaithe a dhéanamh ag teorainneacha gráid.
Tuairisciú	Maidir leis na gníomhaíochtaí le haghaidh measúnú inmheánach, bíonn siad ar siúl/taifeadtar iad i rith na bliana. Is iad na tascanna siúd a mheastar le haghaidh grád iomlánaíoch deiridh an scoláire i gcás gach ceann de Chaighdeán Ghnóthachtála 91650, 91651 agus 91654 agus an dá cheann siúd lena léirítear an dá thoradh is fearr dár bhain an scoláire amach. Is iad na múinteoirí a chinneann na gráid deiridh ach a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid bunaithe ar scrúdú iomlánaíoch ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil in aghaidh na gcritéar sa Chaighdeán Gnóthachtála. Tuairiscítear na gráid ar cheann amháin de cheithre leibhéal: Gan Ghnóthachtáil, Gnóthachtáil, Gnóthachtáil le Tuillteanas, Gnóthachtáil le Barr Feabhais.

7. Úsáid na dtéacsanna

Leid ghrinnscrúdaithe:

An úsáidtear an téarma 'téacs' sna cáipéisí curaclaim agus más amhlaidh, cén chaoi a sainmhínítear an téarma iontu chun tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochta? Cén chaoi a dtacaítear le foghlaim agus teagasc na Maoraise sna téacsanna ar bhonn níos leithne?

(I gcomhthéacs na Gaeilge, baineann brí leathan leis an téarma ‘téacs’, m.sh.: filíocht, gearrscéalta, úrscéalta, irisí taistil, dírbheathaisnéisí, scannánaíocht, amhránaíocht, drámaíocht, téacsanna ilmhódacha, srl. D’fhéadfadh píosa oibre arna choimeád/arna chruthú ag scoláire a bheith i gceist le téacs freisin, m.sh.: aiste, díospóireacht, freagairt phearsanta, iontráil punainne, cur i láthair, srl.)

Maidir le téacsanna, mar a shainmhínítear iad sna [Treoirlínte Curaclaim maidir le Teagasc agus Foghlaim na Maoraise i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla](#), is féidir iad a bheith labhartha, scríofa nó físiúil. Sainmhínítear cineálacha téacs sna treoirlínte mar a leanas:

*Baineann na patrúin shainiúla is féidir a aithint i dtéacsanna labhartha agus scríofa le cuspóirí sonracha maidir le labhairt nó scríobh agus tagraítear dóibh mar chineálacha téacs nó seánraí. Bíonn struchtúr agus gnéithe is sainchomharthaí ag gach cineál téacs, rud a chuireann lena chuspóir a bhaint amach agus a mheallann a spriocphobal beartaithe. Baineann cineálacha uathúla téacs le teangacha áirithe mar aon le cinn a bhaineann le teangacha eile freisin. Áirítear ar chineálacha téacs scríofa: litreacha pearsanta agus gnó, foirmeacha, lámhleabhair agus léirmheasanna. Áirítear ar chineálacha téacs labhartha: réamhaisnéisí aimsire, léachtaí, tráchtareachtaí spóirt agus feasacháin nuachta. Féadfar a áireamh ar chineálacha téacs fhísiúil: feidhmíocht, íomhánna socra, suíomhanna gréasáin, comharthaí agus siombailí, teilifís agus meáin eile. Baineann cineálacha áirithe téacs le pobail áirithe go sonracha agus baineann tábhacht chultúrtha leo. Dá réir sin, áiríonn pobail na Maoraise *whaikōrero*³⁶ ar chineálacha téacs labhartha, mar shampla.*

Cuirtear i láthair sna treoirlínte curaclaim freisin samplaí roghnaithe de chineálacha téacs, i gcás na gcuspóirí gnóthachtála ar gach leibhéal den churaclam, arna roghnú dá ábhartha atá siad maidir leis na cuspóirí gnóthachtála. Áirítear orthu sin cineálacha téacs a bhaineann go sonracha leis an Maorais, mar shampla, amhráin agus doird Mhaoraise thraidisiúnta, agus paidreacha, mar aon le samplaí de théacsanna scríofa níos ginearálta, cuir i gcás teachtaireachtaí ríomhphoist agus liostaí siopadóireachta, agus téacsanna labhartha cuir i gcás fógraí agus comhráite. Tá coinne leis go gcuirfidh múinteoirí leis na téacsanna samplacha le cinn eile atá ábhartha dá scoláirí.

Ar leibhéal 8, is iad na cineálacha téacs féideartha samplacha sna treoirlínte curaclaim ná paidreacha; nathanna cainte; amhráin agus doird Mhaoraise thraidisiúnta; seanráite; seanfhocail; fógraí rangaithe; greannáin; úrscéalta grafacha; cartúin; cuir i láthair ríomhchuidithe; díospóireachtaí; téacsanna drámata; scannáin agus cuir i láthair is físeáin; litreacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla; malartuithe comhráiteacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla; graif agus táblaí; irisí agus nuachtáin; úrscéalta; dánta; ábhar bolscaireachta agus fógraíochta (cuir i gcás, físeáin, CDanna, clúdaigh leabhair, póstaeir); ceistneoirí; tuarascálacha; gearrscéalta; amhráin; cainteanna; léirmheasanna teilifíse, scannánaíochta, amharclannaíochta, leabhair agus taispeántais; agus cláir theilifíse agus raidió.

Le [cuspóirí gnóthachtála Leibhéal 8](#) don Mhaorais sa churaclam, tagraítear do réimse leathan téacsanna, cuir i gcás scéalta/gearrscéalta, agallaimh theilifíse/feasacháin nuachta, craolacháin fuaime/raidíó/drámaí raidíó, míreanna nuachta/tuairiscí nuachtáin, tuarascálacha taighde, irisí, fógraí,

³⁶ caint/óráidíocht/aitheasc foirmiúil

amhráin Mhaoraise/dánta traidisiúnta is amhráin, scannánaíocht, insintí gearra ó bhéal/óráidí/sleachta labhartha nó taifeadta, litríocht, nuachtáin, agus físeáin agus DVDanna.

Féadfar a áireamh ar théacsanna arna gcruthú ag an scoláire agallaimh (ó bhéal agus ar pár, m.sh. nuachtáin), ráitis scríofa, cuir i láthair ilmheán/ríomhchuidithe, fógraí, craolacháin raidió/drámaí raidió, iontrálacha dialainne, litreacha, agus léirmheasanna leabhair/scannáin.

8. Úsáid na teicneolaíochta

Leid ghrinnscrúdaithe:

Cén ról atá ag an teicneolaíocht maidir le tacú leis an scoláire a scileanna Maoraise mar theanga dhúchais a fhorbairt?

Leis na [Treoirínte Curaclaim maidir le Teagasc agus Foghlaim na Maoraise i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla](#), áirítear treoraíocht maidir le teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide a úsáid chun an Mhaorais a theagasc agus a fhoghlaim. Tarraingítear aird sa treoraíocht sin, mar shampla, ar an gcaoi ar féidir le múinteoirí poist éisteachta a chruthú chun cur ar chumas a scoláirí a bhfuaimniú a chleachtadh ar mhaithe le cuspóir barántúil, amhail cur i láthair pleanáilte; an chaoi ar féidir le scoláirí taifeadtaí fuaime agus físe a ionchorprú sna punanna oibre a chruthaíonn siad chun athbhreithniú, monatóireacht agus ceiliúradh a dhéanamh ar a gcuid gnóthachtála le himeacht aimsire; agus an chaoi ar féidir leis an idirlíon scoláirí agus múinteoirí Maoraise i scoileanna difriúla ar fud na Nua-Shéalainne a nascadh. Trí bhithin na ngníomhaíochtaí sin, agus leis na scoláirí de bheith ag cruthú blaganna agus suíomhanna gréasáin agus ag baint úsáid as ríomhphost agus Skype, mar shampla, chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile sa Mhaorais, agus le múinteoirí de bheith ag úsáid na teicneolaíochta ar mhaithe leis an bhforbairt ghairmiúil agus comh-mhalartú smaointe agus acmhainní, bíonn deiseanna ag múinteoirí agus scoláirí araon le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí lena mbaineann an réimse iomlán de scileanna éisteachta, léitheoireachta, amhairc, labhartha, scríbhneoireachta agus cur i láthair.

Tugtar le fios sna treoirínte freisin gurb éifeachtaí a bhíonn ábhar digiteach nuair a dhéantar é a leabú i gclár foghlama atá ann cheana; nuair a thacaítear leis le heispéiris ábhartha as líne; nuair a roghnaítear de réir riachtanais agus spéiseanna an fhoghlaimeora é; nuair a thacaítear leis le teagasc éifeachtach; nuair a úsáidtear in éineacht le hábhar digiteach agus eispéiris foghlama ábhartha eile é; agus nuair a oibríonn foghlaimeoirí go comhoibríoch.

Tá na measúnuithe seachtracha/scrúduithe scríofa le haghaidh Chaighdeán Ghnóthachtála 91652 agus 91653 don Mhaorais ar fáil i bhformáid dhigiteach/ar líne agus i bhformáid páipéir araon.

5. Tagairtí

Ginearálta

